3 1761 07833684 9

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

Digitized by the Internet Archive
in 2010 with funding from
University of Toronto

http://www.archive.org/details/seanmirmuigh03stpa

Seanmóirí

Seanmóirí Muiże Nuaḋaḋ,

do tógaḋ

ar na Láiṁrcṁíḃinniḃ i Leaḃarlann ṁóir an Choláiste:

Iar n-a n-aiṫrcṁíoḃaḋ agus iar n-a gcur i n-eagar ag na macaiḃ-léiżinn do Chonnraḋ Chuilm Naoṁṫa.

An tREAS IMLEAḂAR.

"Do ċum Glóire Dé agus Onóra na hÉireann."

Áṫ Cliaṫ:
M. H. Gill agus a Ṁac, Teor., Sráid Ui Chonaill.
1908.

LIBR
15
JUL
1976
OF TORONTO
ITY

BX
1756
A2 S43
1906
imleabar 3

Nihil Obstat :

AN T-ATAIR LIAM DE LUNDRA,

Censor Theol. Deput.

Imprimi Potest :

✠ GULIELMUS,

Archiep. Dublin.

Hiberniae Primas.

Dublini die 20ma Maii, 1908.

This is the third volume of Irish Sermons which has been published by the studentsof the League of St. Columba, in Maynooth. They have been faithfully copied from the Irish MSS. preserved in the College Library; and as the sermons contained in these were composed by men from all parts of the country, by priests from Connaught, East Munster, West Munster, and Ulster, they are especially valuable as illustrating the peculiar idioms and usages of the different provinces. They are valuable, too, because they were composed at a time when Irish was the ordinary language of the people and priests, and when, therefore, the Irish idiom and literary form were comparatively speaking uninfluenced by English modes of thought and speech...

There is, generally speaking, no indication of the name of the author, or of the date or of the place in which they were composed, but from the language and idiom it is clear that the second sermon (Ar an Urnaighe) was written by a native of East Ulster; the sixth (Ar Phurgadóir), ninth (Togbháil na Maighdine Muire), and probably the tenth (Ar an mBás) by a Connaught or Ulster preacher; the eighth (Naomh Pheadar agus Naomh Pól) by a n native of the Decies, while the remainder are probably of Munster origin. The editors were anxious to give an account of the authors, but they had not the necessary information, and should feel obliged to any of the readers who would assist them with information on this subject. They would embody it in the fourth and last volume which they hope to publish early next year. They hope, too, when the whole series is complete to publish, for the convenience of their readers, a short vocabulary giving an explanation of the more usual words contained in the four volumes.

The sermons contained in the present volume deal with such subjects as Prayer, The Paraclete, Penance, The Sunday, Purgatory, Restitution, Nativity of the Blessed Virgin Mary, Death, and Judgment, while the last is a short panegyric on the life and labours of St.Columbanus. Glancing over the pages one could not fail being struck at the abundant use of the Scriptures, of the Old Testament as well as the New, made by the preachers. Were there no other proof this series of sermons would in itself be sufficient to prove that the Catholic clergy in Ireland at the end of the eighteenth and beginning of the nineteenth century were remarkably well versed in Scriptural lore, so well, in fact, that we doubt very much if we could find their equals even among the ablest preachers of to-day. This is in itself a very important testimony to the state of education among the Irish clergy at a time when for many reasons we should not have expected a very high standard. The clearness, arrangement, and sound theological principles displayed in the treatment of the various subjects are also worthy of serious attention and of imitation.

This series of sermons is a testimony to the warm interest taken in the Irish movement by the students of Maynooth College, and not alone to their interest but to their anxiety to help the movement by sound practical work. Nor should we forget that the Maynooth Union generously supplied the funds for the publication. If for no other reason the students of Maynooth ought to be proud of their Union.

- J. MacC. *Ir. Eccles. Record*, ser 4 (24) (1908) 556-8.

Réaṁ-Ráḋ.

Aduḃraḋ anuṗaiḋ liḃ, a léiġṫeoiṗí, naċ mbéaḋ le ṗaġḃáil agaiḃ aċt aon imleaḃaṗ aṁáin eile de "Seanmóiṗí Muiġe Nuaḋad." Tá oċt ṗeanmóiṗí gan cló-ḃuailead againn ṗór, agus mearamaid náṗ ṁiṗde an obaiṗ do ċṗíoċnuġaḋ ó ṫáṗla áṗ láṁ innte, agus iad do ḃailiuġaḋ i gceann a ċéile i leaḃaṗ eile coṁ luaṫ agus iṗ ṗéidiṗ é. Ba ṁaiṫ linn geaṗṗ-ċunntaṗ aṗ na huġdaṗaiḃ do ċuṗ i n-éinṗeaċt leo, aċt, ċuige ṗin, ṫeaṗtóċaḋ congnaṁ uainn ó aoinneaċ a ḃṗuil eolaṗ aige aṗ a mbeaṫaiḋ nó aṗ a gcuid raoṫaiṗ. Béimid an-ḃuiḋeaċ aṗ ṗon aon ċaḃaiṗ do-ḃéaṗṗaṗ dúinn, dá laiġead í.

Muiṁniġ do ċuiṗ aṗ ċaiṗt ṗuṗṁóṗ na ṗeanmóiṗ ṗeo, aċt do cumaḋ cuid aca i n-Ulṫaiḃ nó i gConnaċṫaiḃ. Ní ṗuil luaḋ ná iomṗáḋ ṗan láṁṗgṁíḃinn aṗ uġdaṗ ná aṗ aimṗiṗ na daṗa ṗeanmóiṗe, aċt ní ṗuil aon aṁṗaṗ ṗá n-a háit .i. Oiṗṫeaṗ Ulaḋ. (Támaid lán-ḃuiḋeaċ de Seoṗaṁ Laoide do ċuiṗ ṗin i n-iúl dúinn). Ulṫaċ nó Connaċṫaċ do ċum Seanmóiṗ a Sé agus Seanmóiṗ a Naoi agus Seanmóiṗ a hOċt. Muna mbéaḋ go ṗaiḃ a ṗgṁíḃinn ṗéin againn, ní ḃéaḋ ṗnaṗ a ċanaṁna coṁ ṗoiléiṗ le ṗeicṗin ann iṗ atá.

Gaeḋealg ḃinn ḃlaṗta iṗ eaḋ Gaeḋealg an leaḃaiṗ ṗeo. Ní abṗóċamaiṗ go ḃṗuil móṗán loċt uiṗṫe, aċt, aṗ dóiġ aṗ biṫ tuigṫeaṗ gur ab í caint an uġdaiṗ ṗéin í, agus naċ ndeaṗṗnamaṗ-ne baint dí ná cuṗ léiṫe aċt i gcoṗṗ-áit annṗo agus annṗúd. Tá ṗlaḃṗaiḋe [ ] ṗá gaċ ṗocal do ċuiṗeamaṗ iṗteaċ.

Naċaḋ cló-loċt ṫaṗ an té iṗ géiṗe ṗúil, agus ba ṁaṗ ṗin dúinne léiṗeoċamaid i n-a lán-ċeaṗt i n-imleaḃaṗ a Ceaṫaiṗ cibé ṗocal ṗeaċṗánaċ atá inṗ na tṗí himleaḃṗaiḃ atá cuṗṫa amaċ ċeana—ṗlán. beo ḃéaṗ ṗinn.

Níoṗ ḋual Gaeḋil dúinn gan áṗ móṗ-ḃuiḋeaċaṗ do ġaḃáil le Cóṁ-luċt Muiġe Nuaḋad do ḃṗonn ṗuim ṁaiṫ aiṁgid oṗainn anuṗaiḋ ċum coṗdaṗ an daṗa imleaḃaiṗ do ḋíol. Obaiṗ uaṗal naoṁṫa atá déanta aca aṗ ṗon an Ċṗeidiṁ agus aṗ ṗon na Gaeḋilge.

Na hEaġaṗṫóiṗí

Coláiṗde Muiġe Nuaḋad,
Lá ṗéile Pádraig, 1908.

Clár an Leabair anso síos.

		Leaṫanaċ.
Seanmóir	I.—An Tuirre agus an Sólár -	1
„	II.—Ar an Urnaiġe - - -	27
„	III.—An Coṁḟurtuiġṫeoir - -	36
„	IV.—Ar an Aiṫriġe - - -	59
„	V.—Ar an n'Doṁnaċ - - -	79
„	VI.—Ar Ṗurgadóir - - -	90
„	VII.—Aireag Coda na Coṁarran -	110
„	VIII.—Naoṁ Peadar agus Naoṁ Pól -	139
„	IX.—Tógbáil na Maiġdine Muire -	151
„	X.—Ar an mBár - - -	163
„	XI.—Ar Lá an Ṁreiṫeaṁnair - -	179
„	XII.—Oratio in Laudem Sancti Columbani - - -	187

Is trua ḋom muna ndéana mé an Soisgéal do ṡeanmóruġaḋ.

—1 Cor. ix. 16.

Agus cionnus ċreidfiḋ siad in san té naċ gcualadar teaċt ṫairis? Agus cionnus ċluinfiḋ siad gan seanmóntaiḋe?

—Róm. x. 14.

Déana an bhaṫair do ṡeanmóir; bí dúṫracṫaċ i n-am agus i n-an-am.

—2 Taḋg iv. 2.

Aċt is beannuiġṫe an dream éistear bhaṫair Dé agus ċoimḋéadar í

—Lúcás x. 28.

Seanmóirí Muiġe Nuaḋad.

Seanmóir a hAon.

An Tuirse agus an Sólás.[1]

[Don tríoṁaḋ Doṁnaċ tar éis na Cárga.]

Amen, amen dico vobis quia plorabitis et flebitis vos, mundus autem gaudebit; vos autem contristabimini, sed tristitia vestra vertetur in gaudium.

Goilbriḋ ṡiḃ agus caoiḋbriḋ ṡiḃ (ar Íosa Críosd le n-a ḋeisgiobalaiḃ, agus i n-a n-ainm ṡin le na ṗíṁéanaiḃ uile) an tan béas an saoġal ag déanaṁ Lúġáire agus gáirdeaċais; béiḋ siḃse ag déanaṁ doilġis agus dubṁóin, acht iompóċas ḃus ndoilġeas agus ḃus ndubṁón ċum aitis agus ṡólás.

(Bṁaṫṁa ár Slánuiġṫeoṁa ag Naoṁ Eoin ins an seisead caibidil déag agus ins an ḃṡiċeaḋ ṡann.)

Den uile ṗíṁnne do ṫeagasg agus do ċṁaoḃrgaoil Mac Dé ar talaṁ baḋ ḋeacair aon d'ḟaġḃáil i n-a measg ar ṡólásaiġe agus ar buntáistiġe do na ṗíṁéanaiḃ, agus ar an dtaoḃ eile, ar uaṫḃásaiġe agus ar míḃuntáistiġe do na peacṫaċaiḃ ná an ṗíṁnne seo do ṫairbeánas Soisgéal[2] an lae indiu ḋúinn. Óis ar mbeiṫ do Ṡlánuiġṫeois an doṁain ullaṁ ċum sgarṁain leis an saoġal tré n-a ḃás, do léig a ṡúile ar ḋá ċinéal daoine dá[3] ḃfuil an saoġal déanta suas .i.

[1] Murphy MSS., Vol. xlii., pp. 207-233. [2] súiḃsgéal, *passim*. [3] ḋona.

ar an maiṫ agus ar an olc, ar na firéanaiḃ agus ar na peacṫaċaiḃ. Ag breaṫnuġaḋ ar na peacṫaċaiḃ, ro an ċaor-ṫeintiḋe do rgaoil i n-a mearg agus d'fág mar oigreaċt aca: *Mundus gaudebit,* 'beiḋ an raoġal ag déanaṁ lúṫġáire' (Eoin xvi., 20). Aċt monuar! cad é gáirdeaċar, cad é lúṫġáir, cad é an ráraṁ é reo? Atá, lúṫġáir, gáirdeaċar, agus ráraṁ raoġalta do rgaireas mar an ngaoiṫ, do ṙleaṁnuiġeas uainn mar rgáil nó mar ṫaiḋḃre, agus i n-a ḋiaiḋ[4] reo, naċ dtaḃarfaiḋ[5] de ṫoraḋ leo ar feaḋ na ríorraiḋeaċta aċt éadóċas, pianta, deora, agus díorgaḋ fiacal. Aċt ag aṁarc ar na firéanaiḃ agus ar a ḋruing toġṫa[6] féin, ag reo an níḋ adubairt leó i bfeasrain na n-abrtal, a ċlann dílear ionṁain: "Ná bíoḋ eagla ná uaṫbár orraiḃ fán níḋ atáim le ráḋ liḃ, óir tuitfiḋ gaċ níḋ amaċ mar adeirim liḃ. Atáim ag rgarraṁain liḃ gan ṁoill ċum filleaḋ ar m'Aṫair; fágaim mar oiġreaċt agaiḃre im uaḋaċt mo ċror, m'anró,[7] agus m'inġreim; béiḋ buaiḋreaṁ agus dibirt dá ċur oraiḃ; do-ġeaḃaiḋ riḃ marla agus tarcairne; i n-aon focal, ní béiḋ in ḃur rliġe aċt trioblóidí, dólár, agus aṁgar. Aċt, meirneaċ! a ċlann ġráḋaċ, meirneaċ; imṫeoċaiḋ an buaiḋreaṁ agus an dólár gan ṁoill, agus tiocfaiḋ i n' áit ríoṫċáin ṁarṫannaċ, rólár firinneaċ, rólár iomṙlán ríorraiḋe naċ féidir le neaċ ar biṫ do ḃuain díḃ go bráṫ"—*tristitia vestra vertetur in gaudium, et gaudium vestrum nemo tollet a vobis* (Eoin xvi., 20, 22).

"Ó! a ḋaille," ar Naoṁ Aibirtín, ag maċtnaṁ ar an níḋ reo. "Ó! a neaṁ-ṁoṫuiġṫeaċt. Ó! a ḋíṫ céille

---

[4] ḋeáġ. [5] taḃarfar. [6] toġraḋ. [7] annróġaḋ.

na ndaoine nać fmuaineann ar fírinne ċoṁ táḃaċtaċ fo." Gidéaḋ, if mó go mór an daille, an neaṁ-ṁoḋuġaḋ agus an dít céille fmuaineaṁ uirṫe agus gan feidṁ do ḋéanaṁ ḋi, ná tofraḋ ar bit do ḃuain airte. "If fírinne ċinnte," ar an Naoṁ céadna, "gaċ a dteagarġtar dúinn inf an tSoifgéal, aċt ní mór go fmuaineann neaċ orṫa. If fuḃáilce fírinneaċ gaċ níḋ hórduiġṫear ḋúinn inf an tSoifgéal, aċt ní mór go leanann duine ar doṁan í. If féan fírinneaċ agus fonar gaċ níḋ dá ngeallfar dúinn inf an tSoifgéal, aċt ní mór go nglacann duine ar bit a ṫfiobloíd air féin iad do ṡaoṫruġaḋ"—*quidquid ibi docetur, veritas est; quidquid praecipitur bonitas, quidquid promittitur felicitas.* Má ḃíodar na trí neiṫe feo cóṁ-ċeangailte nó i n-éinḟeaċt fiaṁ inf an Sgríḃinn Ḋiaḋa, if i Soifgéal an lae indiu é.

Féaċaimíd, a ċríordaiḋṫe, cféad an níḋ d'órduiġear Íofa Críofd dúinn inf an tSoifgéal indiu. Órduiġear, a ḋearḃráiṫreaċa, deofa, tuirre, agus dubrón—*plorabitis et flebitis vos*; órduiġear foiġde agus fmaċtuġaḋ críordaṁail na colna—*quidquid praecipitur bonitas est.* Seo na fuḃáilcí d'órduiġeann fé ḋúinn do ṫaitiġe agus do leanṁain, ar ar[8] mian liom tráċt liḃ inf an gcéad foinn dem ċoṁráḋ. Cad é an níḋ ġeallar Íofa Críofd dúinn inf an tSoifgéal fo? Geallann dúinn go dtiofmóċaiḋ[9] na deofa fo fuar agus go n-iompóċaiḋ an tuirre feo ċum fóláir—*tristitia vestra vertetur in gaudium*; geallar fór dúinn go mbéiḋ an fólár fo ṫigear ón dólár buain-treafṁaċ

---

[8] A. [9] dtoifmeóig.

ríorraiḋe, ionnar nać féidir a ḃuain ḋínn go bráć—*et gaudium vestrum nemo tollet a vobis.* Seo fírinne ró-ṡólárać, reo fírinne ró-ṫáḃaćtać do ġeallar agus do ḋeiṁniġear dúinn, ar ar[10] mian liom labairt inr an dara roinn. Aćt ćum críoćnuġaḋ le toraḋ do ġlóire Dé agus lear anma do gać n-aon dá ḃfuil i láṫair, iarraimid congnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré eadarġuiḋe na Maiġdine Glórṁaire Muire, ag ráḋ Fáilte an Aingil.

An Ċéad Roinn.

Ní féidir neać ar biṫ do ṡáḃáil gan páirt do ḃeiṫ aige [le] Íosa Críosd. Ní féidir leis páirt do ḃeiṫ aige le Íosa Críosd gan sprioraid Íosa Ċríosd do ḃeiṫ go fírinneać aige. Ní féidir leis sprioraid Íosa Ċríosd do ḃeiṫ go fírinneać aige muna dtaćaiġiḋ[11] sé na ruḃáilcí ar mó do ġráḋuiġ agus do lean Críosd ar feaḋ a ḃeaṫa, agus go mór-ṁór an ćuid aca d'órduiġ dúinn go speisialta do leanṁain. Gideaḋ, ní féidir le duine ar biṫ na ruḃáilcí reo do ḃeiṫ aige gan foiġde ṁór do ḃeiṫ aige in gać aṁgar agus anisó ṫiocfar i n-a ṡliġe. [Ní féidir foiġde do ḃeiṫ aige ionnta so] muna nglacaiḋ iad go ponnṁar agus le gráḋ smaćtuġaḋ críosdaṁail do ḋéanaṁ ar a ćolainn—*plorabitis et flebitis vos, mundus autem gaudebit; vos autem contristabimini.*

An maiṫ leat a ḟior do ḃeiṫ agat cad é do ćáiliḋeaćt, cad é do ćinneaṁain nó do roinn, cad é d'iarraćt nó, má ḋeoiḋ, cad é an niḋ do ḋéanfar eidir-ḋealḃaḋ idir ṫú féin agus clann an draoġail, dár ab cáiliḋeaćt

[10] a. [11] dtaćuíġe.

a beiṫ ag iomlaiṫ i ṡólár, i n-aoibneas, agus i gcaiṫeaṁ aimsire? Is é, a ċríosdaiḋṫe, anṡó agus an ċrosc, deosa agus dubṡón. Is tré ġráḋ don anṡó, don ċrosc, agus don buaiḋreaṁ do ċosnuiġis is ċroiḋe gráṡa Íosa Ċríosd. An ṡeaḋ is béis ionnsaic ór a ċoṁais, an ṡaid is d'ṡéaċṡaiḋ [sé] osd mas a ṁac agus d'ṡéaċṡaiḋ tusa ais mas d'Aṫais, dí deasbṫa go mbéiḋ tú sá buaiḋreaṁ agus sá ḋólás; dí deiṁneaċ gus buaiḋisd agus anṡó an coṁasṫa as ṡeass gus ġlac sé leat mas ṁac, agus gus ṫoġ[12] tú ḋó féin—*plorabitis et flebitis vos.* Is níḋ deasbṫa é; is dliġe i nás b'ṡéidis siaṁ agus naċ ṡéidis go bráṫ do ġaisim tas n-ais.

Cruṫuiġeas Naoṁ Pól an ṡísinne seo ḋúinn i mbriaṫ-raiḃ so-ṫuigseana ins an dasa caibidil déag ċum na n-Eabraċ, mas a n-abais sé: *Quem enim diligit Dominus castigat, flagellat autem omnem filium quem recipit* (Eab. xii., 6). Óis ón am i n-a luiġeann[13] Dia súil as ḋuine ċum a ṁic do ḋéanaṁ ḋe tré ċoṁ-oibriuġaḋ a ġrás agus a ṫrócaire, tógas an t-am céadna a láṁ ċlí ór a ċionn ċum a smaċtuiġṫe, beisear ais i n-a ḋeas-láṁ ċum go mbéiḋ sé i n' oiġre as a ṫrócaire, agus i n-a ċoṁ-oiġre ag a[14] Ṁac; tógas, adeisim, a láṁ ċlí ór a ċeann ċum tsiobloiḋe agus buaiḋriṁ do ċus ais ċum a ġlanta agus a sgriosta ó ċeiṁeal agus ó smál na bpeacaiḋe, ag sulang le soiġde gaċ aiṫis, sgannail, agus anṡó as toil le Dia a ċus ais.

Is iongantaċ an t-eidis-ḋealbaḋ atá idis iomċas Dé agus iomċas aiṫreaċa agus máiṫreaċa an traoġail seo; óis gráḋaid aiṫreaċa agus máiṫreaċa an traoġail seo

---

[12] ṫóġaiḋ. [13] luiġeas. [14] aige na.

a gclann, ag díbirt gach uile níd uata do ċuirfeaḋ tríoblóid nó buaiḋreaṁ orṫa, ag foláṫar gach uile níḋ ḋóiḃ ar mó ḋéanfaḋ compórd agus fáraṁ ḋóiḃ, dá mbréagaḋ i n-a n-aoir óig le pógaḋ, le muirn[15] agus le haṁarc. Do-ḃeird toil ní h-é aṁáin dá mion-ḟeacaiḋiḃ, acht fós go ró-ṁinic dá mór-ċlaontaiḃ agus dá n-ainḟriantaċt[16]; i n-aon focal, ní ḃíonn d'imṙníoṁ orṫa acht ag fmuaineaṁ cad é an nóir i n-a mbeird leo fliġe-ḃeaṫa ċlúṁail do ṫaḃairt dóiḃ do réir a gcumair. Ní mar feo, a ḋearḃráiṫreaċa, do-ġníor Dia leir an gclainn do ṫoġar dó féin, acht fmaċtuiġeann ré an té ġráḋann ré, ar a ḟon gur mó a ġráḋ ḋóiḃ míle uair ná gráḋ aiṫreaċa agus máiṫreaċa an traoġail feo dá gclainn féin. Giḋeaḋ, d'aiṁḋeoin an ġráḋa naoṁṫa deaġ-órduiġṫe feo atá aige ḋóiḃ, ionnfuiḋear agus táftálar iad le buaiḋreaṁ agus le hanró, agus inr an am gcéadna gaḃar leo mar ċlainn agus adṁálar iad mar oiġrí ar a ríoġaċt, agus ar rin amaċ tógar fuar ór a gcionn láṁ a ċirt agus a ṫrócaire, ċoṁ maiṫ agus gur ṁian leir go mairfeaḋ na gráfa le n-ar ṫoġ iad ċoṁ fada leir an dólár agus leir an anró do ċuir orṫa, agus mar an gcéadna, go mairfeaḋ an dólár agus an t-anró ċoṁ fada le n-a ġráraiḃ—*flagellat autem omnem filium quem recipit.*

Ḃaḋ ḋeacair féarún funduaimeinteaċ do ṫaḃairt leir an eidir-ḋealḃaḋ fo atá idir iomċar Dé agus iomċar na ndaoine, mara ḃfféaċaḋ duine inr an bpríoṁ-áḃar; ir é rin, gur ċeap agus gur órduiġ Dia ón ríorraiḋeaċt rinn a ḃeiṫ faor glan i n-a láṫair, ní do

---

[15] murrainn. [16] annfrianntaċt.

réir pátrúin ná rompla ár gcéad aṫar, Áḋaṁ, aċt do réir rompla an dara Áḋaṁ .i. Íosa Críosd—*nam quos praescivit, et predestinavit conformes fieri imaginis filii sui* (Róm. viii., 29). Ón gcéad Áḋaṁ do fuaireamar ár nádúir, aċt ir ón dara Áḋaṁ do fuaireamar leas uġaḋ na nádúire céadna. Ir ó Áḋaṁ do fuaireamar colann daonna, aċt ir ó Ċríosd do fuaireamar na grásá atá againn. Do ṫreasgair agus do ḋíol an ċéad Áḋaṁ rinn, aċt do leiġeas[17] agus do ċeannuiġ an dara Áḋaṁ rinn. Do ṫreasgair an ċéad Áḋaṁ rinn i ngáirdín aoiḃinn Ḟarraṫair, aċt do ċeannuiġ agus do ṡaor an dara Áḋaṁ rinn ar ċrann na croiċe. Do geineaḋ rinn ón gcéad Áḋaṁ, agus dá réir rin, atáimíd i n-ár gclainn feirge agus i n-ár ḃfeaċṫaċaiḃ; aċt atáimíd i n-ár ndearḃráiṫreaċaiḃ agus i n-ár mballaiḃ ag an dara Áḋaṁ, agus dá réir rin, i n-ár gclainn toġṫa ag Dia tré n-a ġrásaiḃ agus tré n-a ṁór-ṫrócaire.

Ir ar ro ṫairngear Naoṁ Leo, mar aon le Naoṁ Pól, an dá ḟírinne seo. Ar dtúir, go dtugann na grásá do-ġniḋear críosdaiḋṫe agus baill d'Íosa Críosd dúinn, a ċrosa agus a anró mar ṗáirt agus mar oiġreaċt dúinn—*plorabitis et flebitis vos.* "An ḃfeiceann riḃ," ar sé, "an ċrosa so ar ar céasaḋ ḃur nDia ċum riḃre do ṡlánuġaḋ? Féaċaiḋ go glinn uirṫe. Ir crosa í ar éigean díḃre d'iomċar sá seaċ. Ir crosa í atá agaiḃre mar ṡaorsamaint agus mar ṡompla i n-éinḟeaċt—saorsamaint, mar ar deaġ-ċoṁarṫa í gur ṫoġ Dia riḃ ón ríoṁsaiḋeaċt ċum ḃur slánuiġṫe, agus ċum beiṫ

[17] leiġir.

fann-ḟáirteaċ leir i n-a ġlóire. Is fompla nó pátrún í, mar do-ḃeir sí meirneaċ agus congnaṁ ḋíḃ ċum buaiḋreaṁ agus anfó d'ḟulang go foiġdeaċ. Is facramaint í, mar ar Dia do céaraḋ uirṫe ċum siḃre d'ḟuargailt agus do ṡlánuġaḋ. Is fompla í, mar ar éigean díḃre a hiomċar ċum siḃ féin do naoṁuġaḋ—" *crux enim Christi quae salvandis impensa est mortalibus, et sacramentum est et exemplum* (Sermo de Resurrectione Domini).

Is é an dara bunaḋar do ṫairngear Naoṁ Leo, ar lorg an Abrtail, ar an níḋ seo, gur mac neaṁ-ḋlisteanaċ mac ar biṫ do ċaiṫear aimsir gan tsioblóid ná anfó ins an traoġal so, neaċ ar biṫ do leanar compórd agus caiṫeaṁ aimsire, nó go speisialta, neaċ ar biṫ naċ ngráḋann[18] aon níḋ aċt poimp, onóir, pléisiúr, agus díoṁaointear an traoġail; gur bartaro agus mac neaṁ-ḋlisteanaċ, adeirim, duine ar doṁan do-ḃeir failliġe agus fuaṫ i smaċtuġaḋ críortaṁail na colna, do ṡeaċnar go haireaċ gaċ uile níḋ do ċuirfeaḋ buaiḋreaṁ ar 'intinn, nó cruaḋtan ar biṫ eile. Adeirim arís, gur mac neaṁ-ḋlisteanaċ duine ar biṫ den ċáiliḋeaċt so, agus naċ féidir leis súil ḃeiṫ aige gur mac díleas toġṫa do Dia é; óir smaċtuiġeas Dia an té ġráḋas sé—*flagellat omnem filium quem recipit.*

Fiafruiġ de Naom Pól má's fior an níḋ adeirim liḃ. Fiafruiġ de créad é a ṁeas ar duine le n-ar ṁian é féin do ṡáḃáil gan anfó, gan cruaḋtan, gan inġreim, gan aiṫis ná smaċtuġaḋ ar biṫ do ḋéanaṁ ar a ċolainn; nó fá ḋeoiḋ, cad é a ṁeas ar duine adéan-

---

[18] gráḋus.

fad go bfuil sé i n-a mac ag Dia agus i n-a deas-bráthair ag Íosa Críost gan a chroí d'iomchar? Ná mealladh sib féin, a chríostaidhe. Seo an níd adeir sé; *Quod si extra disciplinam estis, cuius participes facti sumus omnes, ergo adulteri et non filii estis;* is é sin, 'má atá sib ar fiaghail nó ar óroughadh i n-a bfuil páirt againn uile, atá sib in bur gcleannn neamh-dhlisteanaigh' (Eab. xii., 8). Seo an níd challuighear na focail seo. *Si extra disciplinam estis.* Do réir na Naomh Aibhistín, Ieróm, Críosóstom, agus Anselm, do réir na n-Aithreacha naomhta so, adeirim, challuighfeann an focal *disciplina* mórán neithe. Ar dtúis, challuighfeann sé na fiaghlacha leanas luchd airm nó saighdiúirí, ar a nglaodhaimid fiaghail nó dlighe airm. Is mian leis an fiaghail seo go nglacfadh saighdiúir le beatha thriobhlóidheach chruadhálach, go bfuilingeochadh mórán earonóra, saothair, agus tuirse, go mbéadh sásta le séan agus le mí-sséan do réir mar do thiocfadh i n-a shlighe, gan a socracht ná a buntáiste féin d'iarraidh ná do lorg go bráth ar chortas a dhualgais nó a dúithche, go gcornóchadh go cróda a phost agus go searóghadh go buan sá n-a bhratachaibh féin. Ins an dara háit, challuighfeann sé óroughadh d'áirithe leanas luchd léighinn agus foghlumtha. Is mian leis an óroughadh so go n-éirtfeadh sgoláire le n-a mháighistir, go dtabharfadh aire sheisialta agus go leanfadh an teagasg do-bheir dó, go mbéadh dúthrachtach umhal dá cheachtaibh, ag sgreamughadh a chéadfadh agus a inntleachta do réir a chumais. Sá dheoidh, challuighfeann sé foirm fiaghlacha d'áirithe do chuir thuirmighteoiri úirdh chráibhthigh ar bun, dar ab éigean do gach n-aon do ghlacfas an chuing seo air géilleadh.

Cibé ar biṫ ciall an ḟocail seo, a ċríortaiḋṫe, agus cibé ar biṫ ciall do bí ag Naoṁ Pól leis, is soiléir, ar nós mar ḃíos saiġdiúir ar siaġail an aism naċ searóṁaiḋ[19] i n-a ḟosd agus fá n-a ḃrataċaiḃ féin, sgoláise ar siaġail na scoile naċ leanann[20] coṁaisle agus teagasg a ṁáiġistir, manaċ ar siaġail an úisd naċ ngéilleann agus naċ n-uṁluiġeann do na siaġlaċaiḃ céadna, is soiléir, adeirim, mar an gcéadna (tugaiḋ fá deara an ḟísinne ċinnte ṫáḃaċtaċ so agus ná dearmadaiḋ go brath í), gur duine ar siaġail agus ar óṙdugaḋ Ċríosd críortaiḋe ar biṫ, atá tré n-a ḃaisde agus tré n-a ċreideaṁ i n-a ḟaiġdiúir, i n-a sgoláise, agus i n-a ṁanaċ i n-ósd Íosa Ċríosd, mara searóṁaiḋ[21] sé fá ḃrataċaiḃ Ċríosd, mara n-éistfiḋ le n-a ṫeagasg, mara mbéiḋ uṁal agus mara ngéillfiḋ do siaġlaċaiḃ an uġdair seo do ċuir ar bun an creideaṁ do ġlac sé air.

Aċt créad iad[22] brataċa Ċríosd? Atá, an ċrosd—*vexilla Regis prodeunt, fulget crucis mysterium.* Crosd Ċríosd mo ḃrataċ, crosd Ċríosd mo sgiaiṫ-ḋíon[23], crosd Ċríosd mo ċrann cosanta. Créad iad léiġeannta nó ceaċta Ċríosd? Atá, ceaċta cruaḋtain agus anró, ceaċta smaċtuġaḋ agus diúltuġaḋ claonta agus ainṁiana na colna, ceaċta an ċrosd d' iomċar—*si quis vult post me venire, abneget semetipsum et tollat crucem suam quotidie, et sequatur me,* 'aon duine le n-ar maiṫ a ḃeiṫ i n-a ḋeisgiobal agamsa, diúltuiġeaḋ dó féin, iomċaraḋ a ċrosd, agus leanaḋ mé' (Lúcás ix., 23). Seo iad, adeirim, siaġlaċa an uġdair neaṁḋa,

---

[19] searaḃór. [20] leanas. [21] searóḃas. [22] í. [23] sgiaiṫóiġin.

túirmiġtheoir agus céad-úġdar an uile úird : *Plorabitis et flebitis vos,* 'goilfiḋ fiḃ agus éagcaoinfiḋ fiḃ.' Seo iad aris: *Tollite iugum meum super vos,* 'iomċaraiḋ m'ualaċ-fa' (Maṫa xi., 29). Aċt baḋ ṁian libre do ḃeiṫ gan ualaċ. Ḃaḋ ṁian lib do ḃeiṫ gan ċuing, gan ċúram ar biṫ. Aċt ní ar ḃur dtoil atá fé. Seo iad fós fiaġlaċa agus órduġaḋ Ċríosd. Is dóiḃ do ġeall fé a ḃeannaċt go huile agus a luaċ faoṫair ag fáḋ : "Is beannuiġṫe na boiċt i rríoraiḋ, óir is leo ríoġaċt neiṁe. Is beannuiġṫe an drong do-ġníor dubrón agus caoi, óir cuirfear fóláir orṫa. Is beannuiġṫe an drong d'ḟuilingear inġreim ar fon an ċirt, óir atá luaċ faoṫair do-ċuimre fá n-a gcoṁair inr na flaiṫis" (Maṫa v., 3, 5, 10). Dá ḃriġ sin, a ċríosdaiḋṫe, mara fearóṁaiḋ fiḃ fá ḋíon agus fá ḃrataċaiḃ na croiċe, mara n-éirtfiḋ fiḃ le n-a ceaċtaiḃ do ṫeagasgar díḃ gaċ inġreim, céaraḋ, agus anfó d'ḟulang go foiġdeaċ, mara ngéillfiḋ fiḃ don órduġaḋ agus do na fiaġlaċaiḃ seo naċ dtráċtann aċt ar ḋubrón, ar ċuirre, agus ar ḋeoraiḃ, naċ ngeallann luaċ faoṫair aċt don uṁal, don ḟoiġdeaċ, agus don ċráiḃṫeaċ, atá fiḃ ar fiaġail agus ar órduġaḋ Ċríosd—*extra disciplinam estis.*

Is fiaġail agus órduġaḋ é, ar a ḟon rain, do ḃaineas le gaċ uile ḋuine mar a ċéile, leis an raiḋḃir ċoṁ maiṫ leis an mboċt, leis an árd ċoṁ maiṫ leis an íreal. *Cuius participes facti sumus omnes*: ag seo ár fiaġail, ár n-órduġaḋ, ár léiġeannta. Gríḋeaḋ, má atá fiḃ ar fiaġail agus ar órduġaḋ Ċríosd, cad é an fuad fiḃ, nó cad air a[r] maiṫ fiḃ? Criočnuiġiḋ, a ċríosdaiḋṫe, naċ ngráḋann aċt caiṫeaṁ aimrire agus compórd an traoġail, naċ ḃfuaṫuiġeann níḋ ar doṁan

níor mó ná anró, mí-ċoṁgar, agus mi-ċoċrom na beaċa so. Cruoċnuiġiḋ, adeirim. Cad é an rud riḃ, nó cad ar ḟiú riḃ? Ó! a ḋearḃráiċreaċa, ní ḟaiġinn ionnam féin a ráḋ cad é an níḋ riḃ, mara mbéaḋ go ndubairt Naoṁ Pól liom é: *Ergo adulteri et non filii estis* (Eaḃ. xii., 8). Ir iongantaċ an rtaid í seo. Atáċaoi, mar rin, in ḃur gclainn neaṁ-ḋlirteanaiġ, i nḃur ndeirgiobalaiḃ gan órdugaḋ. Do ċréigeaḃar bratáċa agus creideaṁ Ċríort. Adeir sé liḃ go ngoilfiḋ riḃ agus go gcaoiḋfiḋ riḃ, aċt ní mian liḃre gol ná caoi do ḋéanaṁ. Adeir sé liḃ gur ab éigean díḃ bród agus éagcaoine do ḋéanaṁ, aċt ní ḟuil níḋ ar biċ ar mó d'iarrann riḃ ná aiteas agus ṡólás, ná níḋ ar mó ḟeaċnann riḃ ná buaiḋreaṁ agus dólás. Ir deacair na briaċra so 'réiḋteaċ le d'iomċar-sa, aċt ir deacaire ná rain na briaċra agus an t-iomċar do ċóiṁ-ṁear le haiṁm agus le cáiliḋeaċt críorṫaiḋċe.

Mar ċrutuġaḋ ar an níḋ seo, ḟéaċaiḋ cad é an ḟreagra ṫug an Slánuiġṫeoir ar ṁáṫair ċlainne Sebedee an tan do ṫáinig sí ḟá n-a ḋéin ag taḃairt aḋarṫa ar a glúiniḃ ḋó, agus ag iarraiḋ mar aṫċuinge air duine dá ċlainn do ċur ar a ḋeas-láiṁ, agus an duine eile ar a láiṁ ċlí i n-a ríoġaċt. Do ċuir an aṫċuinge[24] seo, do ṡéir ċoraṁlaċta, imṙníoṁ ar Ċríort agus adubairt: "Imṫiġiḋ, a leanḃaí[25]; ní ḟuil a ḟior agaiḃ, ná ag ḃur máṫair aċt mar riḃ, cad atá riḃ d'iarraiḋ. An ḟéidir liḃ," ar sé, "an ċailís d'ól atá d'ḟuadar fúmsa d'ól?" "Ir féidir," ar siad—*possumus*. "Aċt, ní agamsa atá, aċt ag m'Aṫair, na

[24] aṫcuiníḋe. [25] leanuíḋe.

háite atáčaoi d'iarraiḋ do ṫabairt dib. Ir leor uaim an níḋ atá im ċoṁaċta do ṫabairt dib; ir mó d'oireas[26] dib i láṫair. Ní ḟuil de ṙubrtaint agam aċt mo ċror, mo ċailís, agur mo ṗianta; ní ḟuil de ṁaoin ṙaoġalta agam aċt ro; do-ḃeirim díbre iad go ronn-ṁar. Seo an t-ór agur an t-airgead ċeannóċas an ġlóire agur na háite atáčaoi d'iarraiḋ orrra. Má ġlacann rib leo, atoṁálfad mar ḋeirgiobail agur mar oiġri ar mo ríoġaċt rib" (Maṫa xx., 20-24).

Dearbaim dib, a ḋearbráiṫreaċa, i mbriaṫraib Naoiṁ Criosdoṫom, naċ féidir áit d'ḟaġbáil inr an Sgríbinn Diaḋa ar cinnte agur ar dírġe ċruċuiġeas gur anró, inġreim, ríor-rmaċtuġaḋ na colna, agur an ċror oiġreaċt iomṙlán gaċ ríor-ċríosdaiḋe, agur gur ab éigean dúinn, ó ġlacamar cuing agur úġaim Ċríosd orainn, a ḃeiṫ uṁal agur géilleaḋ dá ḋliġe, dá ċruaḋ-álaċt í—*plorabitis et flebitis vos.*

Má atá aon duine i láṫair i n-a ḃfuil agó aige inr an ḃfírinne seo, tugaḋ fá deara ar dtúir gur ab é Mac Dé, Dia féin, uġdar agur tobar an uile ḟírinne, do labhar linn í. Múineas an t-Abrtal mar aon leis an níḋ céadna, agur ar a ṙon naċ ḃfuil deiṫbir nó eidir-ḋealbaḋ idir na ḟírinní ṁúineas na habrtail agur na fáiḋe ḋúinn agur na neiṫe ṁúineas Críosd féin dúinn, atá ar a ṙon rein féin, adeirim, níḋ éigin níos corruiġṫiġe[27] agur níos moċuiġṫiġe inr na briaṫraib ṫigeas go díreaċ ó ḃéal Ċríosd, agur ir bríoġ-ṁaire rrreagar agur do ṁúrglar croiḋe an duine le gráḋ nó le heagla; *dico vobis*—'mé féin do labhar lib

[26] ḋíriosr. [27] corruiġṫe.

Ní fáiḋ ná abrtal acht mé féin do ḋearḃar díḃ go ngoilfiḋ riḃ agus go gcaoinfiḋ riḃ.'

Inr an dara háit, an níḋ adeir ré le na habrtalaiḃ, adeir ré é le móide; *amen, amen dico vobis*—'deaṙḃaim díḃ é, ní go rimpliḋe acht le mo ṁionna agur le mo ṁóide.' Adeir leo é tar éir a ċarṫannacht ṗó-ṁór do ċur i n-iúil dóiḃ. Do ṫug dóiḃ go groḋ roiṁe rin a ċuid fola agur feola, a ḋiaḋacht agur a ḋaonnacht inr an Ċomaoin, agur do ḃí ullaṁ ċum na fola agur na feola céadna a ṫaḃairt dóiḃ tré n-a ḃár. Ir go díreaċ idir an dá ċoṁarṫa ro dá ġráḋ agur dá ċarṫannacht do-ċuimriġṫe d'aimriġ an uain reo ċum a ráḋ leo: *Plorabitis et flebitis vos.*

Fá ḋeoiḋ ċum a ṫairḃeánaḋ gur le na fíréanaiḃ agur le druing toġṫa a Aṫar do laḃair ré, cuireas iad ór coṁair nó i n-aġaiḋ clainne an traoġail agus na druinge malluiġṫe[28] ḃior ag déanaṁ lúṫġáire agus gáirdeaċair, dá n-unfairt féin inr gaċ cinéal róláir agus caiṫeaṁ aimrire raoġalta—*mundus gaudebit.* 'Acht riḃre, a ċlann toġṫa m' Aṫar, goilfiḋ agus caoiḋfiḋ riḃ. Níor ṁian liom an focal ro 'riḃre' do ráḋ an fead do ḃí lúḋár in ḃur mearg, óir ir duine malluiġṫe é; acht anoir an uair naċ ḃfuil neaċ in ḃur mearg nó i láṫair acht fíréin[29]: *Amen, amen dico vobis quia plorabitis et flebitis vos.* Ir liḃre a laḃraim. Níor innrear riaṁ bréag, agur níor ṁeallar neaċ. Creiḋiḋ mé, a ḋeirgiobala ionṁaine,[30] gur ab éigean díḃ anró agur cruaḋtan d'ḟulang, gur ab éigean díḃ troid go cróḋa i n-aġaiḋ an traoġail, an diaḃail, agur na colna.

[28] clann an traoġail agur an drong ṁalluiġṫe. [29] fiorraon. [30] ḋeirciobail ionnṁain.

Do-beirim mo banna díb leis an bfírinne seo, mo ṁóide, mo ḋiaḋaċt, mo ḋaonnaċt, m'ḟuil agus m'ḟeoil—*plorabitis et flebitis vos.* Aċt, meisneaċ! Ní ṁairfiḋ seo i bfad; iompóċar na deorsa, an tuirse, agus an dubhrón so ċum gáirdeaċair do ṁairfear ar feaḋ na ríoghraiḋeaċta'—*tristitia vestra vertetur in gaudium*—ar ar[31] ġeallas tráċt ins an dara roinn.

An Dara Roinn.

Adeir Naoṁ Aibhistín go heagnaiḋe tuigsionaċ naċ bfuil níḋ ar biṫ i dtuigse an duine ar daille agus ar díċéilliḋe ná a ċur roiṁe dá níḋ sgaraṁain le n-a ċéile naċ féidir agus naċ cóir a sgaraḋ; agus do-beir sé mar eisiompláir an dólás naoṁṫa beannuiġṫe agus séim nó deireaḋ an dóláis céadna, na crosa agus an t-anró d'ḟuilingid daoine ins an traoġal so [agus] an sólás ríoghraiḋe agus an ġlóire do leanas na crosa agus an t-anró céadna. Óir má smuaineann duine ar an dólás, ar an anró, agus ar na crosaiḃ, gan breaṫnuġaḋ ná smuaineaṁ ar an luaċ raoṫais do leanas iad, tuitfiḋ sé i n-éadóċas agus i ndroċ-ṁeisneaċ. Ar an taoḃ eile, má smuaineann duine ar an sólás agus ar an nglóire seo, gan smuaineaṁ ins an am gcéadna gur ab éigean dó a raoṫruġaḋ le buaiḋreaṁ agus le cruaḋtan, tuitfiḋ sé i n-andóċas, agus meallfaiḋ é féin go diosguisg díċéilliḋe; aċt má ṁeáḋann duine agus má ċoṁ-ċeanglann an dá níḋ seo le n-a ċéile, déanfaiḋ sé deaġ-úsáid dá ṫuigse, agus do-ġeaḃaiḋ neart agus breis conganta ċum a ḋualgais agus 'oibliogáidi do ċóiṁlíonaḋ mar ar cuiḃe.

---

[31] nar. [32] smaoingiosh.

Tugaimíd fá deara, mar an gcéadna, nár dealuig an Spiorad Naomhta fiamh inr an Sgríbinn Diadha an dá níd feo le n-a céile. Níor mheall fiamh finn, agur níor tug fiamh fóláir fírinneach dúinn nach mbéad anfó agur dóláir foimhe nó i n-a diaid. Níor thráct fiamh linn ar an dóláir fo nach ngeallfad, inr an am gcéadna, go n-airtreocad cum fóláir agur aoibnir. Ir leir fin do labhrar Naomh Peadar, ag teagarg na gcríorthaidhe agur dá gcomhairliugad cum an uile cathugad, anfó, agur cruadhtan d'fhulang go foighdeach, na bruatha bríoghmara fo: *Deus autem omnis gratiae, qui vocavit nos in aeternam suam gloriam in Christo Iesu, modicum passos ipse perficiet, confirmabit solidabitque* (Pead. v., 10). Ó! a Tigearna, dá mb'féidir liom bríg agur éifeacht iomflán na mbruatha fo do rgrúdugad agur do cur i dtuigrin díb; an ceo, mar adeir Naomh Aibirtín, do rgaradh de bur dtuigre, cum blair a thabairt díb ar mílreacht na meala atá ionnta.

Bíodh fior agaib, a chríorthaidhe, go gcuimrigeann na bruatha fo Naomh Peadair iomflán firinní an chreidimh. *Deus:* ag feo í an diadhacht. *Omnis gratia:* ag feo iad na grafa agur na tiodhlaicthí do-beir fé don cine daonna. *Qui vocavit nos:* ag feo an ghairm do finne[53] orainn, torach agur tionnrgnadh ár flánuigthe. *In aeternam suam gloriam:* ag feo críoch agur torad na ngrár. *In Christo Iesu:* ag feo an té fhaothuig agur fuair dúinn na grafa. *Modicum passos:* Ó! ir fóláfach meirneamhail na bruatha iad fo. Seo a bfuil fé d'iarraidh orainn. Caithfimíd beagán d'fhulang, agur le fulang

---

[53] finn.

beagáin béimíd fann-ḟáirteaċ leir an diaḋaċt—*Deus.* Caiṫfimíd beagán d'ḟulang, agus le fulang beagáin ḟreagraimíd an ġairm do finne orainn—*qui vocavit nos.* Caiṫfimíd beagán d'ḟulang, agus le fulang beagáin béimíd páirteaċ i mór-luaiġeaċt[34] agus i bráir Íosa Ċríosd—*in Christo Iesu.* Caiṫfimíd beagán d'ḟulang, agus le fulang beagáin raoṫróċaimíd dúinn féin glóire agus aoibneas ríoghraiḋe—*in aeternam suam gloriam.* Ó! cad é ċoṁ geagh, ċoṁ díombuan agus ċoṁ neaṁ-ṫáḃaċtaċ agus a bfuilingimíd inn an traoġal so; agus dá ġiorraċt agus dá neaṁ-ṫáḃaċtaiġe iad, cad é méad agus éifeaċtaiġe a luaċ raoṫair! Goilid, a ċlann ġráḋaċ; goilid,[35] agus ní ġoilfid rib i bfad. Imṫeoċar an ṡtoirm seo agus tiocfar an ciúineas agus an tríoṫċáin; iompóċar bun ndoilġeas agus bun ndeorad ċum compóird agus róláir.

Adeirim go bfuil gaċ anró agus cruaḋtan dá bfuilingimíd ar an traoġal so geagh neaṁ-ṫáḃaċtaċ, agus naċ bfuil éifeaċt ionnta. Ar dtúir, má ḟéaċaimíd ortha de ṫaoib na haimsire, is ar an áḋbar sain adubairt ár Slánuiġṫeoir le na habrtalaib: *Modicum et iam non videbitis me, et iterum modicum et videbitis me, quia vado ad Patrem* (Eoin xvi., 16). 'Béid sib tamall beag aimsire gan mé d'ḟaicsin; measfaid sib go mbéad i bfad uaib an tráth a ṁoṫóċaid sib meaḋċan iomḟlán an dóláir agus an ċruaḋtain ag dul i bfeidhm orraib. Act do-ċífid sib mé go grod i n-a ḋiaid sin. Ó! cad é an níd buaidhreaṁ agus doilġeas éadtrom aimseartha i gcomórad leis an ríoghraiḋeaċt? Adeir

---

[34] mórluaḋaċt. [35] goilige.

Críost féin linn nach bfuil i mbeatha an duine go hiomḟlán acht uair an ċluig—*venit hora.* Ní ḟuil ann, a ḋearbhráithreacha, acht fíor-ḃeagán aimsire. Cuir i gcás fiche, dá ḟiciḋ, trí ficiḋ, nó céad bliaḋain, cad é an éifeacht iad i gcomórad leis an ríoghraiḋeacht? Uair —*hora.* Is luga fós beatha an duine i gcomórad leis an ríoghraiḋeacht ná uair i gcomórad le míle bliaḋain.

Ins an dara háit, ní ḟuil i n-a bhfuilingimíd ins an tsaoghal so acht neimhníḋ i gcomórad dár ḟuiling Críost, ar an áḃhar, dá mhéid d'anró agus d'anacra, nach bhfaca neach ar domhan tú sinte ar ḟos tuige mar a bhí Íosa Críost; nac bhfaca neach tú sáruighte mar Ċríost, ag fulang inghreim agus aiṫire na ndaoine mar Ċríost, ag cur alluis fola agus uisge ḋíot mar Ċríost; ar an áḃhar nach bhfaca neach tú ceangailte do ṗiolóir agus coróin spine ar do ċeann mar Ċríost; nach bhfaca neach tú ag fárgaḋ fola ar do ḟúiliḃ mar Íosa Críost; ar an áḃhar nach bhfaca neach do ċuid feola i n-a sróláiḃ, stróicte le sgiúirsíḃ mar do bhí feoil Íosa Críost; fá ḋeoiḋ, mar nach bhfaca neach do ṫaoḃ tollta nó osgailte le sleagh mar a bhí taoḃ do Ślánuigṫeosa. Agus ar a ḟon go bhfuilingeoċaiḋ tú a lán ar feaḋ do ḟaoghail, ní ḃéiḋ go bráṫ id ṗiantaiḃ agus id ḋólás acht neimhníḋ i gcomórad leis an gcuid ar luga de ṗiantaiḃ agus de ṗeannaidiḃ Ċríost.

Ins an tríomhaḋ háit, a ḋearbhráithreacha, atá a bhfuilingimíd d'anró agus de mhí-ċomhgar ins an tsaoghal so ċomh gearr, ċomh neamh-ṫáḃaċtaċ rain i gcomórad don tsólás agus don aoiḃneas ar tosaḋ agus ar luaċ saoṫair ḋóiḃ, náċ bhfuil acht ['n-a] ḋuine dall go hiomḟlán do ḋéanfaḋ éifeacht nó táḃacht díoḃ. Atá

cruċuġaḋ láidir roiléir againn air reo i Soirġéal an Iae. Ag reo an rompla ḋá ndéanann[36] ár Slánuiġċeoir úráid ċum airtriuġaḋ míorbaileaċ an ḋóláir éadtruim agus an anró aimreasrḋa ċum róláir ríorraiḋe do ṁíniuġaḋ do na habrtalaiḃ: *Mulier cum parit, tristitiam habet quia venit hora eius; cum autem peperit puerum, iam non meminit pressurae propter gaudium, quia natus est homo in mundum* (Eoin xvi., 21). An tan ḃíor bean i dtinnear clainne, Ó! cad é a liaċt éagcaoine, cad é a liaċt ornaḋa, cad é a liaċt gladoḋ, cad é a liaċt 'caḃair' agus 'coimirce' cluinteas uaiṫe. Ḃíor an raoġal go léir fá ḃrón, lán de ḋóláir agus de ċaċuġaḋ, de ṫruaġ agus de ṫaire, ag breaṫnuġaḋ uirṫe i bpéin agus i bpionór; aċt ón móimeint i n-a gcuireann ri ḋi an ċlann, ní féidir a ṁear cad é méid an tróláir agus na lúṫġáire do lionas a croiḋe agus a hanam. Ní ċuiṁniġeann níor[37] mó ar an bpéin i n-a raiḃ rí; ní ċuiṁniġeann níor ria ar na prantaiḃ goimdeaċa d'ḟuiling ri i n-a tinnear—*iam non meminit pressurae propter gaudium quia natus est homo in mundum.*

Ní ḟéidir le níḋ ar doṁan róláir agus gáirdeaċas anama críortaṁail do ṫairbeánaḋ ḋúinn, tar éis beagáin ḋóláir agus anró, níor ḟearr ná an rompla ro. Óir an tan ḃíor na ṗíréin fá anró, fá ṁí-ṁear, fá ṫarcuirne, agus fá inġreim an traoġail reo, gan ċuid gan ṁaoin, is corṁail iad le bean i dtinnear clainne; aċt an uair do raoṙtar iad ó gaċ aon[38] anró agus cruaḋtan aca ro agus do ċuireas Dia i reilb na glóire iad, ní raiḃ riaṁ lúṫġáis, ní raiḃ gáirdeaċas ná róláir i

---

[36] ndéanas. [37] aníḋ ḃus. [38] an.

gcomórad dá lúdhgáir, dá ngáirdeadar, agus dá fólár. Ní ċuiṁnigid níor ría ar ar ḟuilingeadar ar feadh a mbeaṫa—*iam non meminit pressurae propter gaudium.*

Ní ḟagaim níḋ ar doṁan inr an Sgríbinn Ḋiaḋa ar corruigḋiġe ná an níḋ adeir ré ar Ṫobiar, agus ar fearr do ċrucuiġear naċ bfuil aċt neiṁníḋ inr gaċ buaiḋ-reaṁ agus inr gaċ anró dá bfuilingimíd inr an traoġal ro i gcomórad leir an nglóire geinteas arta. Do ġoil an fean-laoċ ro go cráiḋte i ndiaiḋ a ṁic do ṁear ré a beiṫ caillte. Do ċaill a radhairc. Do ṫug é féin ruar go hiomṁlán do ċaṫuġaḋ agus do ḋoilġear, gan rúil le caḃair ná furtaċt d'ḟaġḃáil. Fá ḋeoiḋ, lá d'áirṁiṫe dá ndeaċaiḋ a ḃean ar mullaċ cnuic do ḃí taoḃ leo, ag cur lorg a mic mar baḋ ġnáṫ léi, do-ċonnaic é ag déanaṁ uirṫi, agus i n-iondad imṫeaċt i n-a coinne cum beannaċaḋ ḋó agus fáilte a ċur roiṁe, d'imṫiġ de luar a cor le rgéala ċum a fir, agus adubairt: "Meirneaċ, a Ṫobiar, meirneaċ! Glac lúdhgáir; ag reo do ṁac ag teaċt a ḃaile." Ar dteaċt don ṁac i láṫair a aṫar, do rug idir a láṁaiḃ air, do ṗóg é, do ċuimil a ṡúile le domblar[39] éirg do ṫug leir tré ċoṁairle a aingil coiṁdeaċta, ionnar go ḃfuair an fean-l·oċ boċt a radhairc. Agus ag féaċaint ar a ṁac, adubairt: *Benedico te Domine, Deus Israel, quia tu castigasti me et tu salvasti me; et ecce ego video Tobiam filium meum* (Tob. xi. 17). 'Ó! a Ḋia Irrael, cad é méid mo ġráḋa ḋuit. Ó! a Ḋia Irrael, cad é mar adrair tú. Ó! a Ḋia Irrael, cad é a liaċt molaḋ

---

[39] diomlar.

agus buiḋeaċas baḋ ċóir ḋom a ṫaḃairt duit. Do smaċtuiġis mé ag buain mo raḋairc ḋíom, agus ag congḃáil amaċ mo ṁic uaim, aċt múċas an ṡólás do ṁoṫuiġim anois meaḃair agus cuiṁne an dóláis i n-a raḃas. Do ḟuaras m'aṁarc, agus an ċéad níḋ do-ċonnac le mo ṡúilib, is é mo ṁac. Ó! a Ḋia Israel, go raiḃ d'ainm naoṁṫa beannuiġṫe go bráṫ. Do smaċtuiġis mé agus do ṡlánuiġis mé. Do ċuis tú anṡó agus buaiḋreaṁ orm, aċt anois do ċuis tú ṡólás agus compóṙd orm '—*et tu salvasti me.*

Is mar an gcéadna do laḃras anam an ṗíṙéin d'ḟuilingeas go foiġdeaċ anṡó agus cruaḋtan an traoġail seo, an tráṫ a ċuireas Dia é i seilb a ġlóire agus a ṡóláis ṡíorraiḋe. Is ar an moḋ gcéadna laḃras an dílleaċtaiḋe agus an ḃaintreaḃaċ ḃíos ṗá ḋroiċ-ṁeas ag an raoġal. Is mar seo laḃras gaċ n-aon ḃíos gan ċuid gan ċaraid, gan ċoṁġáis gan ċompóṙd ar biṫ ins an traoġal so. Is mar an gcéadna, adeirim, laḃras sagairt agus bráiṫre, mná riaġalta agus maiġ-deana naċ gcuireann i gcás a ḃṙuilingid ins an traoġal so, aċt do ḃíos go laeṫeaṁail i gcogaḋ, ag breiṫ ḃuaḋa ar a ndroċ-ċlaontaiḃ agus ar a n-ainṁianaiḃ, ag síor-smaċtuġaḋ na colna, ag ráḋ, an uair sgaoileas Dia iad ar príorún na colna agus do-ḃeir páirt dóiḃ dá ġlóire—ag ráḋ, adeirim: *Benedico te Domine, Deus Israel.* "Ó! a Ḋia Israel. Ó! a Ḋia na gcríorṫaiḋṫe. Ó! a Ḋia na trócaire agus na ṡíriunne. Go raiḃ d'ainm naoṁṫa beannuiġṫe go bráṫ. Ó! cad é a liaċt molaḋ agus buiḋeaċas baḋ ċeart dúinn a ṫaḃairt duit. Do smaċtuiġis mé le hanacra agus le hanṡó éadtrom; giḋeaḋ, baḋ ṁó go mór do ġráḋ orm ó ṡlánuiġis mé.

Ó! cad é ċoṁ ṡólárać aoiḃinn mo ṡaid. *Ecce video Iesum filium Patris mei,* 'do-ċím Íosa, Mac mo Ṫiġearna agus Mac m'Aṫair.' Is tusa, a Aṫair ṡíorraiḋe, do ċruṫuiġ mé, agus do-ċím tú anois. Is tusa an Spiorad Naoṁṫa ṫug tiodlaicṫí agus grásra mo ṡlánuiġṫe ḋom, agus do-ċím tú. Is tusa Íosa ró-ġráḋać do ṡuais bás ar mo ṡon agus d'ḟuasgail mé, agus do-ċím tú. Beannuiġim tú go bráṫ. Do ṡmaċtuiġis mé, aċt tar éis beagáin anṡó agus dóláis, do ṫreoruiġis mé ċum mór-aoiḃnis agus ṡólais."

Aċt adéarfaid ṡiḃ liom: "An féidis naċ ḃfuil an ṡólás so, ar a labhann Críost indiu ins an tSoisgéal, le fáġḃáil i n-áit ar biṫ aċt ins na flaiṫis? An féidis naċ mblaiseann anam fíréin d' ḟuilingeas go foiġdeaċ anṡó agus anacra an tsaoġail seo, do leanas agus d'iomċaras go huṁal an ċros—an féidis, adéarfaid ṡiḃ, naċ mblaisfiḋ sé den tsólás so seinteas ó ḋólás, ins an mbeaṫa so?" Blaisfiḋ, a ḋearḃráiṫreaċa; blaisfiḋ. Éistiḋ le Naoṁ Pól ar an nid seo: *Pro me autem nihil gloriabor nisi in infirmitatibus meis* (2 Cor. xii. 5). 'Déanaim' ar sé, 'glóire dom ċroiċ agus dom anṡó, ataim lán de ġáisdeaċas agus de ṡólás, ataim níos sásta im ṡíorúin, im ingreim, im longḃriseaḋ, im ocras, im ṡlaḃraiḃ ná an dream atá ag cur an anṡó orm ag a ḃfuil a ḃféastaí, a saidḃreas, agus gaċ aon nid ar toil leo. Ataim ar meisge le neart ṡólais. Ataim ċoṁ lán sain naċ féidis liom m'anam d'iomċas, óir ata sé ag sgéiṫeaċan[40] ar gaċ taoḃ'—*superabundo gaudio in omni tribulatione nostra* (2 Cor. vii. 4).

[40] sgéaċan.

Ní le bréagaiḃ ná le ꝓuar-ċráiḃṫeacṫ do laḃrar Naoṁ Pól ar an moḋ ro. Do laḃair ré an níḋ do ṁoṫuiġ ré, an níḋ do-ċonnaic ré, agur an níḋ ar a raiḃ ꝓior aige tré n-a ġnáṫ-eolas féin. Do ḃí a anpó agur a ṗianta ar an taoḃ amuiġ, acṫ do ḃí a ꝓólár agus a aoiḃneas ar an taoḃ istiġ. Do ḃí stoirm agus dólár ar an taoḃ amuiġ ḋe; gíḋeaḋ, do ḃí suaiṁneas agus ꝓíoṫċáin ar an taoḃ istiġ ḋe, suaiṁneas agus ꝓólár atá ċoṁ líonṁar rain, agus a bpréaṁ ċoṁ mór rain, mar adeir Naoṁ Cpiosostom, nać féidir le neać ar doṁan a ḃuain de go bráṫ—*et gaudium vestrum nemo tollet a vobis* (Eoin xvi., 22). Óir an ꝓaid ir ċoṁnuiġeas duine ar staid na ngrás, coṁnuiġeann an Spiorad Naoṁṫa i n-a ċroiḋe; agus an ꝓeaḋ ir ċoṁnuiġeas an Spiorad Naomṫa i n-a ċroiḋe, ní féidir le neać ar biṫ, ná le níḋ ar biṫ raoġalta, an ꝓólár atá aige do ḃuain de. Óir ar nór nać féidir le neać ar biṫ grásta an Spiorad Naoṁṫa do ḃuain de, mara ḃrilliḋ ré féin ar an bpeacaḋ, ní féidir, mar an gcéadna, le neać ná le níḋ ar biṫ an ꝓólár ro, nać féidir a sgaraḋ le grásaiḃ an Spiorad Naoiṁ, do ḃuain de. Seo an níḋ ṫug do ṁóran maisṫíneać uasal buaiḋ do ḃreiṫ ar gać céasaḋ agus anpó; seo an níḋ do sinne[41] buantreasṁać iad i lár gać inġreim agus pianta dá ḋaoine. Seo an níḋ ṫug do Naoṁ Pól an compórd meisneaṁail seo do ṫaḃairt do na críostaiḋṫiḃ: *Gaudete in Domino semper; iterum dico, gaudete,* 'déanaiḋ gáirdeaċas ins an Tiġearna do ġnáṫ; adeirim liḃ arís gáirdeaċas do ḋéanaṁ ins an Tiġearna' (Phil.

[41] sin.

iv., 4). Acht créad an fáth, [a] Abrtail onóraigh? *Dominus prope est;* atá, 'nach bfuil an Tigearna i bfad uaib, go bfuil ór bur gcomair' (Phil. iv., 5). Atá, adeirim, go bfuil an Spiorad Naomhta in bur gcroidhthibh agus ag comhnuidhe ionnaibh, agus nach féidir gan na gráfa agus an rólár ro do chomhnuidhe ionnaibh mar an gcéadna.

Acht an é bur mear go mblaireann clann an traoghail, ar a labhrann an Soirghéal, an rólár buan-trearmhach ro i lár a n-ionmhair, a gcuid óir agus airgid, i lár a mbainirí cortarathla; nó an féidir cuireadh a thabhairt dóibh chum páirt do ghlacadh inr an ngáirdeachar ro? Orgail, má'r féidir leat, a gcroidheacha, agus dochíridh tú cad é an nór ar a bfuilid riad. Dochíridh tú rólár beag ruarach aimreardha éigin gan bríghe, do múchtar le dólár agus le céad bhireadh croidhe eile dá bfuilingid inr an traoghal ro. Do-chíridh tú a gcroidhte dá raobadh le rgrupall cogcubhair, le mí-fhuaimhnear, agus le heaglá, gach n-aon dá ithe le cannca na n-ainmhiana; cuid aca le poimp agus le honóir, cuid le rainnt agus le han-ghráth raidhbhir, cuid le mailír agus le formad leir an gcomarrain, cuid le dhúir agus le neamh-ghéanmnaidheacht, cuid, fá dheoidh, le feirg, le miorgair, agus le fún díoghaltair; i n-aon-focal, gach n-aon, do réir a chlaonta, dá thollad de ghnáth, gan ruaimhnear ná ríothchán i bfur ná thall—*consumentur fame et devorabunt eos aves morsu amarissimo, dentes bestiarum immittam in eos, cum furore trahentium super terram atque serpentium* (Deut. xxxii., 24).

Anoir, a dhearbhráthreacha, cad é bur mear? Dochíonn rib doilghear ar thaobh, compóro ar thaobh eile; an

ċpoр ар ṫaoб, рólár ар ṫaoб eile; pianta, buaiдpeaṁ, agur anpó ар ṫaoб, ruaiṁneaр, ruбáilceaр agur píoṫċáin coгcuбair ар ṫaoб eile. Leir rin, a ċpíopṫaiдṫe, beirid маr roġa, do péir teagarg an tSoirgéil, gaċ buaiдpeaṁ agur anpó d'ḟulang go roiġdeaċ meirneaṁail. Biдid deiṁneaċ naċ gcuirpid Dia anpó ар biṫ oraiб aċt ċum rib do naoṁaд agur do ṡlánuġaд, gur ab é a rún rib a дéanaṁ corṁail le n-a Mac ċum glóire do ṫaбairt dó. Ar an áдбar rin, an tráṫ a бéid[42] rib fá leaṫtrom, fá дroċ-ṁear, agur fá gaċ cruaдtan eile raoġalta, iomċaraid[43] gaċ rgiúirre agur cror díoб ro leir an бroiġde agur leir an meirneaċ céadna le n-ar iomċair Maoṁ Ród iad, agur abraid маr aon leir: "Do b'ḟéidir linn imṫeaċt do péir ár gcéille nó ár péarúin nádúrṫa, agur rrian do léigean le n-ár n-ainṁianaib, aċt ní éirtimid le haon níд aċt le n-ár gcreideaṁ agur le n-ár ndóċar—*propter spem enim Israel catena hac circumdatus sum* (Gníoṁ. xxviii., 20). Do cuireaд i bpríorún mé маr ġaduide nó biṫeaṁnaċ, do ceanglaд mé le boltaib agur le rlaбraib go doċraideaċ; giдeaд, ní móр go moṫuiġim iad, do-ġeibim éadtrom iad tríd an дóċar atá agam teaċt lá éigin ċum mo дúiṫṫe féin, ir é rin, ċum na glóireríorraide."

Créad ṫuitḟear amaċ annro, a дearбráiṫreaċa? Tuitḟear go n-iompóċaid[44] an pionóр agur an céaraд ro, na cpora agur na trioblóidí reo, an t-anró, na deora agur na hornaí reo d'ḟuilingeamar inr an traoġal ro ċum aitir agur rólár. Smuainid, a дearбráiṫreaċa,

---

[42] beiṫ. [43] iomċarruíge. [44] iompóċar.

nać bfuil cibé againn ar ria raogal i bfad ó n-ár mbár; fós, nać bfuil fios na huaire againn. Monuar! is ádbar uaćbáis agus cruit-eagla do na peacťaćaib[45] atá go lúćgáireać, dá n-unfairt féin i malluigťeaćt agus i n-ainmianaib na colna. Leis sin, biodh ullamh do ghlaodh Íosa Ćríost. Is é féin do ćiosmóćas bus ndeosa, ag rádh: "Do ghoileadhas; ní ghoilfidh sibh níos ria. Is iomda cnead agus osna cráidhte do léigeadhas ag iomćas mo ćroiće; ní léigfidh sibh níos mó díodh. Ní fuil deos, ní fuil osna, ní fuil anfó ná cruadhtan dár fuilingeadhas nać bfaca mise, agus ar nár ćongaibh mé cunntas fírinneać. Anois, is miťid liom sibh ghlaodhać ćum beiť sann-fháisteać liom im ghlóire agus im fholás, folás imheodhanać iomflán, folás fírinneać do-aiťristé, folás fíosraidhe nać féidir a buain díbh go bráć"—*et gaudium vestrum nemo tollet a vobis* (Eoin xvi., 22)—níodh atáim-se d'iarraidh díbhse agus dom féin. I n-ainm an Athair agus an Mhic agus an Spiosaid Naoimh. Amen.

[Seán Ó hÚgdhair d'aiťrgníodh, 1818.]

---

[45] peacaidh.

Seanmóir a Dó.

Ar an urnaige.[1]

[Don ċúigeaḋ Doṁnaċ tar éis na Cárga.]

Si quid petieritis Patrem in nomine meo, dabit vobis.

Má iarrann riḃ níḋ ar biṫ ar an Aṫair in m'ainm-se, ḃéarfaiḋ[2] sé ḋíḃ é.—Eoin xvi., 23.

I.—Atá ḋá ċinéal urnaiġe ann .i. urnaiġe an ċroiḋe agus urnaiġe an ḃéil. Roinnteas urnaiġe aríst in dá [ċinéal] .i. urnaiġe ṗuibliḋe agus urnaiġe ṗríḃéideaċ. Atáid an dá ċinéal so aṡaon ionṁolta, óir adeir Críost[3] linn: "An áit a mbéiḋ[4] dís nó triúr cruinn in m'ainm-se, béiḋ[4] mise 'n-a measg,"—*ibi sum in medio eorum* (Maṫa xviii., 20).

Mar sin, an ṁuintir a ċruinniġeas ċum an Aiṗrinn, na seanmóra, an ṗaidrín ṗáirtiġ, an Teagairg Ċríosd-aiḋe, nó oiḋis, nó coṁráiḋ ar biṫ eile diaḋa, ná bíoḋ aṁras aca naċ mbéiḋ Críost 'n-a measg, maille le slóiġtiḃ d'aingliḃ Dé ag éisteaċt, ag molaḋ, agus ag cuideaṁ leo. Mar sin, atá sé follas agus so-ṫuigṫe ar ḃriaṫraiḃ Ċríosd gur mór an luaiġeaċt a ḃíos ag an ṁuintir a ṫig ċum an ṗobail Dia Doṁnaiġ ċum an Aiṗrinn 'éisteaċt, ag déanaṁ[5] coṁair leis na haingliḃ i measg cáiċ san urnaiġe ċoitċeannta agus

---

[1] O'Renehan MSS., Vol. 79, pp. 25-44 of Inset. [2] beara, *bis.*
[3] Críosda, *passim.* [4] beiṫ. [5] deanaṁ, *passim.*

ag molaḋ Dé go roilléir, feaċ[6] an ṁuintir ḟanar le leirge, le neaṁ-ḟuim, le díoṁaoineas,[7] nó le caṫaiḋe ar bit eile fan mbaile.

Ar an taoḃ eile atá a luaiġeaċt féin fós ag an urnaiġe ḟríḃéidiġ, óir adeir Críost ag Mata: *Tu autem cum oraveris, intra in cubiculum tuum* .i. "an uair a ṡaċas tú ar ṫ'urnaiġe, imṫiġ isteaċ in do ḟeomra, agus dún an dorras ort féin, ag guiḋe Dé; agus an t-Aṫair do-ċí annsin go huaigneaċ tú, ḃéarfaiḋ sé luaiġeaċt duit go roilléir" (vi., 6). Gan aṁras, 'séis mar sgríoḃas Criosostom agus diaḋaisí iomḋa eile, ní ḟuil áit ar bit ar feass [ċum] an urnaiġe a ḋéanaṁ ná ag an altóir, de ḃríġ go mbíonn Críost féin agus na haingil ar ṁoḋ sseisiúlta annsin i láṫair, go mbíonn gut agus glór na hEaglaise agus an ḟobail uile ag coḃrcaḋ[8] agus ag méaduġaḋ an ċráḃaiḋ agus an teas-ġráiḋ.

Giḋeaḋ, ná tuigṫear ar so go ḃfuil an urnaiġe uaigneaċ nó leaṫtaoḃaċ toisimearcta. Deir Críost ag Lúcás: *Oportet semper orare et non deficere* (xviii., 1). *Volo viros orare in omni loco*, adeir Pól (1 Taḋg ii., 8); sé sin le ráḋ, is cóir an urnaiġe a ḋéanaṁ go buan san uile am agus aimsir, agus ins an uile áit agus ionad, aċt go sseisiúlta[9] ag altóir Dé san teampall. *In omni loco* .i. amuiġ agus istiġ, ar muir agus ar tír, ar an ḃealaċ ṁór go puibliḋe, i mearg do ḃunaiḋ agus do ṫeaġlaiġ, agus go huaigneaċ leat féin ar maidin agus tráṫnóna. Ins an oiḋċe ag dul ċum do leapaḋ iarr páirdún ar son peacaiḋe an lae, agus ar maidin taḃair buiḋeaċas, glóir, agus molaḋ do Ḋia ar son do

---

[6] feaċa. [7] díoṁnas. [8] coṁrgruḋ. [9] sseisiúlta, *bassim*.

tabairt flán ón oiḋċe, agus ar fon gaċ tioḋlacaḋ agus gaċ gráṡa dá bṗuair tú ariaṁ uaiḋ. Cuir fún daingean[10] fóṁat aiṫeanta Dé do ċoiṁéad agus na peacaiḋe do feaċnaḋ. Tar éis an fún fin a ċur fóṁat, abair do ṗaiṡrín nó foirm ar biṫ eile urnaiġe 'ṡéis uġdaráis Dé agus na hEaglaise. Cibé[11] ḋéanas an urnaiġe mar so, agus na coinġill fiaċtanasaċa a beiṫ aige, ná bíoḋ eagla air naċ bṗuiġiḋ sé torṫa agus luaiġeaċt na hurnaiġe.

II.—Atá cúig coinġill fiaċtnasaċ ċum an urnaiġe 'ḋéanaṁ mar ar cóir .i. uaigneas na hintinne, uṁlaċt an ċroiḋe, dóċas i nDia, trosgaḋ déirc nó oibreaċa na trócaire, agus tóraiḋeaċt ċinnte uirṫe.

An ċéad ċoinġeall, an intinn agus an coinsias a beiṫ glan ó ṗeacaḋ marḃṫa agus saor ó ḃuaiḋreaḋ agus ó ṫriobloíd eile; sé sin uaigneas na hintinne. Atá sé sgríoḃṫa naċ n-éirteann Dia le hurnaiġe an ṗeacṫaiġ. Ar an áḋḃar sin, ní fuláir an coinsias a beiṫ ionnalta saor ar ḃuaiḋreaḋ ag dul a ċaint nó a ċoṁluadar le Dia, óir is le Dia a bíonn sinn ag coṁráḋ an tan a bíomuid ar ár n-urnaiġe. Dá fiaċṗá a ċoṁráḋ nó a ċaint le síġ nó le tiġearna, ċuirfeá inneall, gléas, agus dóiġ ort féin. Cuiṁniġ, ag dul ar ṫ'urnaiġe, naċ le síġ ná le tiġearna saoġalta, aċt le Ríġ flaiṫeas Dé, le na naoṁaiḃ, agus le na hainglib, atá do ċaint agus do ċoṁráḋ.

Uṁlaċt an ċroiḋe an dara coinġeall. Bíonn fáilte ag[12] Dia roiṁe leis an ċroiḋe uṁal, mar ċanas Dáiḃiḋ an síġ: *Cor contritum et humiliatum, Deus, non despicies*

---

[10] daiġean. [11] cebe, *bis.* [12] aige.

(Sailm l., 19). Deir Talef, fealltramhnaḋ eagnaiḋe a ḃí inn an Ṡréig: *Nosce teipsum;* agus deir Naomh Bearnard an níḋ céadna .i. 'a ḋuine, cuir eolas ort féin, agus má ġní tú rin, do-ċíriḋ tú do laige, do loċta, agus d'anḃfainne; do-ċíriḋ tú naċ ḃfuil ionnat féin aċt tuamba earláinte, fionn-aoiṫa i dtaoḃ amuiġ, lán morgaiḋ i dtaoḃ irtiġ. Do-ċíriḋ tú naċ ḃfuil in do ṡaoġal aċt rgáile naċ mairfeann óglaċ, agus rin féin lán amġair agus buaiḋriḋ; gur laige do neart; gur ab é do ċríoċ an bás, agus naċ ḃfuil uairle ná uaċtarránaċt ran uaiġ. Tar éis an mion-eolas ro a ċur i miodarraċt tuigfiḋ tú naċ mór an luaċ ná an mear ar fiú ṫú féin, agus gur amlaiḋ naċ le hárdán-aċt, le huaḃar, ná le mórḋáil ar cóir duit a ṫeaċt, aċt le humlaċt agus le huir-ísleaċt croiḋe, i láṫair Dé agus na haltóra, a ḋéanamh urnaiġe, mar ṫiocfaḋ duine cionntaċ i bfiaḋnaise an ḃreiṫimh, nó an duine earlán i bfiaḋnaise an léaġa, nó an duine lag i láṫair an duine ċumaċtaiġ.'

So an umlaċt a ḃí ag[12] an ṗuibliocánaċ. Ṡearaim ré i bfad síos, ċrom ré a ċeann, agus buail ré [a] uċt ag rad: *Deus propitius esto mihi peccatori* .i. 'a Ḋia, déan[13] trócaire orrma an peaċtaċ' (Lúcás xviii., 13). Agus is amlaiḋ, ar fiocais na humlaċta agus an tear-ġráiḋ a ḃí n-a ċroiḋe fuair ré trócaire.

Dóċas .i. dúil agus muinigin láidir ar trócaire Dé an tsear coinġeall. "Má iarrann tú ar an trliaḃ ro an áit a bfuil ré 'ṡágḃáil agus a ḋul i lár na fairrge, do-ġeoḃaiḋ[14] tú ṫ'aṫċuinge má ḃíonn creideamh agus

---

[13] deana. [14] geaba, *bis.*

dóċar láidir agat" (Marcus xi., 23). Ṡiubail Peadar, prionnsa na n-earpal, ar an ḟairsge, acht an uair do-ċonnairc sé an ġaoċ ag éirġe, ġab eagal é; agus an tan a bi sé ag dul faoi an uisge, d'éiġiṁ[15] sé ag ráḃ: "A Ṫiġearna, ráḃáil mé" (Maṫa xiv., 30). Ṡin Íosa a láṁ ċuige, agus ṫug aċṁurán dó ar siocair an eagail agus an éadóċair do ġab sé: *Modicae fidei, quare dubitasti* (Maṫa xiv., 31). An uair a d'éiġiṁ Peadar go mór, ṡín Íosa a láṁ ċuige agus ráḃáil sé é. Sgairt ṫusa go láidir ar Íosa, a ċríostaiḋe, agus ná bíoḋ aṁras agat nać ráḃálaiḋ sé ṫú ar gać gáḃaḋ agus ar gać contaḃairt i n-a ḃfuil tú.

Trosgaḋ, déisc, agus deiġ-ġníoṁarṫa an ceaṫraṁaḋ coinġeall a ḃaineas leis an urnaiġe. Atáid trí heoċraṫa ar ṫeaċ Dé .i. trosgaḋ, déisc, agus urnaiġe, agus ní osglann aon eoċair aca an doras léiṫe féin muna mbéiḋ[4] siad uile ar aon iúl.[16] Bíonn an urnaiġe bacać mar luing gan seól nó mar éan gan sgiaṫán, muna mbéiḋ[4] trosgaḋ nó deaġ-obair eile ag cuideaṁ léiṫe, óir siad na deaġ-oibreaċa do-ḃeir anam agus bríġ do na subailcib a bíos marḃ gan iad, mar ḋearḃas Séamus Earpal [san dara caib., sanna 17 agus 26].

An cúigeaḋ coinġeall tóraiḋeaċt ċinnte ḃuan a ṫaḃairt dí go laeṫeaṁail, gan éirġe cosṫa nó sgaḋánta innte, agus go ronnsaḋać maidin agus tráṫnóna. Mar sin, is cóir feiṫeaṁ go hurṁal foiġdeać ar ṫoil Dé, agus gan ḃeiṫ ag gearán 'ċionn[17] nać ḃfuilmid ag faġḃáil freagra ná toraiḋ ar an bponnc; óir is fearr a[n] fios atá ag[12] Dia ná againne créad ar siaċtanas

---

[15] ḋéaḋ, *bis.* [16] aniodal. [17] cionn, *quater.*

dúinn, agus créad an uair ar fearr dúinn a fágbáil. Agus dá ndéarfad duine gur fada atá sé ag bualadh agus ag iarraidh gan tosnadh, sé ar ádbhar dó sin 'ċionn nach raibh sé ar staid na ngrás, nó 'ċionn nach raibh na coinġill riachtanacha aige, nó 'ċionn gur iarr sé go holc neiṫe nach raibh ceart, mar adeir Séamas Earpal linn san ċaib. péaṁ-ráidhte. *Quaerite primum regnum Dei et iustitiam eius, et haec omnia adiicientur vobis* : "Iarraigidh ar dtús ríoġachta Dé agus do-ġeobhaidh ríbh gach níbh eile atá riachtanach agaibh" (Mata vi., 33). Sé sin le rádh : "Iarraigidh ar dtús grásra agus na neiṫe atá riachtanach ag an anam ċum toil agus aiṫeanta Dé do ċóiṁlíonadh, agus ar a ċionn sin, do-ġeobhaidh ríbh na neiṫe raoġalta atá d'earbhaidh oraibh." Siad so bhriathra Ċríosd, bhriathra nach féidir a mbréagnadh go bráṫach muna mbéidh[4] an loċt orainn féin.

III.—Labhraim annso ar bhríġ na hurnaiġe. Deir Mata (caib. xvii.) go dtáinig[18] óganach i láṫair Ċríosd i n-a raibh ainrriorad. Ċoṁ luaṫ agus srreag Críosd an t-áidhbeirreoir, d'imṫiġ sé ar an óganach agus fuair sé rocraidheaṫ. Ṫáinig na deirgiobail d'ionnsaidhe Ċríosd 'n-a dhiaidh sin agus d'ḟiafruiġ siad : "Créad fá nach dtáinig linne an t-ainrriorad úd a ċur amach ar an óganach?" Freagrar Críosd agus dubairt sé leo : "Sé an t-ádhbar é ar riocair bhur[19] ndroċ-ċreidiṁ ; óir go deiṁin, adeirim libh, dá mbéadh oiread gráinne murtairt de ċreideaṁ agaibh, dá n-iarrfadh ríbh ar an tsliabh so annso a dhul annsúd anonn, dhéanfadh sé é. Aċt ċeana, bíodh fior agaibh nach dtleigfeadh an cinéal deaṁan so amach aċt le bhríġ na hurnaiġe agus an tsorgaidh."

[18] tainic, *passim*. [19] mar.

Léiġtear ag Iorua ran réṁeaḋ caib. go dtáinig ré féin agus an pobal Eabra[20] go cathair Iesuco, agus tar éis an ċathair do ṫimċeallaḋ reaċt n-uaire, ġabadar na ragairt reaċt ngall-trompaiḋe agus ṡéideadar iad. Ċóiṁṡreagair an pobal dóiḃ d'aon ġuṫ aṁáin ag éiġeaṁ[21] agus ag guiḋe ar Ḋia cuideaṁ leo. D'éirt Dia le n-a n-urnaiġe, óir, ar an bponnc, ṫuit ballaí agus daingneaċa[22] na cathraċ fá ṫalaṁ, agus ir aṁlaiḋ a ṫug riad buaiḋ orṫa le neart agus brís na hurnaiġe. Ciallaiġeann na reaċt ngall-trompaiḋe na reaċt n-aṫċuingeaċa atá ran Ṗaidir. Ionnta a ḃfuil, iarrraiḋ an uile[23] níḋ atá uainn i dtaoiḃ anma agus cuirp.

Atá ré rgríoḃṫa inr an ċeaṫraṁaḋ leaḃar de Leaḃraiḃ na Ríoġ go ḃfaca an giolla a ḃí ag an ṗáiḋ Eliseur rluaġ náṁad de ṁuintir Ríoġ na Sorṫa gaċ taoḃ den ċaṫraiġ le héirġe an lae. Ċuaiḋ an ṗáiḋ ar 'urnaiġe. Ḋearc an giolla aríst agus ċonnairc ré rluaġ d'aingliḃ Dé ní baḋ líonṁaire ná an náṁaid ag cuṁdaċ an ḃaile. Ċuaiḋ an ṗáiḋ ar 'urnaiġe arír, agus ṗuair ré ó Ḋia an náṁaid uile do ḋallaḋ ar ṁoḋ gur ráḃálaḋ é féin agus a ṁuintir uile ar neart na náṁad.

Ṫug Iorua ar an ġréin rearaṁ ar an aer le brís na hurnaiġe. *Stetit sol in medio coeli* (Ior. x. 13). Léiġtear ag Ecrodur (xvii. 8-16) go ndeaċaiḋ Amalec le harm coṁaċtaċ i n-aġaiḋ an ṗobail Eabra. D'órduiġ Maoire do Iorua, an tasgreaċ, a ṁuintir féin a ṫarraing amaċ 'n-a n-aġaiḋ, agus ċuaiḋ ré féin agus Aaron, an ragart, agus Hur ar a n-urnaiġe i mullaċ rléiḃe. Ṫóg Maoire

---

[20] Abra, *bis.* [21] éaḃaiḋ. [22] daiġneaċ. [23] na huile.

a dá láiṁ i n-áirde ag guide Dé. An fad a bí na láṁa ríncte ruar le muiniġin agur le dóċar ag guide Dé, bí an cać ag dul le n-a ṁuintir, acht an uair a leigfead síor iad, ċéidead an cać i n-a n-aġaid. In aon focal, ir leir an urnaiġe do-ġeibṫear gráfa Dé. Coṁ-oibriġeann na gráfa rin na deiġ-ġníoṁarṫa, agur tuilleann na deiġ-ġníoṁarṫa rin a ċig ó na gráfaib an ġlóir ríorraide i bflaiṫear Dé.

Ní féidir uiṁir agur éifeaċt na míorbailí do runne Maoire, Eliar, na fáide, na hearbail, agur na naoiṁ a d'áireaṁ[25] ná a ċur síor, gan tráċt ar míorbailíb Ċríosd. Ir léiṫe a ṫug riad buaid ar na caṫaidib, ar an traoġal, agur orṫa féin. Agur fá deoid, ir leir an eoċair reo agur le heoċair an triosgaid agus na déirce a d'ḟosgail riad na geataí agus na doirre a ṫéid isteaċ go ríoġaċta na glóire ríorraide, an áit a bfuil agur a mbéid riad ag[12] molad Dé go raoġal na raoġal.

IV.—Fá deoid, i dtaoib na haimsire, na háite, nó an ġléas' ar cóir an urnaiġe a déanaṁ, adeir Críost: *Oportet semper orare et non deficere* (Lúcás xviii. 1). Agur adeir Pól: *Sine intermissione orate* (Theis. v. 17); fé rin le fád, san uile am agur san uile áit, acht go fseisialta ag an altóir, ag dul a luiġe san oidċe, ag éirġe ar maidin, ag dul amaċ agur ag teaċt na baile, ag tionnsgnad agur ag críoċnuġad gaċ obair agur deiġ-ġníoṁ. Ar maidin taḃair buideaċar do Dia fá do ṫaḃairt slán ón oidċe, ag taḃairt glóire, adhraid, agur molaid dó. Annsin déan iodbairt agur ofráil

[25] an áireaṁ.

ḋíot féin do Ḋia, agus cuir fún daingean ṁoṁat an ló sin agus do ḟaoġal go hiomḟlán, le congaṁ na ngrás, a ċaiṫeaṁ 'réir dliġiḋ agus tola Dé, ag cóiṁlíonaḋ na n-aiṫeanta agus ag seaċnaḋ na n-olc, agus go ronnraḋaċ na [b]peacaiḋe ar mó dá ḃfuil toil nó taitneaṁ againn dóiḃ.

Cibé ḋéanar an urnaiġe le na coinġeallaiḃ réaṁ-ráiḋte seo aige, ná bíoḋ aṁras ná contaḋairt 'n-a cionn aige nać ḃfuiġiḋ sé gać níḋ ṡiaċtanarać ar an traoġal so i ḃfus, agus an ġlóir ḟíorraiḋe ar an traoġal eile ṫall. Amen.

[Críoċ.]

Seanmóir a Trí.

An comḟurtuiġtheoir[1]

[Don reireaḋ Domnaċ tar éis Cárga.]

Cum autem venerit Paraclitus, quem ego mittam vobis a Patre, Spiritum veritatis, qui a Patre procedit, ille testimonium perhibebit de me, et vos testimonium perhibebitis.

An tan ṫiocfar an Comḟurtuiġtheoir do ċuirfiḋ mé do ḃur n-ionnraiḋe ón Aṫair, Sprorad na fírinne ṫig ón Aṫair, taḃarfaiḋ sé fiaḋnaise liom, agus do-ḃéarfaiḋ fiḃ fós fiaḋnaise liom.

(Bhuaṫra do léiġmíd ag an Naomh-Ṡoirġéalaiḋe, Eoin, caibidil xv. rianna 26, 27).

A ĊÁIRDE ġráḋaċa,—Is é níḋ ċiallaiġeas fiaḋnaise do ṫaḃairt le hIosa Críost a ċaiṫréim do ċraoḃ-rgaoileaḋ, a ḋiaḋaċt ón Aṫair ríoghraiḋe do ġnáṫ-ċoraim, agus naomṫaċt a ṡúindiamhra agus a ḋliġe ḃeannuiġṫe do ċur i n-iúil agus a ḋeimhniuġaḋ do láṫair na ndaoine. Is fíor ġurab é seo an ḟiaḋnaise ṫug an Sprorad Naomh ċeana ḋó, agus do-ḃeir sé fós dó gaċ aon lá an tan do rgreagann sé ár gcroiḋṫeaċa go hinmheoḋanaċ ċum oibreaċa beannuiġṫe do ċleaċtaḋ, agus an tan ḟoillsiġeann sé ár n-anam le lonnraḋ an ċreidimh. I n-éaġmais na fiaḋnaise inmheoḋanaiġe neamh-ḟaicseanaiġe seo na Sprorraide Naomṫa, atá fiaḋnaise eile eidir-mheoḋanaċ ḟolamanta ann d'iarrfar Slánuiġṫeoir an ċine daonda ar a abrtalaiḃ agus ar a

[1] O'Renehan MSS. Vol. LXXVI., pp. 35-46.

luċt leanaṁna féin; an ḟiaḋnaire ċéadna ṫugadar na habrtail agus na deirciobail dó an uair do ċuardduiġ-eadar iltíorṫa na talṁan ag feanmóir a Ṡoircéil, agus an uair do ḋoirteadar a gcuid fola ir do ṫoirḃreadar fuar a n-anam ár fon dliġe agus aiṫeanta a n-uaral-ṁáiġirtir[2]. Ór ir aṁlaiḋ rain do ċóiṁlíonadar an foirċeadal agus an t-oideaċar bríoġṁar ċuġ ré ḋóiḃ inr na briaṫraiḃ seo: "Craoḃrgaoilfiḋ riḃ m'ainm ar mearg uile ċineaḋaċa na talṁan, déanfaiḋ riḃ feasta móra agus míorḃaile ar mo ḟon, agus béiḋ riḃ in ḃur ḃriaḋóniḋṫe, in ḃur feanmóiṁiḋṫe, agus in ḃur luċt coranta ḋaṁra"—*et vos testimonium perhibebitis.*

Aċt atá ré cinnte, agus ir éigean daṁ adṁáil mar aon liḃ, naċ ḃfuil gairm ó Ḋia ag an uile ḋuine ċum feanmóireaċt an tSoirgéil. Tar éis rin, ir féidir a ráḋ, agus áitiġim fór go lán-dáraċtaċ é, go ḃfuil ré d'ḟiaċaiḃ ar gaċ n-aon againn do réir ár gcoṁaċta agus ár n-acfuinne, ċoṁ maiṫ leo ro, airm do ġlacaḋ i n-ár láṁaiḃ ċum cúir Dé d'iomċornaṁ, ċum náṁaid a ġlóire fíorṁaiḋe do ċorcairt, agus ċum caineaċt agus iomláineaċt a ḋliġe ḃeannuiġṫe do ṗréaṁ-ḋaingniuġaḋ. Ir dualgar, dá ḃríġ rin, é naċ féidir cur fuar dó, agus dualgar, foirfior! atá ċoṁ mór rain i ndearmad ar mearg na gcríorṫaiḋṫe gur ṗánaċ ġeiḃṫear fíor-ḃeagán do ṫroidfiḋ go cróḋa i n-aġaiḋ an traoġail ar fon an Dé ṁór-ċoṁaċtaiġ[3] dá dtugaid aḋraḋ agus mór-ṁolaḋ, agus dá n-a[dṁaid] go horcailte a ċreideaṁ. Ġiḋeaḋ, ní mór ḋíḃ a ṫuigrin go ḃfuil dá ṫúirṁiġṫeoir inr an duine ar ṗréaṁa ró-

---

[2] maiġirdre. [3] Dia móṙċoṁaċtaċ.

gnáthaca dá uile dhroc-chlaontaibh, mar atá, daillseacht fhrioraidhe agus laigeacht chroidhe, agus ir iadhsin phríomh-bhunadhas an léir-dhearmaid agus an fhuar-chrábhaidh sin—daillseacht fhrioraidhe do-bheir fá ndearna oraiunn a mhear gus gliocas fhiachtanach agus gus chríonnacht ionmholta bheith lán de neamh-mhothughadh i gcomhluadhas na ndaoine ins gach nídh bhaineas le dhligh Dé, laigeacht chroidhe thré n-a gcaillimídh ár neart agus ár bhfoirtileacht chríorthamail chum buaidh do bhreith ar aon chruadhál do thig i n-ár fhligh i dtaobh Dé. Tairbeánfaidh mé dídh ins an chéad roinn de mo chomhrádh gus gliocas mío-ádhbharach cailleamhnach dúinn gan fiadhnaise do thabhairt leis an Slánuightheoir do láthair na ndaoine agus ár dtear-ghrádh do chur i n-iúil[4] dó. Cruthóchaidh mé dídh ins an dara roinn go bhfuil an laigeacht chroidhe, thré n-a n-iomcharaimídh sinn féin le mántacht, agus le time, agus le leisce ag coraim cúis an Tighearna, chum fuath nó gráin na ndaoine do fheachain, contrárdha ó nádúir le fhrioraidh Íosa Críosd, agus, dá bhríghsin, cionntach dá dhamaint ríorraidhe. Gidhedh, athchuingim go díleas dúthrachtach tobar an uile eolais ins na flaithis m'anam do fhoillsiughadh le tear-ghrádh a fháidhe chum bhur gcroidhtheacha do chorruighadh ruas agus do ghríos-larrad le fhréidh éigin toirbhearthaigh den teine naomhtha úd do lar Íosa Críosd dúinn ar talamh, thré naomh-eadarghuidhe chomachtach na Maighdine Muire, ag rádh *Ave Maria.*

An Chéad Roinn.

Gliocas do cheardadh dúinn féin ar chortas ár n-Athair ríorraidhe i n-aghaidh gnáth-bhéasa an tsaoghail, chum náire agus írliughadh gach caon-dúthracha agus chum

[4] nuil.

borruġaḋ agus neartuġaḋ leis an malluiġṫeaċt, ré sin le ráḋ, gliocas do-beir earmail agus marla do Ḋia, do ḋaorann a saoġal féin, do-beir scannail agus droċ-ṡompla do na hóg-ċreidmeaċaiḃ agus mór-ḋáraċt don druing mhalluiġṫe—is é an gliocas so, adeirim, do mhúineas aora gráḋa na bearraiḋeaċta agus na n-ainmhiana corraiḋa dá ndaltaíḃ agus dá luċt leanamhna, is daoras Sriorraid Dé agus na fírinne go comċoitċeann agus go síorraiḋe. Tairbeánfaid mé ḋíḃ i mbeagán focal ċeiṫre réarúna ronnraḋaċa do-ġeibim ins an mórálataċt ċríortamhail ar príomh-ḃunaḋas ar fírinne na mbriaṫar sain.

Is níḋ é, a ċáirde, ḃaineas le mórḋaċt Dé an uile omós[5] agus reirbíre do ṫairbeánaḋ dó leis an uile ċríortaiḋe leis mian a ġlóire do ṡealbuġaḋ agus gan scarad leis. Ní ḟuil gliocas fán sréis cumasaċ a ḋóiṫin ċum neart agus dlúṫ-ċeangal an dualgais seo do ċur ar gcúl,[6] de ḃríġ gurab é an dualgas céadna as ceann-tobar ó n-a dtigeann an gliocas féin, agus gur ċuige ṫriallann an truḃáilce[7] sin go hiomṡlán. Atá cúis an Tiġearna, sé sin le ráḋ, a ċreideamh, a ċráḃaḋ, a ḋliġe, a mhór-onóir agus a ġlóire de ċéim ċomh hárd agus d'ósd ċomh huaral sain naċ féidir le haon tairḃe ná roċar saoġalta sinn do ṫoirmearc ar a corain, agus, ċomh minic is tugṫar claoċlóḋ ar a ḋliġe ḃeannuiġṫe tré n-ár neimh-ionnsacar nó tré n-ár ḃṡailliġe, go mbéidmíd ṡreagarṫaċ dá ċionn do láṫair a ár-ḃreiṫeamhnais. Gideaḋ, ċímíd, foirsíor, gaċ aon lá, tré ṡailliġe[8] na gcríortaiḋṫe, go gcumaid leiṫcéala

---

[5] oġmóġar. [6] ccúla. [7] an ruḃáilce. [8] ṡala.

raoḃa ruaraċa ċum ḃeiṫ i n-a dtorr an uair baḋ ċóir dóiḃ laḃairt go hárd, ċum ḃeiṫ i n-a gcoṁnaiḋe an uair baḋ ċóir ḋóiḃ raoṫar díċeallaċ do ḋéanaṁ, agus ċum ríoṫċáin rcannalaċ rradánta d'iarraiḋ an uair baḋ ċóir ḋóiḃ buan-ċogaḋ d'ḟógraḋ ar ron a dTiġearna.

Is uime an riaġail rin do ṁíniġeadar Naoṁ Ieróm agus an Doċtúir Aingliḋe Tomár an aiṫne reo den dliġe ḋiaḋa ar mod ċoṁ cruaḋálaċ rain gur ḋeiṁniġeadar go ḃfuil sé d'ḟiaċaiḃ ar an uile ḋuine, tar éis a ḃairdeaḋ ins an ċreideaṁ ċríortaṁail, adṁáil ṗuibliḋe do ḋéanaṁ ar a ċreideaṁ an uair ar gáḃaḋ dó é, díoḋ go ḃfuilingiḋ sé tríd rin an ṗeannaid ar gonta agus ar uaṫḃáraiġe, agus go gcaillid sé, mar aon leis, a ṁaoin raoġalta nó a anam fós. Óir, mar adeir Tertullianus, ní féidir leis an gcríortaiḋe rtríocaḋ d'aon riaċtanas ná cruaḋáil ḃíos i n-aġaid gliúire Dé. Do b'é an ró-riaċtanas céadna do ḃraiṫeadar na críortaiḋṫe orra féin, gan ainm ná dliġe Íosa Críosd do ṡéanaḋ go bráṫ, fá ndearna an oireas rain naoṁ-ṁairtíri do ḃeiṫ againn indiu dá n-onóruġaḋ ins an Eaglais. Do b'ḟéidir liom áiteaṁ naċ ḃfuil tír fán ġréin i n-ar dílre agus i n-ar ríriunniġe do ṡearṁadar críortaiḋṫe amaċ ar ron a gcreidiṁ ná i n-ár dtír féin, de ḃríġ gur ḋiúltadar ḃur n-aiṫreaċa tré ṁór-ġrára Dé go fearaṁail cróḋa dá maoin raoġalta agus dá n-anam go ró-ṁinic dá ḃuan-ċornaṁ. Aċt ní móide an riaċtanas do ḃí ar na mairtíriḃ i n-allóid ar a gcuid fola do ḋortaḋ go raor-ċroiḋeaċ daorḋálaċ ar ron a gcreidiṁ, agus ar ḃur n-aiṫreaċaiḃ a maoin raoġalta do ríor-ṫréigean, ná atá oraiḃre indiu ċum ḃur dtear-ġráḋ do ṫairbeánaḋ

ór árd agus ór íreal do Ḋia na n-uile ċoṁaċt, do ċruṫuiġ agus do ċeannuiġ ar ċrann ꞃcannalaċ na croire riḃ, ar an áḋḃar naċ ḃfuil inr an dlúiṫ-ċeangal ronnraḋaċ[9] atá orainn ár gcreideaṁ 'aḋṁáil gan ꞃgáṫ gan cruṫ-eagla do láṫair na ndaoine aċt iarmairt riaċtanaraċ den oibliogáid ċoitċinn[10] atá orainn ár dteaꞃ-ġráḋ do ꞃíor-ċuimṁniuġaḋ, an uair ar gáḃaḋ ḋúinn é. Agus dár ndóiġ, má ḃí riaċtanar ċoṁ mór rain ar na creidṁeaċaiḃ inr na haimꞃiriḃ díṫeaṁla úd an ċruaḋtain agus na géar-leanaṁna aṁgairġe[11] i ḃfíor-ṫoraċ na hEaglaire, an é naċ mó ná rain an dlúṫ-oibliogáid atá oraiḃre indiu, tar éir bratacha an tSoircéil d'árduġaḋ rá buaiḋ agus rá ġlan-ċorgar in ḃur mearc ḃur dteaꞃ-ġráḋ do ċur i n-iúil, gan teaġlaċ aoiḃinn ḃur Slánuiġṫeora, do ṫógḃadar na mairtírí ruar ó ḃun-áit, do léigean ar lár, agus an teine do ċoiglidear ḃur n-aiṫreaċa go caiṫréimeaṁail corantaċ do ċur ar larad, agus gan léigean dí múċaḋ[12]?

Ná meallaiḋ riḃ féin, a ċáirde; muna mbéiḋ an teaꞃ-ġráḋ úd agaiḃ an uair ċífiḋ riḃ marla dá ṫaḃairt do Ḋia, ní críortaiḋṫe riḃ ar aon ċor, ar an áḋḃar go ndeiṁniġeann Íora Críort dúinn i n-a Ṡoircéal: "An té naċ ḃfuil im ḟoċair, atá ré im aġaiḋ,"—*qui non est mecum, contra me est* (Mata xii. 30)—bratra, adeir Naoṁ Aiḃirtín, do-ḃéarfaiḋ náire ꞃíorraiḋe do luċt gliocair an traoġail reo, ḋaorfaiḋ go trom a ḃfuar-ċráḃaḋ agus a mainneaċtain ċionntaċ[13] gan fiaḋnaire ḟoirtil do ṫaḃairt leir, agus do ḋamnóċaiḋ gan ċontaḃairt na réarúna raoḃa ruarġaċa le n-a mearaiḋ iad

[9] pairtioculárṫa [10] geinearalta. [11] aṁgairġeaċa. [12] do ṁúċaḋ.
[13] mainneaċtnaiġṫe ṫiontaċ.

féin do ḋorain agus do ḟaoraḋ ó ġlinn-ḃreiṫeaṁnar Dé.

Acht tugaimíd anoir fá ndeara fmuainte flaiṫeaṁla mór-uairle an tSalmuiḋe Ríoġaṁla, agus déanaimíd cruinn-ḋorṁaileaḋt ríor iad agus iomḋar na druinge fuar-ḋráiḃṫiġe[14] leirgeaṁla úd. "Ó, mo Ṫiġearna!" ar ré i líonṁaireaḋt a rriorairde, agus teine ṫinntiḋe ṫroim-éadálaḋ den tear-ġráḋ ro ar dearg-laraḋ i meaḋon a ḋroiḋe, "atá a ḟáir-ḟior agam naḋ ḃfuil ionnam aḋt aṁarán agus amaid, agus naḋ ḃfuil foġluim ná gliocas agam aḋt inr an ṁéid noḋtaim mo ṫear-ġráḋ agus m'árd-ṁian ḋum cornaiṁ agus nearṫ-uġaḋ do ġlóire. Agus ir é an tear-ġráḋ céadna atá agam dod ṫeaġlaḋ onóireaḋ do-ḃeir fá ndeara orm go ḃfágḃaid an uile ṁarla agus mío-onóir dá dtugaid na raoġaltánaiġ[15] ḋuit cneaḋ tinn doi-leiġirte im ḋroiḋe." *Zelus domus tuae comedit me, et opprobria exprobantium tibi ceciderunt super me* (Sailm lxviii. 10)—ré rin le ráḋ, 'gaḋ earmail agus naoṁ-aiṫir, gaḋ ceall-argain agus raoḃaḋ reilge, gaḋ rcannail agus iṫiomráḋ, gaḋ monabar agus mallaiġṫeaḋt do-ġníṫear tré ḋuirreaḋt na ndaoine, tar éir éirġe ḋóiḃ ḋoṁ háro leir na flaiṫir i n-aġaiḋ do ṁórḃaḋta-ra, go dtuirlingid uile fá ḋeoiḋ in mo ḃaḋar ar ḋor naḋ féidir liom gan[16] mo ġearán do ḋur i n-iúil agus cúir mo Ṫiġearna do ḟearaṁ gan náire gan ḋríṫ-eagla.' Ag ro, a ḋáirde, eirriompláir oirḋearc do ḋuireann an Scríḃinn Diaḋa ór coṁair ár rúl i bpearrain Dáibíḋ; óir ní ríġ ná impire aṁáin dár ḋóir rmuainte agus urlaḃra móra gráraṁla do ḋéanaṁ, aḋt fór do ṫiġearna tíre i n-a

[14] ruaṁráḃuiġe. [15] raoġaltannaiġ (?) [16] abraḋ an raoġal mar a ranntaiġid gan.

ḟearann dúṫċair agus ar mearc a ċuallaċt, do bhreiṫeaṁ i n-a ċaṫaoir bhreiṫeaṁnair, d'uaċtarán i n-a ċomonóid agus d' ḟear tiġe ar mearc a ṁuinntire, i n-aon ḟocal, don uile ċríorthaide do ṗéir a thaid beaṫa agus méid a acfuinne, ċum go dtiocfaḋ leo an ḟiaḋnaire ċéadna do ṫabairt don tSlánuiġtheoir agus ṫug an ṗíoġ-ḟáiḋ do Ḋia inn na bhuaṫraiḃ seo: *Et opprobria exprobantium tibi ceciderunt super me.*

Ní ḟuil sé inċreidte ar ċor ar biṫ go gcóiṁreoċaḋ Dia mar ḟoġnaṁ agus mar ḟeirḃíse an claon-iomċar úd 'n-a bhéaċann an raoġal uile air mar ċlaḋaireaċt agus mar ġearraḋ bráġad, agus go ngeaḃaḋ leis an bhriaḋnaire úd ar ár dtaoḃ mar ṫaiṫneaṁaċ dá láṫair ḋaoraṁ an uile ḋuine mar ḟeall fógarṫa. Acht áitiġim, an té ċífeaḋ a ḋuine muinnteartha i mbroid ṁóir nó i mbruacail, agus naċ dtiocfaḋ ċum caḃair agus congnaṁ do ṫaḃairt dó do ṗéir a nirt agus a acfuinne, i n-ionad mear carad do beiṫ aige air, go ḟeaċnóċaḋ é mar ḟear fill agus mar earcara. Is mar sin do ġní síġ nó prionnsa raoġalta i n-aimsir ċogaiḋ le n-ar gnáṫaċ an peanóir ar géire do ṫaḃairt don traiġdiúir a thaonar coṁrac, nó ṫréigear a bhrataċ i gcruaḋtan an ċaṫa. Ní dóiġ leis gur ḟeaḋmannaċ ḋíleas ḟíréanta an té naċ dtiocfaḋ mar aon le n-a ċuallaċt agus le n-a ollṁaiṫeas aiṁ agus airgid ċum treasgairt na naṁad. An bhfuil sé inċreidte mar sin, a ḋeaṁbráiṫ-ḟeaċa, go mbéid Ríġ móir-ċoṁaċtaċ nime agus talṁan, atá ċoṁ héadṁar rain le n-a ḟearṁbhóġanthaiḋċiḃ ċum a ġlóire do ṁéadugaḋ, lán-tráṫa leo, tar éis a ċúis do ṫréigean, gan cúiteaṁ agus díoġaltas d'iarraiḋ orra. Cruṫuiġeann gnáiṫ-iomċar an traoġail an ḟíriunne seo

fóir dúinn, óir ní fuil taoiseach fluagh ná ceann tíre, iarla ná ridire, ar gcloirtin dóib marla agus mío-urraim[17] do tabairt dá ríghe, nach n-éirigeann ruar go húrmheirneamhail deithearach cum airm do glacadh agus díoghaltas díbhearghach do buain amach. Agus má 'r cóir dúinn beith comh díoghrasach rain ag tairbeánadh ár dtear-ghrádha i ndíoghal an mharla agus na mío-onóra do fuair ár bhrionnra faoghalta, ní féidir nach córa dúinn urraim agus omóir do foillsiughadh dár máighistir mór-chomhachtach fíorraidhe do thug oiread rain tiodhlaicthe beannuighthe dúinn, beith díleas ionnraic dó agus a chúis do choram do réir méid ár gcomhachta agus ár n-acfuinne, díodh go mb' éigean dúinn ár maoine agus ár mbeatha fhaoghalta do chailleamhain leis.

Dá mbéadh gan aon chúis eile againn cum ár neamh-mhothughadh do thréigean, níor bheag dúinn é gan proch-fhompla do thabairt do na nuadh-chríortaidhthibh nach bhfuil fóir diongmhálta ins an chreideamh. Óir badh chóir don uile chríortaidhe le n-ar maith lorg an tSlánuightheora do leanmhain gan buaidhirt intinne agus díoghbháil fhrioradhálta do dhéanamh dóib fo, cum nach mbéadh aon amhras aca ar fheabhas, ar naomhtacht, agus ar mhór-ghlaineacht na beatha chríortamhla,[18] ar chor go bhféadfaidís eidir-dhealughadh do dhéanamh idir rinn agus págánacha dí-chreidhmeacha is an druing mhalluighthe, agus go mbadh dheonach le Dia an bhriathar beannuighthe úd adeirimíd gach aon lá ins an airfeann d'fhiorughadh i n-ár bpearsan: *Iudica me Deus, et discerne causam meam de gente non sancta* (Sailm xlii. 1). Badh é an neamh-mhothughadh úd i

---

[17] mioghurrama. [18] an beatha chríortamhail.

gclannaiḃ Iṡraeil féin fá ndeara don ḟáiḋ Eliaṡ i n-allóiḋ fearg do ġlacaḋ agus árd-éiġṁe do ċur ruaṡ i n-aġaiḋ ceann-taoiṡeaċa agus feanóiṡí an ṗobail, aṡ ḃṡeicṡin dó gan tearṡ-ġráḋ gan corruġaḋ iad taṡ éiṡ naoṁ-aiṫiṡ do ṫaḃairt do Ḋia óṡ a gcoṁaiṡ, agus onóiṡ ḋiablaiḋe don dia ḟallsa, Baal. *Usquequo*, aṡ ré go díombáiḋeaċ[19] cráiḋte, *claudicatis in duas partes* (3 Ríoġ xviii. 21)—ré ṡin le ráḋ, créad é an ḟaid aimṡire ḃéiḋ siḃ ag ḟéaċain timċeall oraiḃ gan an trliġe ḋíṡeaċ nó an diablaiḋeaċt do leanṁain? Má'ṡ é Dia Iṡraeil Dia na gcóiṡe agus ḃur n'Dia, créad fá naċ n-éirġeann siḃ ruaṡ ag tógḃáil a ṗáirte; agus muna ḃṡuil i mBaal aċt dia bréige agus ṡgáile gan éifeaċt, créad fá naċ mbuaileann agus naċ mbaṡcann siḃ é, ag ruaġaḋ agus ag coṡgairt a luċt leanaṁna, agus gan meoḋain do leanṁain atá ċoṁ ṡcannalaċ ċoṁ náireaċ do ṗobal Iṡraeil go huile? Aċt, foiṡíor bṡónaċ! a ċṡíorṫaiḋṫe, ní ciṡte d'oiṡeadaṡ[20] na bṡiaṫṡa ro Eliaṡ fáiḋ do ṫaoiṡeaċaiḃ pobail Dé inṡ an tSean-ṡeaċt ná oiṡear[21] ṡiad do ṁórán i n-áṡ mearc; óiṡ iṡ ró-ṁinic éiṡtimíd leiṡ an olc agus leiṡ an éiṫeaċ, leiṡ an monaḃaṡ agus leiṡ an malluiġṫeaċt, gan focal do ráḋ i n-a ċoinne, an ḟíṡinne dá daoraḋ gan neaṡtuġaḋ léi, ionnaṡ gur baoġalaċ dúinn go dtuilleam an tṡomḋíoġaltaṡ atá i n-áiṡiṫe fá ċoṁaiṡ na dṡuinge malluiġṫe.

I n-éaġmaiṡ go dtugann an ṡaoḃ-ġliocaṡ ro ṡgannail agus droċ-ḟompla do na nuaḋ-ċṡíorṫaiḋṫiḃ, neaṡtuiġeann agus doṡṡuiġeann sé go follus leiṡ an malluiġ-

---

[19] diombaḋaċ. [20] díoṡṡadaṡ. [21] ḋioṡṡaṡ.

ṫeaċt, caḃruiġeann ré le taoiseaċaiḃ an áiṙḃeirreorra[22] ċum a ríoġaċt diablaraċ do ċur 'n-a searaiṁ, agus ċum impireaċt ġlórṁar Íosa Críosd do ṫreasgairt agus do ḋío-láiṫriuġaḋ. Óir do réir sruaineaḋ breaġ bunaḋ-araċ Naoṁ Aiḃirtín, ní ġáḃaḋ don ṁalluiġṫeaċt mór-ċorantóirí d'ḟaġḃáil. Is leor dí í ḟulang ċum préaṁ ḋaingean do ġaḃáil. Mar sin má ṫugann tú síoṫċáin don oiċ, ní iarrann[23] sé caḃair ná congnaṁ eile ort ċum sciaṫáin do ġlacaḋ agus fár foir-leaṫan do ḋéanaṁ. Is aṁla rain do ġaḃ sé oileaṁain ó ṫosaċ an domain, agus is aṁla do ṗréaṁuiġeann sé indiu ar mearc na gcríosdaiḋe gaċ riosma agus gaċ eisiceaċt do-ċímíd ar bun i n-a mearc. An é naċ minic do-ċíteas baile nó caṫair iomṙlán i n-a haon dúiṁ lasraċ, dá loscaḋ agus dá ḋío-láiṫriuġaḋ tré ḟailliġe agus neaṁ-ṁoṫuġaḋ aon duine aṁáin go haonracánta? Dá ḃríġ sin, is léir dúinn an trom-ualaċ agus an ṁór-oibliogáid atá ar gaċ n-aon againn, agus go háiriṫe ar gaċ uaċtarán agus fear ceannair, gaċ fear léiġinn agus eolair, ċum cosg do ċur ar an gcuirṙteaċt le n-a n-uġdarṫár agus le n-a n-urlaḃra, ionnas go caiṫ-fid an breiṫeaṁnas ar cruaḋálaiġe agus an damaint ar diaċraiġe damáirtiġe d'ḟulang muna gcóiṁlíonaid é. Óir má éirteann duine foir-íreal naċ ḃfuair uġdarṫár ná tiodlaicte móra ó Dia, leis an oiċ, gan oll-ġáir do ċur i n-a aġaiḋ, ní lagaiġeann sé cúis Dé go ró-iomarcaċ. Gideaḋ, má ḟuilingeann uaċtarán 'n-a ḃfuil coṁaċta i n-a láiṁ agus, mar adeir an t-Abstal, atá 'n-a ḟear ionaid Dé ar talaṁ, gan a

---

[22] aiḃirreorra. [23] iarrsar.

ċúir do ċorain agus díoġaltas do ḃuain amach de luċt a ṁarluiġtheacht, is fíor go ngeaḃaiḋ an ṁalluiġtheacht préaṁ, agus go leathanóċaiḋ a nim agus a mailís ar feaḋ na tíre mar ċaor ḃuileaṁail nach féidir a ṁúċaḋ.

Acht atá a ḟior agam go n-aibeorfa riḃ go nduirfeoċaḋ an teas-ġráḋ tinntirḋe faoḃrach ar mian liom do ṁúrgailt ionnaiḃ i n-aġaiḋ na malluiġtheachta, milleán agus tarcuisne cáiċ oraiḃ, go dtaḃarfaḋ sé buaiḋirt ar mearc ḃur muinntire nó ḃur gcuallachta, agus i n-ionad leiġeas agus sláinte anma do ṫaḃairt don ḟeachtaċ, gur móide áfduiġeann leis go ró-ṁinic ċum tuilleaḋ feirge do ċur air agus tuilleaḋ uilc do ḋéanaṁ. Dá mbéaḋ sin fíor, a ċáirde, ní luġaide an milleán ḃéaḋ ag Dia oraiḃ i dtaoḃ ḃur neaṁ-ṁoṫuġaḋ, óir má baḋ ḋeonach le Dia an t-olc d'ḟoiġdeaḋ aṁla rain, níor ḃ'é a ṫoil riaṁ go ndéanfá a oileaṁain; ionnas gur mó an compóird duit a ráḋ le Dia: "A Ṫiġearna, do rinne mé do ċoṁairle, do lean mé do ṫeagarc, do ġaḃas páirt do ḋliġe ḃeannuiġtheacht, agus do ṫreasgair mé an ṁalluiġtheacht do réir m'uile acfuinne agus mo nirt." Agus bíoḋ go ndéanfaḋ sé buaiḋirt ar mearg do ṁuinntire, an uair atá sin riaċtanach tairḃeach, ní féidir a ráḋ gur gliocas duit gan a ḋéanaṁ agus léigean[24] don diaḃal ruiḋeacán do ġaḃáil i do ṫeaġlach; óir, mar adeir Aiḃistín, bíoḋ go dtaḃarfaḋ an glór mór do-ġní tú ċum corc do ċur ar an olc, buaiḋirt agus earcáirdear i láir do ċuallachta agus do ṁuinntire, ná glac mío-ṫaraḋ ṫríd, óir is aṁla rain ḃéiḋ sé glórṁar taiṫneaṁach do láthair Dé, mar is minic

[24] gan léigion.

bíonn ríoṫċáin ḟallṡa in do ċóir le buaiḋreaṁ agus le bruireaḋ[25] de bríġ go neartuiġeann agus go ṡcaḃruiġeann leir an bpeacaḋ. Is uime sin adeir Mac Dé linn i n-a Ṡoirṡéal naċ dtáinig ar an saoġal ċum ríoṫċáin, aċt ċum claiḋeaṁ agus cogaḋ do ṫaḃairt leir, ċum an aṫair do ṡgaraṁain leis an mac agus an inġean leis an máṫair, dá ċur i n-iúl dúinn leis sin naċ bfuil dlúṫ-ċaradar fola ná feola, dá ḋearṁaire, naċ cóir ḋúinn cur suas dó d'ḟonn ár dtear-ġráḋ agus ár n-uṁlaiḋeaċt d'ḟoillsiuġaḋ do Ḋia, agus fiaḋnaise ḟoirtil do ṫaḃairt leis. Agus go fírinneaċ, baḋ ċóir ḋúinn dóċar diongṁálta agus muiniġin do beiṫ againn i nDia go dtaḃarfaḋ sé leaṫan-beannaċt ar ár dtear-ġráḋ, de bríġ gur tear-ġráḋ cartannaċta é naċ bfuil mórḋálaċ ná uaillṁianaċ ná géar-aiṫireaċ, ionnas go bfuil sé deallraċ le mear go mbéiḋ sé tairbeaċ trom toirbeartaċ ċum maiṫeasa do ṁuinntire agus na coṁarsanaċta go hiomṁlán.

Is gnáṫ-ċleaċtaḋ linn fós go dtairbeánaimíd ár dtear-ġráḋ ag cáineaḋ agus ag géar-aiṫisiuġaḋ na mboċtán agus na ndaoine foir-ísle i dtaoḃ na loċtaí ar suaraiġe, agus go ngaḃaimíd tar ṗeacaiḋiḃ tromaiḋbéile ġráineaṁla luċt an traiḋbhis agus na honóra gan focal a ráḋ i n-a gcoinne, ċoṁ maiṫ is go bfuil sé ceaduiġṫeaċ ag an duine uasal agus ag fear an ċeannais marla do ṫaḃairt do Ḋia gan ċead gan ċeileaḃraḋ. Aċt fiafruiġim díot, an dual duit glóire Dé na n-uile-ċoṁaċt agus a ċúis do ṫréigean ar son a ċréatúra. An mar sin do sunne na habrtail do láṫair

[25] a búaiṡeaṁ sa bruireaḋ.

comairle na n-Iúdaiġeaċ[26] agus i n-aġaiḋ ordaiġte agus aiṫeantair na n-impire páġánaċ? Ó! ní amla. Do ḟreagadar go dána dragánta: "Cia aca ar iomċuiḃe dúinn urraim do ṫabairt díḃre nó do Dia"—*si iustum est in conspectu Dei vos potius audire quam Deum* (Gníoṁ. iv. 19). Uċ! mo ṫruaiġṁéil agus mo náire riḃ, a ċríortaiḋṫe, a ṗobail Dé, a ġéaga úra milre an tSlánuiġtheora, a ṫeampall' an Spiorraid Naoiṁ. Dá ndéanfaidír príoṁ-aiṫreaċa na hEaglaire, Criorortom, Aiḃirtín, agus mórán eile ragart díograraċ aṁla ro ir fada go dtigeaḋ leo pobal na gcreidṁeaċ do ċongḃáil rlán folláin d'Íora Críort ó gaċ riorma agus ó gaċ eiriceaċt d'éiriġ ruar le n-a linn. An é naċ le líonṁaireaċt a dtear-ġráḋa, le tréan-ċalmaċt a rearmóna, agus le cróḋaċt agus le buan-treaṁuiġ-ṫeaċt a n-úir-ṁirniġ ċríortaṁla do ṗréaṁuiġeadar Pádraig agus Colmcille, Deaglán agus Ciarán, Colmán agus Fionnḃar creideaṁ agus craḃaḋ i n-ár dtír áluinn féin, ionnar gur uṁluiġeadar prionnraí, gur ṁíniġea-dar árd-ṫriaṫa agus tiġearnaí fá ċaoin-ċuing an tSlánuiġtheora? Dá ḃríġ rin, a ċáirde mo ċroiḋe, gaḃaimír fearta mór-ṁirneaċ agus foirtileaċt, agus iarraimír le croiḋe-ḃrúiġeaḋ agus le dóċar ar Ṁac Dé Ḃí an gliocar damanta ro do díbirt ar ár gcroiḋṫiḃ, agus rinn d'úr-líonaḋ le n-a ṫear-ġráḋ ríoġaṁail beannuiġṫe, ionnar, tar éir rinn do ċorain ón maol-ċarraig ḃaoġalaiġ[27] reo an ġliocair raoġalta, go dtaḃarfaḋ comairce dúinn ar an dara duḃáilce úd, an laigeaċt ċroiḋe, ar meaḃair liom do ḋaoraḋ agus d'aiṫiriuġaḋ inr an dara roinn reo dem ċoṁráḋ.

[26] an ċoṁairle Iúdaiġeaċ. [27] maoil ċarraig ḃaoġalaċ.

An Dara Roinn.

Is firinne buan-ċoscrad atá deimhniġte don uile duine againn, dá ndeoin nó dá n-aimhdeoin, nać bfuil náimhaid níos baoġalaiġe ag an duine ná é féin an tan beis sé gráḋ agus macnais dó féin, ag léis-ḋearmad an dualgais atá d'ḟiaċaiḃ air do ċóimhlíonaḋ, ċum díoġbála a ċreidimh agus gaċ caon-dúṫraċta, ionnas, i n-ionad é féin do ċoṫuġaḋ suas agus d'oileamhain, go gcailleann a neart agus a bhríġ agus go dtugann air an mhallaċt d'iarr Dáibíḋ ṫuitim ar ḟeacṫaċaiḃ ins na bhiaṫraiḃ seo : *Redde retributionem eorum ipsis* (Sal. xxvii. 4), 'a Ṫiġearna, taḃair náire dóiḃ agus tréarcair iad i n-a sliġṫiḃ, go dtuirlingiḋ a gcionnta orra féin.' Atá sompla soiléir so-ṫuigsiona againn le feicsin i ndaoiniḃ an traoġail seo ċruṫuiġear an ḟírinne ċéadna soin dúinn. Is é aicme daoine iad críortaiḋḋe leirgeamhla iag-sgriosadaċa,[28] tré ḟanntaire croiḋe, tré ċriṫ-eagla foir-íril[29] sradánta, agus tré omór an-uaral don traoġal ċailleamhnaċ i n-aġaiḋ deimhin-rún a gcogusbair, nuair ar gáḃaḋ dóiḃ cúis ġlórmhar Dé do ċosain, do ṫréigeann go náireaċ neimh-ḟiúntaċ í. Créad ṫig de sin, a ċáirde? Tigeann sur i bfad ó aon tairbe ná soċar do ḋéanamh dóiḃ, go n-oibriġeann a leirge meoḋain só-ċontrárḋa le mar do mhearaid. Óir an ċéad uair, baineann sé díoḃ an onóir agus an gradam ar mó ar féidir do beiṫ ag an bpeacṫaċ do réir mear an traoġail féin, is é sin, beiṫ i n-a ndíonuiġṫeoirís agus i n-a gcoran-tóirís ċúire an Tiġearna do réir méid agus iomadamhlaċta a gcomhaċta agus a n-acfuinne ; ins an dara áit,

---

[28] lagsgriosa. [29] foirísle.

déanann ré rinn adhaṫmar tarcuirneaṁail i n-éin-ḟeaċt, adhaṫmar ġráineaṁail do na ḟíréanaiḃ atáid i n-a ḃriaḋniḋtiḃ ar ár neaṁ-ionnracar, agus tar-cuirneaṁail do na daoiniḃ malluiġte tar ċeann gur ṁearamar a ngráḋ agus a gceanaṁlaċt do ṫaḃairt orainn; inr an tpear ionad, go dtugann ré an t-éiṫeaċ dó féin; agus fá ḋeoiḋ, cuireann ré d'ḟiaċaiḃ ar Ḋia a ġrára mór-luaiġe do ḃuain dínn agus daor-ḟeannaid a ċirt-ḃreiṫeaṁnair d'ḟulang.

Atá ré deiṁin, a ċríorṫaiḋḋe, go gcuireann riḃ ruar do ḃur nglóire agus do ḃur mór-onóir féin nuair do-ḃeir ḃur ḃfanntaire agus ḃur gcrit-eagla fá ndearra orraiḃ gan ḃur dtear-ġráḋ do ṫairbeánaḋ do Ḋia le nḃur mbriaṫraiḃ agus le nḃur ngníoṁarṫaiḃ. Óir cá ḃfuil níḋ ar ḃiṫ ċoṁ glórṁar d'anam uaral ár-tioḃlaicṫeaċ, atá cruḃuiġṫe do réir íoṁáiġe agus coraṁlaċta Dé, le n-a ċúir d'iom-ċornaṁ? Nuair do-ġníṁíḋ raoṫar ḋúinn féin, de ḃríġ naċ ḃfuil ionnainn aċt fíor-ḃoċtáin, ní ḃíonn i n-ár raoṫar aċt boċtaineaċt agus ruaraċar, ar an áḋḃar naċ ḃfuil i n-ár bpearrain agus i n-ár gcáiliḋeaċt beaṫa aċt an fír-neiṁníḋ. Giḋeaḋ, nuair do ġaḃaimíḋ do láiṁ glóire Dé do ṁéaduġaḋ agus do ċorain, do réir mear an traoġail féin, bíoḋ ár n-obair beag nó mór, tugann ré oirḃiḋin agus onóir cáiċ orainn; óir mar aduḃairt Naoṁ Aiḃirtín ag rgríoḃaḋ ċum duine coṁaċtaiġ áirṫe, má loirgeann tú glóire, cá ḃfaiġiḋ tú inr an mbeaṫa ro í aċt ag cleaċtaḋ do ṫear-ġráḋa ḋílir[80] do gaċ níḋ ḃaineas le haiṫeantaiḃ Dé agus le n-a ċreideaṁ? Ir

[39] ṫearġráḋ ḋílior.

é rin, beiṫ ag díon agus ag coraiṁ na muinntire ċleaċtar iad, ag daoraḋ agus ag toirmearg luċt a raoḃṫa, ag ciorrbuġaḋ agus ag laiġdiuġaḋ gaċ rgannail agus droċ-ṡompla, ag neartuġaḋ leir na deiġ-ḃéaraiḃ agus leir an oideas ṡóġanta, agus fá deoiḋ, beiṫ id ċoluṁan uṁa agus id ċairleán iarainn ċum rearaṁ go daingean do-rgaoilte i n-aġaiḋ ionnraiḋṫe foir-éigneaċa an dorċadair agus na malluiġṫeaċta.[31] Óir créad é an níḋ d'uairliġ agus do rinne glóriṁar anmanna an oireas rain daoine móra inr an tSean-reaċt agus inr an Tiomna Nuaḋ? Créad é an fáċ ḋúinn an oireas meara macnaraiġ agus grinn mariṫanaiġ[32] beiṫ againn do na Machabeer? Créad é an ċiall dúinn an oireas caiṫréime agus mór-ġradaim do luaḋ don oireas impirí agus ríġṫe criortaṁla, do na Conrtantini agus do na Theodori? An é naċ é an tear-ġráḋ táḃaċtaċ do ċuireadar i n-iúil i n-onóir Dé agus a ḋliġe beannuiġṫe? Ag ro mar adubairt Mathathiar calma agus é ag teagarg a ċlainne i leabaiḋ an báir: "Cuarduiġiḋ na huile glúine agus do-ġeaḃaiḋ riḃ amaċ naċ ḃfuil aon dár n-aiṫreaċaiḃ i móir-ṁear ná i árd-ċion ag an bpobal go hiomṁlán aċt an ṁuinntir úd do ṫairbeáin a gcróḋaċt agus a gcalmaċt ag coraiṁ cúir an Tiġearna. Ná rmuainiḋ-re, dá ḃríġ rin, a ċlann mo ċroiḋe, aon ċéim onóra ná gradaim d'ḟaġḃáil ná do ḟaoṫruġaḋ aċt leir na meoḋanaiḃ céadna" (1 Macc. ii. 51). Agus go ḟirinneaċ, a ċriortaiḋṫe, ní ḟuil inr an nglóire ḟaoġalta naċ dtig ó Dia aċt mar rgáil gan éireaċt agus mar rmól

[31] an ṁallaiġṫeaċt. [32] mear macanaraċ 7 gneann ṁartannaċ.

deataiġ, tar éis ár ṡúile do ḋallaḋ le laraiṡ ḟallṡa ar ḟeaḋ tamaill, d'ḟáġann sinn ṡá ḋeoiḋ ins an doṁċadar síoṡraiḋe.

Is mío-áġ eile do ṫig ón neaṁ-ṁoṫuġaḋ so go sgarṡaiḋ Dia é féin linn, de ḃríġ, ó naċ ḃfuil uisearbaiḋ aige le haon duine agus go dtoġann sé cáċ do ṡéis a ṫoile, ar mbeiṫ ḋuitse neiṁ-ṡiúntaċ, naċ dtaḃarṡaiḋ ionad duit ar mearg a ċáisde díleas, agus go n-ársóċaiḋ ċuige féin cuallaċt díleas ṡíṡéanta do ḋéanṡaiḋ míosḃaile agus móis-ḃearta ar a ṡon, agus go dtaḃarṡaiḋ onóis agus mór-ġlóise ḋóiḃ mar aon le tarcuisne agus droiċ-ṁeas duitse, aṁail adeis an Sgríḃinn Diaḋa: *Quicunque glorificaverit me glorificabo eum; qui autem contemnunt me erunt ignobiles* (1 Ríoġ ii. 30).

Giḋeaḋ, ní criocnuiġṫeas ár mío-áġ annso; ois, tar éis go mbainimid dinn féin an onóis beiṫ i n-ár gcorantóirís cúise Dé, tuiteann amaċ fós go mbímid gráinneaṁail tarcuisneaċ do láṫais an traoġail. An ċéad uair, béiḋ gráin agus tarcuisne ag na fís-ċreidṁeaċaiḃ orainn, ar ḟaicsin ár laige agus ár ḃranntaise ins gaċ lag-ionnsaiḋe dá dtig orainn, d'éiġṁeas tríd go n-abraid go hinṁeoḋanaċ mar aon leis an ḟáiḋ: *Vidi prævaricantes et tabescebam* (Sailm cxviii. 158),' do-ċonnairc mé, a Ṫiġearna, críortaiḋṫe leisgeaṁla lagsprioradaċa do ḋearmaid cornaṁ do ċúise tré ṁeaṫeagla ṡaoġalta agus tré ċlaon-omós, agus do ġaḃ doilġeas mór mé ar ċos gur ṁeaṫluiġ mo neart.' Agus cséad é an ionġnaḋ d'ḟíséan, i n-a ḃfuil croiḋe díseaċ folláin ar laraḋ le tearṡ-ġráḋ an tSoisgéil meaṫluiġaḋ nuair ċíonn sé cúis Dé dá ṫaḃairt suas ar ṁoḋ ċoṁ fanntaiseaċ ċoṁ leisgeaṁail sin ar son séarúna

ruarada an traoġail agus na colna? I n-éaġmair gráin agus fuat gaċ deaġ-ḋuine do ṫuilleaṁ dóiḃ, mar adeir an ríoġ-ḟáiḋ céadna—*perfecto odio oderam illos, et inimici facti sunt mihi* (Sailm cxxxviii. 22),—tugaid fór droċ-ṁear agus tarcuirne na ndroċ-ḋaoine orra, de ḃríġ gur ab é a mear, má ċoigleann riḃ an t-olc, gur le laiġeaċt rpiorraide agus le laiġead meanman agus mirniġ do-ġní riḃ é; aċt ir follur go mbíonn tarcuirne agus droċ-ṁear ag an droċ-ḋuine ar an laigeaċt rpiorraide agus ar an luċt dár tairḃeaċ í. Ar an áḋḃar rain, dá mb' áil leat, ón ċéad uair do ṫugair fá ndearra an t-olc, do ḋualgar do ċóiṁlíonaḋ ag géir-leanṁain an uġdair agus luċt a ṁéaduiġṫe, do ċuirfeá d'ḟiaċaiḃ orra dá n-aiṁḋeoin greann agus eagla omóraċ do ḃeiṫ aca róṁat.

Ní ḟuil aṁrar agam ná go n-abrann riḃ naċ ḃfuil neart ná cróḋaċt ḃur ndóṫain agaiḃ ċum corg do ċur ar an olc agus ar an gcuirrṫeaċt. Gríḋeaḋ, áitiġim go dtugann an leiṫrgéal rain an t-éiṫeaċ dó féin, ar mbeiṫ dó i n-aġaiḋ deaġ-rún ḃur gcogusḃair; óir ní ṫeartuiġeann neart ná cróḋaċt, árd-ṁeanma ná foirtileaċt, móir-ṁirneaċ ná calmaċt uainn nuair ġoidear duine cuid dár maoin raoġalta, nuair milleas ár gclú nó ar gcreideaṁain, nuair rgríoḃṫar duanóg nó aor i n-ár gcoinne féin nó i gcoinne ár gcloinne agus ár ndaoine muinnteardha. Créad í an ḃuile, créad í an ḟearg ḟuilteaċ,[33] créad é an díoġaltar díḃfeirge do ṫairbeánaimíd i n-a n-aġaiḋ? Gríḋeaḋ, tugṫar marla do Ḋia ór ár gcoṁair, tugṫar

[33] é an ḟearg ḟuilteaċ.

naoṁ-aiṫir dá ainm ġlórṁar, déantar ḟonaṁaid ḟá ṡaġartaiḃ Dé agus na ṡacramaintíḃ, ṡgríoḃṫar leaḃair diablaiḋe i n-aġaiḋ deiġ-ḃéara agus carṫannaċt an ċoṁarran,[34] i n-aon ḟocal, tugṫar bár ar ċrann na croire d'Íosa Críost, mar adeir an t-Abrtal; ní ḟuil ann go léir aċt neiṁníḋ, dúnaimíd ár mbéal agus ár gcluasa, gaḃaimíd foiġiḋe agus ciúineas, ṡocaireaċt aigne agus ṡíor-ḟuaiṁneas, ionnas gur ḟíor a ṡáḋ linn, mar aduḃairt Naoṁ Ieróm le críortaiḋṫiḃ meaṫta dár ṡórt: *In iniuria benigni sumus, in nostris contumeliis odia exercemus.*

Atá sé cinnte, a ḋearḃráiṫreaċa, má ḟulangaimíd Eaglais Dé do ṡáruġaḋ, gaċ cráḃaḋ agus caon-dúṫraċt dá ionnsuiḋe, agus gaċ oideas ṡóġanta dá ṁilleaḋ, gan a n-ionnsuiḋṫeoirí do ṡmaċtuġaḋ, gibé maiṫ eile do-ġníméad, naċ gcoṁaireoċaid Dia mar ḋeaġ-oibreaċa iad. Óir geallaim naċ naoṁṫa do ḃeaṫa agus naċ mó do ḟuḃáilcí ná ruḃáilcí an tragairt Neli. Do ḃí gráḋ agus eagla Dé i n-a ċroiḋe; baḋ ṁaiṫ leis a aiṫeanta do ċoimeád; do ḃí ḟuaṫ agus gráin aige ar an ṡgannail do ṫugadar a ḋís ṁac, Óphni agus Phineas, ins an teampall; agus ḟéaċ, tar éis sin, ón uair naċ raiḃ cróḋaċt agus calmaċt aige ċum iad do ṡmaċtuġaḋ agus leor-ṡáraṁ do ṫaḃairt do Dia ins an marla tugaḋ dó, go ndúḃairt an Tiġearna leis tré ḃéal an ḟáiḋ Samuel: *Ecce dies veniunt, et praecidam brachium tuum, et brachium domus patris tui, ut non sit senex in domo tua* (1 Ríoġ ii. 31), 'de ḃríġ gur mó an onóir[35] do ṫugair dod ċlainn ṁac ná ḋaṁra, de ḃríġ go mb' ionṁuine

---

[34] an ċoṁarran. [35] an tonóir.

leat iad ná mise, ag so ćugat lá mo ćeist-bhreitheamhnais; agus de bhríg go dtug tú marla dom thíoća, do-bhéarfaidh mise peanóir duit ionnta fain, ar ćor go bhfaigid uile bás obann anabaidh i ndiaidh a ćéile, agus go n-imtheoćaidh tú le glóire do ćeaglaig agus do chreidhe ćum fáin agus ćum iarraidh[36]; bhirfead agus faodfad do dhúin aoidhinn, uṁlóćad do ṁórdhaćt agus d'árdćeannas, agus ní fágfad cloć ar ṁuin cloiće den bhrug[37] aoldha[38] do ćeapais do ćógbháil in do ćroidhe; agus tré chruadháil ćeart do bhreitheamhnais cuirfead i n-iúil duit nać bhfuil fiaćtanas agam le duine ar bith, ionnas go mbainfead díoghaltas poiblidhe ins an earmail do fuais mé ód ćlainn ṁalluigte.' *Ecce dies veniunt et praecidam brachium tuum, et non erit senex in domo tua.*

Ó! a dheardháithreaća mo chroidhe, is aṁla fain ar dóićige Dia do labairt libse agus le móran eile. Do dheiṁnig an fáirtine gur an bhfocal i bpearsain Heli; do fhreagair deireadh na fáirtine don bhagairt lonnṁais, agus do ćóiṁlíon go beaćt gać riolla den réaṁráidh dár fhoillsig an t-ógán Samuel don tragart Heli. Tar éis sin, do réir fiaglaća fói-glioca an ćuiṁniugadh dhiadha, ní raibh ins na trom-uilc sin uile aćt peanóir faoghalta do ćuit amać ćum roćais agus taisbhe síorraidhe dó. Gidhead, atáid béimeanna troma dá ćeist-bhreitheamhnas níor baoghalaige dúinn go ró-ṁór ná fain. Óir chéad é an sréis dúinn an faoghal go léir do beit againn nuair ćugas Dia cúl linn, agus do léigeann sé dár dtear-ghráidh dul i n-éag, fá mar d'aitin sé dá fhaidh: *Auferetur zelus meus a te* (Gresch. xvi. 42).

---

[36] iarraig. [37] brog. [38] aoldhuig (=aol-dhuidhe?)

Ir mar rin ḟáġann[39] ré uaċtarán agus ḟear cirt[40] do ḋéanaṁ i n-a ḟuan codlata, nuair baḋ ċóir ḋó beiṫ bíoḋgaṁail[41] éarga ċum corg obann do ċur ar an gcuirpṫeaċt; ir aṁla rain ḟáġann ré ceann tíre agus ḟear tiġe ir muinntire ag taḃairt neaṁ-ḟuime i n-iomċar a gcuallaċt ir a muinntire, ag iaḋaḋ a rúl agus ag dúnaḋ a gcluar, nuair baḋ ċóir dóiḃ iad do rmaċtuġaḋ go coḃraċ cróḋa d'ḟonn ualaċ ar míle truime ná a ndualgar do ḟeaċain lá an ġéiḃinn ċruaiḋ agus an ṁór-ċruaḋtain; ir mar rin fór, fóiríor, ḟáġann ré fear pobal agus reanmóiriḋe, ragart parróirte agus rtiúruiġṫeoir anmann ag léir-ḋearmad a ndualgar, ag iṫe agus ag ól agus ag cruinniuġaḋ raiḋḃir dóiḃ [ḟéin] agus dá muinntir, gan caoraċa an Tiġearna d'oileaṁain le beaṫa bríoġṁair an tSoirġéil, agus ag meallaḋ cogusar na bfírréan, agus dá dtiomáin féin maille leo rain i ndubaigéan an doraċadair. Aċt ir iad ro iarmarta mío-áġṁaraċa na himeagla[42] raoġalta ro do ċeanglann ruar ár dteanġa agus ár láṁa i n-éinḟeaċt, ċum gan aon níḋ do ráḋ ná do ḋéanaṁ inr na himreaṙánaiḃ bainear le cúir Dé agus le dlúṫ-ċorain a aiṫeanta.

A ċríortaiḋṫe mo ċroiḋe, má buaḋann eagla ar biṫ oraiḃ, gur ab é eagla roiṁ bur dTiġearna Uile-ċoṁaċtaċ agus bur nDia éadṁar é—óir atá ré éadṁar linn. Agus an é naċ é ár mbuntáirte agus ár dtairḃe é beiṫ éadṁar linn? An é naċ é ár dtairḃe fiaḋnaire ḟoirtil do ṫaḃairt leir agus luaċ raoṫair d'ḟaġḃáil uaiḋ dá ċionn? An féidir a ráḋ go bfuil fiaċtanar aige

---

[39] fúiġeann. [40] cirte. [41] bioḋamail. [42] an timeagla.

d'fiadnaire ár mac-raṁla de ċréatúirib laga foir-irle? An é nár b'féidir leis a ċúis do ċoraim i n-ár n-éagmais? Is deiṁin go mb' féidir. Gideaḋ, tré iomċar lán-trócaireaċ a ṁór-ġrásra agus a ṁaiṫeasa doi-ċríoċ-nuiġṫe, baḋ ḋeonuiġṫeaċ leis coṁaċta do ṫaḃairt dúinn ċum ár n-uṁlaiḋeaċt agus ár dteas-ġráḋ do ċuiṁniuġaḋ ḋó, agus ċum dualgas na ḃflaiṫeas do fáoṫruġaḋ ṫríd. Aontuiġmíd ár n-aigne agus ár gcroiḋṫeaċa ċum cóṁ-oibriuġaḋ leis na gráraiḃ mór-luaiġe do-ḃeir sé ḋúinn, ċum go n-éirtimíd lá éigin ó n-a ḃéal ḃeannuiġṫe leis an gcuireaḋ glórṁar so: "Tagaiḋ annso, a ṡearḃṡóġanturóṫe maiṫe; de ḃriġ go raḃaḃar díleas ionnsaic ḋam, gaḃaiḋ isteaċ i nglóire agus i lúṫġáir ḃur dTiġearna, mar aon le haingliḃ agus le hárd-aingliḃ nime";—beannaċt iarsaim díḃre agus dam féin. I n-ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spiorraid Naoiṁ. Amen.

[Seán Ó Connaire, 1766.]

SEANMÓIR A CEATAIR.

AR AN AITRIGE[1]

AGUS

AR A CUR AR CÁIRDE GO HUAIR AN BÁIS.

[Soirgéal don feaċtmaḋ Domnaċ tar éir na Cingcíre.]

Omnis arbor, quae non facit fructum bonum, excidetur, et in ignem mittetur.

An uile ċrann naċ dtairbeánann[2] nó naċ dtugann torraḋ maiṫ leis, geafraḟar agus teilgfear ins an teine é.

—Maṫa vii. 19.

GAIRMṪEAR an peaċtaċ críortaṁail i Soirgéal an lae indiu crann curṫa i maċaire an Teampaill, learuigṫe le gráraiḃ, le fmuaintiḃ diaḋa, le focal Dé agus le n-a ḟaċraiminṫiḃ, raoṫruigṫe le luċt oibre an Tigearna .i. le n-a aoḋairíḃ, le n-a ḟearmóntaiḋṫiḃ, agus le n-a oiḋíḃ faoisdine. An crann so i ḃfad ó ṫorraḋ maiṫ do ṫaḃairt leis, ní ḃeis leis aċt an torraḋ ar meara; tairbeánann sé gan aṁfar bláṫ agus duilleaḃar tré n-a mbíonn súil éigin leis, aċt ní ṫigeann rain uile ċum críċe ná maiṫearas ar biṫ. Is ar an áḋḃar rain, a ċríortaiḋṫe, do ġaḃar lem air[3] indiu laḃairt i n-aġaiḋ na hurċóide seo ar mó, ar dainréaraiġe is ar díṫċéilliḋe i n-a dtuiteann an ċuid ar mó de na peaċtaċaiḃ[4]—an urċóid ar mó, adeirim, mar is í ar coitċinne, an urċóid ar dainréaraiġe, mar

---

[1] Murphy MSS., Vol. xlii. pp. 127-147. [2] tairbeannar.
[3] ne hair. [4] peacaiḋ.

ir mó 'ḋíoġḃáil do-ġní sí fá leiṫ ná an uile urċóiḋ eile le ċéile, an urċóiḋ ar ḋíṫċéilliḋe, mar nać ḃfuil níḋ ar domhan ar conntrárḋa do ċreideamh agus do ċéill nádúrṫa. Is é níḋ ar ar mian liom tráċt nó laḃairt go ronnsaḋać in mo ṫeagarg, ar dtúis, an dóċar mealltać ḃíos ag daoiniḃ críoċ ṁaiṫ do ċur ar a mbeaṫa tar éis a torać do ċaiṫeamh go hoiċ, agus aiṫriġe ḟírinneać do ḋéanamh ar uair a mbáis. Ins an dara háit, go dtarraingeoċṫar ar a ṗréamhaiḃ é, an peacṫać so dá[5] ngairmṫear crann nać dtugann[6] torać maiṫ leis, agus go gcaiṫfear san teine ḟíorṗaiḋe é.

Dá mb'ḟéidir an urċóiḋ ġráineamhail seo do ḋíbirt, d'iompóċaḋ urṁór na bpeacṫać ċum aiṫriġe do ḋéanamh, de ḃríġ nać ḃfuil aċt fír-ḃeagán aca le n-ar ḃ'ḟonn iad féin do ḋamnuġaḋ go dionghálta. Ní ḟuil [aon dream], adeirim, aċt luċt an éadóċair amháin, ṫugar iad féin suas do ċuṫać éad-ḟuaṫmar den tsórd so, ar ṁoḋ, dá mb' ḟéidir an t-andóċar uaṫḃárać atá ag na peacṫaċaiḃ seo ar ifreann do ḟeaċnaḋ le haiṫriġe leaba an ḃáis do ḋíbirt uaṫa, go nglacfaidís aiṫ-ḟeilḃ ionnta féin, agus go dtréigfidís a gcorṫa agus a n-ainmhiana.

Ċum cúram ċoṁ haimhréiḋ ċoṁ cruaḋálać so do ṫaḃairt ċum críċe agus do ċur i dtuigsint díḃ, atá ḋá níḋ ṗiaṫtanać le tairbeánaḋ díḃ do ḋéanfar suas suim mo ċoṁráiḋ. An ċéad níḋ, nać fuláir a ṫairbeánaḋ díḃ nać ḃfuil dóċar ar biṫ ar meara fundaimeint ná dóċar aiṫriġe ḟírinneać do ḋéanamh ar uair an ḃáis tar éis a cur ar cáirde ar feaḋ na beaṫa—ar ar[7] mian

[5] ḋo na. [6] tugar. [7] a

liom tráċt ran gcéad roinn dem ċoṁráḋ. An dara níḋ, naċ ḟulair na ṗáċa nó na péarúin, tré n-a ṗearuiġiḋ na hainṁṗriantaiḋċe ar an aiṫriġe ḋéiḋeanaiġ ro, do ċur ar neaṁníḋ—ar n-a dtráċtaḋ ran dara roinn. Aċt ċum go mb' ḟearrdhe ṫiocfaiḋ liom an teagarg ro do ċur i gcéill díḃ, agus gur móide raċaiḋ ré ċum glóire Dé agus tairḃe anma gaċ aon dá ḃfuil i láṫair, iarraimíḋ congnaṁ an Spiorraid Naoiṁ tré eadarġuiḋe na Maiġdine Glóriṁaire Muire, ag ráḋ Fáilte an Aingil.

An Ċéad Roinn.

Ċum ḟírinne an ċéad roinn dem ċoṁráḋ do ṫairbeánaḋ ḋíḃ .i. naċ ḃfuil muiniġin ná dóċar ar biṫ ar meara ruindeiméad ná rúil a ḃeiṫ le bár maiṫ d'ḟaġḃáil tar éis droċ-ḃeaṫa do leanṁaint, déanfad úráid de ṁeoḋanaiḃ[8] coitċeanna, ré rin le ráḋ, den Scríḃinn Diaḋa, d'uġdarár na n-Aiṫreaċa Naoṁṫa, agus de ċéill nádúrṫa. I dtaoḃ na Scríḃne Diaḋa, ní ḟuil ḟírinne ar biṫ innte ar fearr a cruċtuiġṫear ná an ḟírinne reo le briaṫraiḃ agus le romplaíḃ. De na briaṫraiḃ reo atá ró-iomadaṁail toġraiḋ mé ċúig cinn go ronnraḋaċ. Ag reo an ċéad ḃriaṫar do léiġmíḋ ran gcéad ċaibidil de na Sean-Ḟoclaiḃ, mar a labrann ár dTiġearna le na peacṫaċaiḃ ar an mod ro: "Do ġlaodar orraiḃ agus níor b'áil liḃ éirteaċt liom; do rprreagar agus do ġríoraṫ riḃ; do ċuireas mo luċt oibre agus mo ḟeirḃíriġ in ḃur mearg ċum riḃ do ṫeagarg, agus ní rinneadar de rin uile aċt magaḋ agus ronóṁaiḋ; aċt i n' aġaiḋ rin béad-ra ag magaḋ

[8] ṁeóin.

agus ag fonóṁaid fúibhe ar uair bhur mbáir—*ego quoque in interitu vestro ridebo* (Sean-Ḟocail i. 26)—béid na boċtáin tuaillidhe an uair sin ag glaodhaċ orm san áit ċéadna agus ní éistfead leo, coisgfiḋ mé mo ċluasa ċum ná cloisfinn iad"—*tunc invocabunt me et non exaudiam eos.* Créad ar féidir feicsint nó a ċlos, a ḋearbhráiṫreaċa, ar foillse[9] agus ar roilléise ná rain? Créad ar féidir a ċlos ar uaṫbháraiḋe ná rain? Cia labhras ar an mod so? Naċ é ár dTiġearna Dia? Naċ í an Ḟírinne árd-ċoṁaċtaċ? Aċt, a ṗeaċtaċa[10] boċta atá ag éistead liom, naċ den druing úd do ġairm nó do ġlaodhuiġ sé sibhse? Cá liaċt uair do ċuir sé a ġuṫ i n-iúil[11] díḃ agus do ġairm siḃ le n-a aodhairíḃ agus le n-a ṫeagarġtóiríḃ? Cá liaċt uair do ṡgread sé in bhur gcluasaiḃ agus do bí siḃ bodhar air? Aċt monuar! is baoġal liom gur den druing úd sibhse fá n-a mbéid sé ag magaḋ agus ag fonóṁaid an lá déidheanaċ.

Ag seo an dara coṁráḋ do léiġimíd ag Naoṁ Eoin Soisgéalaidhe: *Ego vado et quaeretis me, et in peccato vestro moriemini*—atáim-se ag imṫeaċt agus cuardóċaiḋ siḃ mé, agus éagfaiḋ siḃ in bhur bpeacaidhiḃ. Créad ar ciall dó sain? Seo é, a ḋearbhráiṫreaċa: "Mar a dtéidhim-se, ní féidir libhse teaċt"—*quo ego vado, vos non potestis venire* (Eoin viii. 21). "A anmanna earráideaċa, a ċaoise boċta d'imṫiġ ar fán, do loisgear agus do ċuardhuiġear siḃ go cúramaċ," adeir an Tiġearna; "do ṁion-ċuardhuiġear siḃ ar feaḋ an ḟáraiġ agus na gcoillte ċum siḃ do ṡeolaḋ gur an mbannraiġ; do ṫúirlingear anuas go doiṁnear bhur gclaonta agus bhur

---

[9] follusa. [10] ṗeacaiḋ. [11] núil.

gcleaċtaiḋe gráineaṁla peacaṁla ċum riḃ do ṫarraingt arta; do rinneas úráid dem ċuid fola, dem ṁór-luaiġeaċtaiḃ[12] agus dem ḃás ċum ḃur leasuiġṫe agus ḃur slánuiġṫe; do ċuireas aoḋairí na hIrrael, ragairt díograisreaċa, agus fir ċalma abrtalḋa ag obair ċum ḃur slánuiġṫe, agus do ṡeasaḃar amaċ i n-a n-aġaiḋ. Do ġráḋuiġeaḃar lán duirn de ċréafóig, gal beag onóra agus róláir ḃeaga bréagaċa díombuana an traoġail reo róṁamra, ḃur n-oide agus ḃur n-aoḋaire. Giḋeaḋ, tiocfaiḋ an aimsir gan ṁoill 'n-a gcuardóċaiḋ riḃ mé agus naċ ḃfaiġiḋ riḃ amaċ mé, ar ṁoḋ go n-éagfaiḋ riḃ in ḃur n-easráid agus in ḃur malluiġṫeaċt." Feiceam, a ḋearḃráiṫreaċa, an gcreideann riḃre an Soisgéal? An gcreideann riḃ focail Íosa Críosd, nó an é do labair ar an moḋ so? Is é, a ḋearḃráiṫreaċa, Íosa Críosd féin, Mac Dé, do labair ar an moḋ so. Nár ċuarduiġ an t-aoḋaire gráḋaċ so riḃ míle uair in ḃur seaċrán? Nár sseas agus nár ġríosuiġ sé riḃ ċum iompóḋ nó filleaḋ, agus níor b'áil liḃ freagraḋ ḋó? Dá ḃríġ sin, is baoġal liom go mbéiḋ riḃ den druing úd do ċuardóċar go díoṁaoin é ar leaba an ḃáis. Ná fanaiḋ leis an am so, a ċríostaiḋṫe, óir is ró-annaṁ aiṫriġe leabṫa an ḃáis fírinneaċ nó taisḃeaċ.

An tríoṁaḋ coṁráḋ léiġimíd ag Naoṁ Lúcás Soisgéalaiḋe mar a n-abarṫar, ar ḃfeicsint caṫraċ Ierusalem d'Íosa Críosd, gur ġoil sé agus gur ḋoirt sé sruṫ déar le truaiġṁéil di: *Videns civitatem flevit super illam* (Lúc. xix. 41); agus 'n-a ḋiaiḋ sin, ag

[12] ṁórlúaċtaḋ.

áṙoughaḋ a ġoṫa (maṙ aiṫṙeaṙ Maṫa ḋúinn ṙan tṙíoṁaḋ caibidil óṙ cionn a ṗiċe), do labaiṙ ṙé na bṙiaṫṙa uaṫbháraċa ro i n-aġaiḋ na caṫṙaċ mío-ṗoṙtúnaiġe mí-ṡéanṁaiṙe ṙin: "A Ierusalem, a Ierusalem ṁío-ṫṙócaiṙiġ neaṁ-ṫṙuaiġṁéiliġ do ċuiṙeaṙ[13] ċum báiṙ na ṗáiḋe do cuiṙṫeaṙ ċugat ċum do ṡábála, cá ṁéid uaiṙ do ṡíleaṙ do ċlann do ċṙuinniuġaḋ i gceann a ċéile maṙ ċṙuinniġeaṙ an ċearc a héin, agus do ċuiṙeaḃaṙ de ṡíoṙ im ċoinne; do ḋiúltaḃaṙ i gcoṁnaiḋe mo ṁiana gṙáṙaṁla tṙócaiṙeaċa. Gíḋeaḋ, atá an aimṙiṙ i bṙogus díḃ 'n-a mbéiḋ bus n-earcáiṙde in bus dtimċeall don uile ṫaoḃ; cuiṙṗid broid oṙaiḃ, agus cuiṙṗid ṙan gcoinġeall[14] déiḋeanaċ ṙiḃ, maṙ do ṙinneaḃaṙ droċ-úṙáid de ṁóimeintíḃ[15] luaċṁaṙa bus ṙáḃála do ṫaiṙgeaṙ díḃ ċoṁ minic ṙin in bus mbeaṫa." (Maṫa xxiii. 37, Lúc. xix. 43, 44).

A ṗeaṫaċa niṁeaṁla earṙáideaċa, iṙ aṙ an áḋbaṙ ṙain do labṙaṙ Íosa Críosd liḃ aṙ an moḋ ro: "A anmanna atá neiṁ-ḋíleaṙ do bus dTiġeaṙna Dia, do ṫaṙcuiṙniġ é agus do bṙúiġ ṗá ċoṙaiḃ na gṙáṙa agus na tiodlaiċtí beannuiġṫe do ḋoiṙt ṙé oṙaiḃ go hiomadaṁail; a Ierusalem, a Ierusalem, cá ṁéid uaiṙ baḋ ṁaiṫ liom tú ṫaṙang ód ċoṙṫaiḃ gṙáinneaṁla, agus níoṙ b'áil leat é? Aċt tiocṙaiḋ an uaiṙ 'n-a mbéiḋ do náṁaid, ṙṙioṙaidí an doṙċadaiṙ, id ṫimċeall i leaba an báiṙ; cuiṙṗid broid uaṫbháraċ oṙt, agus ṗáġṙad i n-éadóċaṙ iomṙlán tú." Cia ċuige na ṗocail ṙeo, a ċṙíoṙtaiḋṫe? Naċ ċum duine éigin, do b'ṡéidiṙ, dá bṙuil annṙo i láṫaiṙ? Naċ bṙuil duine éigin annṙo

---

[13] ċuiṙiṙ. [14] ccoinġioll. [15] na mómentuíde

'n-a dtuiteann an ḃagairt feo Dé Uile-ċoṁaċtaiġ? Naċ ḃfuil duine éigin annro, adeirim, do ṫuill a ṫréigean agus a ṫaḃairt ruar ar láiṁ a náṁad?

An ceaṫraṁaḋ coṁráḋ léiġimíd ag Iób mar a n-abaiṫear go mbéiḋ cnáṁa an duine ṁalluiġṫe ar uair a ḃáir líonta le corṫaiḃ a óige agus go raċaiḋ a ċorṫa leis ran uaiġ—*ossa eius implebuntur vitiis adolescentiae eius, et cum eo in pulvere dormient* (Iób xx. ii.). An uile ċois, an uile ġníoṁ ġráineaṁail dá ndéanfaiḋ sé ar feaḋ a ḃeaṫa, leanfaiḋ é gur an uaiġ, méadóċaiḋ[16] sé a ualaċ, neartóċaiḋ sé a ṡlaḃraiḋe, agus tar éis failliġe do ḋéanaṁ ar feaḋ a ḃeaṫa agus a neirt ċum náṁaid ċoṁ tréan ċoṁ hurċóideaċ sin do ṫroid, béiḋ sé ar uair a ḃáir gan cumas buaḋċan orṫa, agus tuitfiḋ sé le n-a neart, ar ṁoḋ go dtuirlingeoċaiḋ a ċorṫa leis go fír-íoċtar isfunn ċum é ṗianaḋ an feaḋ béiḋ Dia ag caiṫeaṁ na glóire.

An cúigṁeaḋ coṁráḋ léiġimíd ag an ḃfáiḋ Eréchiel, mar a n-abair sé go n-éagfaiḋ an dronġ ṁalluiġṫe i lár a ndéiṫe bréige (Er. vi. 4). A luċt na meirge ḋéanann dia de ḃur gcorraiḃ, do-ġeaḃaiḋ siḃ bás ins an ċois ġráineaṁail sgannalaiġ sin. A luċt na drúire atá in ḃur sgláḃaiḋṫiḃ ag ainṁianaiḃ na colna, ḋéanann iodḃairt de ḃur síoṫċáin agus de ḃur suaiṁnear, de ḃur sláinte agus de ḃur gclú, de ḃur n-onóir agus de ḃur gcoguḃar ċum gníoṁ bruídeaṁail éigin do ṡáraṁ, do-ġeaḃaiḋ siḃ bás i ngnáṫaṁ na bpeacaiḋe ġráineaṁla sin na colna. A luċt na sainnte do ṡanntuiġear siḃ féin do ḋéanaṁ saiḋḃir

[16] meadóiġ.

ran uile ṡóirt rliġe, dallann ḃur maoin raoġalta riḃ, líonar an trainnt ḃur rúile le lúṫġáire; ní ḋéanfaiḋ riḃ cóiṁlíonaḋ ar biṫ inr gaċ inġreim agur mí-ġníoṁ dá ndearnaḃar; ní ḃéiḋ[17] ar ḃur n-aire na huaireanna déiḋeanaċa de ḃur raoġal aċt ag déanaṁ bróin agur caṫuiġṫe i dtaoḃ rgarraṁain le ḃur maoin raoġalta, ar ṁoḋ go n-éagfaiḋ riḃ i láir ḃur rainnte agur ḃur gclaḋaireaċta. A luċt an díoġaltair, atáṫaoi ag rgoltaḋ le fuaṫ agur le miorgair; giḋeaḋ, má ċoṁnuiġeann riḃ i ḃfad inr an rtaid rin, biḋiḋ[18] dearḃṫa go ndéanfaiḋ[19] Dia úráid den ainṁian rain ċum riḃ do ċiorrḃuġaḋ agur do ṫreargairt; déanfaiḋ ḃur náṁaid dúnṁarḃaḋ orraiḃ lá éigin, agur cailleann riḃ le neiṁ an díoġaltair in ḃur gcroiḋṫiḃ, óir ir mar rin ar gnáṫ le Dia úráid do ḋéanaṁ de na neiṫiḃ i n-ar cionntaċ an duine, ċum a ċirt do ċóiṁlíonaḋ air. Ir mar rin do croċaḋ Abrolom le gruaig a ċinn le n-a dtug ré aḋraḋ ar fead a ḃeaṫa; ir leir rin do-ġeiḃid an oireas rain de luċt na drúire bár le haicídiḃ gráineaṁla; ir leir rin do-ċímíd an iomadaṁlaċt de luċt meirge ag éag innte gaċ uile lá.

Anoir tráċtaimíd ar ṡompláiḃ na Sgríḃne Diaḋa. Naċ iongantaċ an níḋ, de ḃár iomad de ċuirpṫeoiriḃ malluiġṫe ar a[20] dtráċtann an Sgríḃinn Diaḋa linn, ná hainmniġeann[21] dúinn aċt aon duine aṁáin do rinne[22] aiṫriġe ṡíriinneaċ ar an uair ḋéiḋeanaiġ, ré rin le ráḋ, an biṫeaṁnaċ do cuireaḋ ċum báir inr an am gcéadna 'n-ar croċaḋ ar an gcroir Ruarġaltóir na cine daonna. Níḋ eile fór ar iongantaiġe ná rain—de ḋír ṡeaċtaċ

---

[17] ḃiar. [18] bíġíḋe. [19] ndéanfar. [20] na. [21] hainmníor. [22] rin.

do cuireaḋ ċum báir le taoḃ Íora Críort, gur damnuiġeaḋ duine aca, agus ag tuirlingt anuas den ċroir, gur imṫiġ go fír-íoċtar ifrinn. I n-aon focal, d'iomfhán na malluiġṫeoirí, 'n-a dtráċtann an Sgríḃinn Diaḋa linn, do ḟearaiṁ amaċ i n-urċóid agus i ndroċḃeaṫa go huair an báir, ní rinne a leaṫ aiṫriġe ar biṫ, ná an ċuid eile aċt aiṫriġe ḃréige.

Créad an aiṫriġe baḋ ṡgéiṁiġe agus do b'ḟeaḟr i gcoraṁlaċt ná aiṫriġe Antiochus? Baḋ ċóir go gcuirfeaḋ an rompla ro aṁáin criṫ-eagla inn na croiḋṫiḃ ar cruaiḋe agus ar calcuiġṫe. Ón am 'n-ar buail an t-éagcruas é d'iompuiġ é féin do ṫaoḃ Dé, do rinne faoisdin a ḃeaṫa ag ór árd,[23] d'adṁuiġ sé gur ḟeaċtaċ ró-ṁór é, go raiḃ sé cionntaċ i gcogaḋ ar an Uile-ċoṁaċtaċ, agus naċ raiḃ aċt ró-ċeart go n-uṁlóċaḋ créatúir é féin dá ċruṫuiġṫeoir; d'adṁuiġ sé gur ró-ṫuill sé a raiḃ sé d'ḟulang; do ġlac gol, doilġear, agus dubrón é; do ġeall sé cóiṁlíonaḋ a ḋéanaṁ, ní aṁáin in gaċ éagcóir dá ndearna sé riaṁ, aċt fós do ġeall sé déirc do ḋéanaṁ go hiomadaṁail agus teampall Ierusalem d'órnáidiuġaḋ; do ṁóidiġ sé dá n-éireoċaḋ sé ón dtinnear sin, go nglacfaḋ sé an creideaṁ Iúdaiġeaċ, agus go n-imṫeoċaḋ ar feaḋ an doṁain ag craoḃrgaoileaḋ mórḋaċta agus trócaire Dé; do ḋearmaid sé go hiomḟlán a ṁórḋaċt ríoġḋa féin, agus do ṫug a ríoġaċt go huile agus an Árd Mar ḟiaḋnaire le n-a ġeallaṁnaiḃ. Créad do b'ḟéidir leis do ḋéanaṁ ní baḋ ṁó, agus cia ċreideaḋ nár leon a aiṫriġe ċum maiṫeaṁnais d'ḟaġḃáil d'iarr sé le déine

[23] a gcóṁarárd.

agus le tearaiḋeaċt gráiḋ ċoṁ mór rin? Ar a ṡon rain, deiṁniġear an Sgríḃinn Ḋiaḋa dúinn nár ṫuill an peacṫaċ malluiġṫe rin maiṫfeaċar d'ḟaġḃáil. Créad an ráṫ? Atá, mar naċ raiḃ a aiṫriġe ḟírinneaċ, agus mar do ċuir sé ar cáirde ró-ḟada í.

Ag seo, a ḋearḃráiṫreaċa, rompláí eile dá ḃfuil an Sgríḃinn Ḋiaḋa tuillte ar an ócáid seo: mar atá, ar dtúir, na maiġdeana amaideaċa díṫċéilliḋe úd do díbreaḋ ón mbainir, nó ón bpóraḋ, mar do ṫángadar antráṫaṁail ann; mar atá, an seirḃíreaċ ar a ruġ a ṁáiġirtir ag déanaṁ droċ-ġníoṁa éigin tré n-ar teilgeaḋ i bpríorún é; mar atá arís, duine eile míoḟortúnaċ do cuireaḋ i slaḃraiḋiḃ agus do teilgeaḋ, mar an gcéadna, i bpríorún dorċa 'ċionn teaċt gan iorraḋ an ḋórta, agus rin gan aimsir do ṫaḃairt dó a loċt do learuġaḋ; mar atá, fá ḋeoiḋ, seirḃíreaċ eile a tugaḋ ċum cunntais ins an airgead do ḟuair sé ċum a ċur ċum breise—ní dubraḋ leis: "Imṫiġ agus cuir ċum breise an t-airgead rain do ċuirir san dtalaṁ," aċt do noċtaḋ é ar an láṫair den uile níḋ agus do cuireaḋ ċum pionóis é.

Do b'ḟéidir ḋam an níḋ céadna ċrucuġaḋ díḃ le huġdarár mórán de na hAiṫreaċaiḃ Naoṁṫa, aċt ċum mo ċoṁráḋ do ċur i ngiorraċt do-ḃéarfaiḋ mé Naoṁ Ieróm aṁáin mar ḟiaḋnaise díḃ, do labhar go ró-éifeaċtaċ ar an bpointe seo. Ar mbeiṫ do Naoṁ Ieróm i Leaba an ḃáis, do ṫángadar a ḋeisciobail 'n-a ṫimċeall ag goi agus ag caoi go cráiḋte, agus d'iarradar a huċt Dé air, rud do sgarfaḋ sé leo, teagarg éigin do ṫaḃairt dóiḃ. D'iompuiġ sé orṫa le sgannraḋ agus le huaṫḃár i n-a ḋeilḃ, agus adubairt:

"A ċlann ḋíleas, ḋéanaiḋ aiṫriġe i n-am agus ná cuirid ar cáirde í go huair an báis; óir atáim deimhneaċ, agus rain le gnáiṫ-eolas, de ḋeiċ míle pearsa do lean droċ-ḃeaṫa, gur ab éigin do fuair aon duine amháin maiṫeamhnaċas i n-a ḟeacaiḋiḃ an uair ḋéiḋeanaċ." Ag rin agaiḃ, a ḋearḃráiṫreaċa, breiṫeamhnas an ard-doċtúra rin an Teampaill, an aṫas ainmeamhla rin an ḟáraiġ, an mhíniġṫeora neamh-ċomhráiḋeamhla rin na Sgríḃne Diaḋa. Ag rin, adeirim, baramhail Naomh ar leaba an báis, Naomh ag dul i láṫair a Ard-ḃreiṫimh. Créad ar ḋóiġ liḃ dó rain, a ċríorraiḋṫe, nó an ḃfuil fairṫíor nó uaṫḃás oraiḃ tríd?

Fá ḋeoiḋ, tairbeánas ciall nádúrṫa ḋúinn ná fuil níḋ ar domhan ar meas fuinneiméad ná aiṫriġe leaṫa an báis; óir naċ múineann ciall nádúrṫa ḋúinn, mar aon le gnáiṫ-eolas, gur dual don ċrann tuitim don taoḃ ar ar mó ċlaonann sé? Naċ múineann, mar an gcéadna, ḋúinn naċ féidir a ṫuitim amaċ do ḋuine ḃíos ag imṫeaċt le fánaiḋ ar feaḋ an lae, go ḃfaiġeaḋ sé é féin i mullaċ cnuic ar ṫeaċt na hoiḋċe? Aċt, do ċlaonadar na peacṫaiġ i gcomhnuiḋe do ṫaoḃ an ḟeacaiḋ; d'imṫiġeadar le fánaiḋ agus le faill na damanta ar feaḋ a mbeaṫa. Leis rin, a ċríorraiḋṫe, is deacair a ṫuairim nó a ráḋ ná go dtuitfiḋ siad don taoḃ dár[24] ċlaonadar ar feaḋ a mbeaṫa nó a raoġail agus a sláinte. Fós, atá sé ċoṁ ruiḋṫe agus ċoṁ deimhneaċ rin gur fean-ḟocal ar feaḋ an domhain go foir-leaṫan go leanann[25] nó go ramhluiġeann[26] an bás an ḃeaṫa; ar ṁoḋ naċ féidir leis an muinntir ar

---

[24] do nar. [25] leanas. [26] ramhluíġeas.

droċ-ḃéaraiġe agus ar mearа beaṫa iad féin do ċorg ar a ráḋ mar aon leis an ndoṁan uile, aċt léigid riad iad féin do ḋallaḋ le leiṫrġéalaiḃ bréagaċa díṫ-ċéilliḋe, ar ar ġeallas tráċt ins an dara roinn.

An Dara Roinn.

An ċéad ṗáṫ nó réasún do-ḃeirid na peaċtaiġ uaṫa 'ċionn rearaṁ amaċ ar an dóċas bréagaċ bíos aca aiṫriġe ṗírinneaċ do ḋéanaṁ ar uair a mbáis, tar éis droċ-ḃeaṫa do leanṁaint, taisnġid é ar an bráiḋ Ezéchiel, mar a n-abarṫar, má ḋéanann an peaċtaċ aiṫriġe i n-a ṗeacaiḋiḃ, go maiṫfiḋ Dia ḋó iad agus go ndearṁóḋraiḋ[27] a ċionnta go huile (Ez. xix. 21, 22). Is fíor go ndubairt Dia rin, aċt créad do ṫuigeann riḃ ar? "Tuigimíd," do ráiḋ luċt na droċ-ḃeaṫa, "nár ċeap Dia aimsir ċinnte ar biṫ ċum maiṫfeaċair do ṫaḃairt uaiḋ, agus ná dubairt naċ maiṫfeaḋ sé aċt ar feaḋ an traoġail agus na sláinte aṁáin, aċt go ndearṁóḋraiḋ cionnta na bpeaċtaċ go hiomślán an uile ṫráṫ nó uair d'ṗillfidís air." Tugim leo air rin. Aċt luaiaid riad dam, ċum maiṫfeaċair d'ṗaġḃáil, naċ fulaing iompóḋ go ṗírinneaċ ar Ḋia; agus gaḃaim orm a ċruṫuġaḋ díḃ go roilléir naċ féidir, nó an ċuid ar luġa ḋe, gur ró-ḋeacair aiṫriġe do ḋéanaṁ ar uair an ḃáis, tar éis droċ-ḃeaṫa do leanṁain, óir rin an níḋ go haonta atá i gceist. Óir ċum aiṫriġe ṗírinneaċ do ḋéanaṁ atá trí neiṫe riaċtanaċ le déanaṁ: An ċéad níḋ, naċ fulaing aimsir ċum í ḋéanaṁ; an dara níḋ, naċ fulaing na gráda oireaṁnaċa; an tríad níḋ, naċ fulaing coṁ-oibriuġaḋ le na gráduiḃ.

[27] ndearóḋraiḋ.

Aċt, adeirim, ní ḃéiḋ[28] níḋ ar doṁan díoḃ ro ag an bpeacṫaċ ar uair a ḃáir, nó má ḃéiḋ[29] féin, ní ḃéiḋ tairḃe ar biṫ ḋó ionnta. Ar dtúir, ní ḃéiḋ an aimṡir ag an bpeacṫaċ ar uair a ḃáir ar ṡuaċtanaċ ċum na hoibre sin na haiṫriġe do ḋéanaṁ. Ní labarfad annro ar an muinntir do-ġeibear bár obann, mar atá, báṫaḋ, dún-ṁarḃaḋ, nó bár cinneaṁnaċ ar biṫ eile den ġné sin, aċt labarfaiḋ mé go haonracánaċ ar an muinntir ṁearas go mbíonn aimṡir aca agus naċ mbíonn, ar a ṡon sain, de ḃríġ naċ mbíonn a ḟior aca cad é tairḃe do ḋéanaṁ ḋi. Is díoḃ seo an ṁuinntir úd, nuair ḃuailear tinnear nó éagcruas deacraċ doi-leiġirte iad, naċ ndéanann de aċt neaṁníḋ nó go sgiobann an bás leis iad d'aon toirg. Is díoḃ so an ṁuinntir, i n-áit lear an anma do ḃeiṫ i n' imṡníoṁ orṫa ar an uair ḋéiḋeanaiġ, naċ gcuiṁniġeann[30] aċt ar a ngnóṫaíḃ saoġalta, mar atá, a n-uḋaċt do ḋéanaṁ, a gcunntairí do ḋéanaṁ suas, leiġear do ġlacaḋ, agus mar sin. Is díoḃ so an ṁuinntir do ċuireas an ḟaoisdin ar cáirde nó go dtigeann[31] an t-am naċ mbíd siad i n-acfuinn a déanta.

Aċt cuirim i gcás go ḃfuil an aimṡir ṡuaċtanaċ ag an bpeacṫaċ, ní ḃéiḋ na gsrásra ná na suḃáilcí aige. Is iad na gsrásra ar mian liom 'sráḋ,[32] gsrásra neartṁara buaḋṁara. Atá a ḟior agam go mbéiḋ gsrásra meoḋanaċa coitċeanna aige; aċt ní ḃéiḋ tairḃe ionnta, mar do sinne sé droċ-úsáid díoḃ ar feaḋ a ḃeaṫa, agus ní ḟóġanfaiḋ aċt ċum méaduġaḋ ar a ṡiantaiḃ. I dtaoḃ na ngsrásra neartṁara, cionnus do ṫaḃarfaiḋ Dia ḋó

---

[28] ḃiaḋ. [29] ḃíos. [30] cuíṁníġeas. [31] dtigeas. [32] tsáċt.

iad tar éis a gcur bun-ór-cionn air féin leis an uile ḟóirt earráide agus droċ-ġníoma.

Ġiḋeaḋ, is é níḋ ar mó ċuireas eagla agus uaṁan orm i dtaoḃ na bpeaċtaċ naċ ḃfuil an truḃáilce ḋéiḋeanaċ[33] aca .i. grára an ḃuain-treasraiṁ, ar an áḋḃar, ag laḃairt go cinnte, naċ ḃfuil ráḃáil i n'ionghnair, agus de ḃríġ gur taḃartar ċóṁ raor rain í naċ féidir le duine ar an ndoṁan a tuilleaṁ. Aċt fiafruiġim díḃ cionnus ar féidir le Dia an mór-ṫaḃartar rin ġrára an ḃuain-treasraiṁ, báire an uile ḟuḃáilce, oirḋeirc' an uile ġrás, ruḃáilce na Naoṁ agus na gcreidṁeaċ, cionnus, adeirim, ar féidir le Dia an truḃáilce reo ṫaḃairt do ḋuine ḃí 'n-a náṁaid aige ar feaḋ a ḃeaṫa agus a ḟaoġail. Dá dtugaḋ rí talṁaiḋe raoġalta an luaċ[34] traoṫair céadna do ḋroċ-ḟaiġdiúir ṁeaṫta do ċeiṫ ó n-a ḃfataċaiḃ do ṫaḃairfeaḋ sé do ḟaiġdiúir ċalma cróḋa, ná déarfaiḋe go mbaḋ ḋuine raoḃ-nóraċ díṫċéilliḋe é, nó an ċuid ar luġa ḋe, go mbaḋ ḋuine éadtrom neaṁ-ṫuigreanaċ é? Adéarfaiḋe, gan aṁras. Dá ḃríġ rin, ní fuláir go ḃfuilid na peaċtaiġ dall go hiomḟlán, ní fuláir go ḃfuilid gan ċéill, gan ṁeaḃair, 'ċionn laḃairt mar do-ġníd ar obair na haiṫriġe, agus 'ċionn a mbeaṫa do ċaiṫeaṁ do réir na fiaġlaċa bréagaċa do ċumaid riad dóiḃ féin.

Fá ḋeoiḋ, ní ċóṁ-oibreoċaiḋ na peaċtaiġ ar uair an ḃair le na grárai ġeoḃaid riad ċum na haiṫriġe agus lear a n-anma a ḋéanaṁ. An ḃfuil a ḟior agaiḃ, a ċríortaiḋḋe, cad é obair na haiṫriġe agus an[35] trlán-

---

[33] ruḃáilce déiġionnaċ. [34] luaċt. [35] na

uiġṫe? Atá, an obair ar mó agus ar cruaḋáiġe ar an ndoṁan, i n-a ḃfuil earcara an anma agus na ṡláinte le troid agus le claoiḋeaċan .i. an raoġal, an diaḃal, agus an ċolann, foġmór raoġalta, an trainnt agus an t-uaḃar, i n-a ḃfuil, adeirim, eaċrainn ró-ṁóra ró-ḋoċlaoiḋte le cur i leaṫ-taoiḃ, na ṡlaḃraiḋe do rinneaḃar ruar ar feaḋ ḃur raoġail le brireaḋ, claonta agus ainṁianta na colna le múċaḋ. Aċt ċum oibre den tróit ro a ḋéanaiṁ, ní fuláir gartaċt, críonnaċt, agus cróḋaċt, intinn neartṁar, i n-aon focal cumar iomṡlán duine deaġ-ṡláintiġ. Aċt cionnur ar dóiġ liḃ d'ḟéadfaḋ duine boċt anacraċ atá i dtinnear nó i n-éagcruar, gan tapa, gan ċéill, gan ṁeaḃair, gan ċuiṁne—cionnur, adeirim, d'ḟéadfaḋ duine den tróid ro a ṡaṁail rin de ċúram a ġlacaḋ air féin ná do ċóiṁlíonaḋ, duine boċt atá céarta le piantaiḃ goirideaċa i n-éagcruar, líonta le míle gníoṁ eile, agus ṡgannruiġṫe le heagla agus le hanḃfainn roiṁ an mbár? Níor ċuir ré roiṁe ar feaḋ a ṡaoġail agus a ṡláinte buaiḋ ḃreiṫ ar náṁaid a anma agus a ṡláinte ríorraiḋe. Cionnur ar féidir leis a dtroid ná buaiḋ do ḃreiṫ orṫa ar uair a ḃáis, an uair do ċaillfiḋ ré a lúṫ agus a neart, a ṁeaḃair agus a ċiall? I n-aon focal, a ċríortaiḋe, naċ múineann gnáiṫ-eolas dúinn go mbíonn an duine ar uair a ḃáis ar measuġaḋ intinne ċoṁ mór rin naċ mbíonn a fior aige cad deis ré, ná créad do-ġní ré; fós, go mbíonn an ṁuinntir ar deaġ-ṁeaḃraiġe agus ar eagnaiḋe, na huaireanna déiḋeanaċa rin, ar buaiḋirt aigne agus intinne?

Ar reo, a ḋearḃráiṫreaċa, is léir linn ná gaḃann an áit réaṁráiḋte leiṫrgéal na muinntire úd do ċuireann

an aithriġe ar cáirde go huair an báir, de bríġ nach fuláir an aithriġe beith fírinneach ; agus rin an níd ar ró-dheacair do ṗeachtaċ a dhéanaṁ ar uair a báir, nó ag labairt go cinnte, nach féidir a dhéanaṁ. Cá ṁéid do-ċonnaic rib ag teacht ċum aithriġe agus ag airtriuġad a mbeatha mar ġeall ar ṫinnear nó ar ċinneaṁain eile den tríord rin ? Tar éis guair an báir do ċur tárra, an raḃadar níor ḟeapp [ná] roiṁe rin ? Ar ṡeaċnadar riocair nó ócáidí an ṗeacaid ? Cá bfuil na coṁarṫaí learuiġṫe ṫugadar uatha ? Cá bfuil an leoirġníoṁ agus an ráraṁ do rinneadar i gcuid agus i gclú na coṁarran ? Nár leanadar an triġe ċéadna beatha do bí roiṁe rin aca ? Nach raḃadar cionntaċ inr na corṫaib céadna ? Do bíodar, gan aṁras, agus do b'ḟéidir níor mearra ar an uile ṙliġe ná riaṁ roiṁe rin.

"Acht nach bfuil Dia uile-ṫrócaireach," do ráid luċt na droċ-beatha agus na malluiġṫeaċta, "nó an ċum rinn do damnuġad do ċruċuiġ ré rinn ? Nár ḟulaing ré bár na croiċe ar ron na cine daonna ? Nach ronn leir an uile duine a ṡábáil ?" Ó ! ir breaġ an t-aiġnear é reo. Créad do ṫarraingeann luċt na malluiġṫeaċta agus na droċ-beatha ar ro ? Ag reo é : Go ráḃálfar an doṁan uile. Atá an bunadar rain go bit-ċinnte i n-aġaid ár gcreidiṁ ; óir adubairt Íosa Críost féin i mbriatraib fuirmeaṁla ro-tuigre go bfuil dorur na bflaitear cuṁang, go bfuil an triġe eachrannach aiṁréid, agus nach bfaġann acht fír-beagán amach í. Sgrúduiġid féin, a ċríortaidṫe, éireacht na bfocal rin. Anoir, má luálann[36] rib dam nach bfaġann[37] acht fír-

[36] lubálann. [37] fáġar.

ḃeaġán de na peacṫaċaiḃ maiṫeaṁnar i n-a bpeacaiḋiḃ ar uair a mbáir, tar éis a mbeaṫa do ċaiṫeaṁ go holc —níḋ[38] ar éigin díḃ d'aḋṁáil—ní ḟuil agaiḃ aċt leiṫrġéal gan ḃríġ le n-ar dóiġ liḃ a ḃeiṫ den ḃeaġán úd ar a mbéiḋ sé de ṡonar trócaire agus maiṫeaċar d'ḟaġḃáil le linn a mbáis, tar éis a mbeaṫa do ċaiṫeaṁ go holc. Aċt ná cailleaḋ siḃ ḃur gciall ag seasaṁ ar ḃaraṁail neaṁ-ḋeiṁneaċ den trórd sain. Fiarfuiġim díḃ, créad an fáṫ 'n-a dtoġfaiḋe siḃse roiṁ an oiread sain de ṗeacṫaċaiḃ eile mar siḃ?

Adéarfaiḋ siḃ go ḃfuil Dia trócaireaċ gráraṁail, agus naċ áil leis bás an ṗeacṫaiġ. Atá sain deiṁneaċ, agus is dár gcreideaṁ é. Giḋeaḋ, ċum na trócaire ġlacaḋ in ḃur gcéill-se, ní fuláir go ndéarfaiḋ siḃ go ḃfuil Dia ain-ċeart agus go marlóċaiḋ siḃ an creideaṁ; óir mara gcuirfiḋ siḃ maiṫeaṁnas na bpeacṫaċ le linn an báis ar bun ar biṫ eile aċt ar ṫrócaire Dé, gan féaċairt dá ċeart ná dá ḟíṡinne, ní fuláir adṁáil i n-éinḟeaċt liḃ go ráḃálfar na peacṫaiġ go hiomṡlán. Giḋeaḋ, ní ḟuil annsin aċt earráid ḟollus agus diaṁarluġaḋ. Dá ḃríġ sin, a ċríortaiḋḋe, naċ díṫċéilliḋe an t-aiġneas é seo do ċuiṁniġeann siḃ? Naċ truaġ daille na tuigse daonna? A ṫearḃráiṫeaċa, bíoḋ a ḟior agaiḃ gur ab é an t-andóċas atá agaiḃ i dtrócaire Dé do ċuirfeas bun-ór-cionn oraiḃ í. Créad é seo? An i dtaoḃ mar atá Dia trócaireaċ do léigeann siḃ sruan le nḃur n-ainṁiantaiḃ, le nḃur gcleaṫtaiḋiḃ gráineaṁla sgannalaċa? An i dtaoḃ trócaire Dé, adeirim, do ġaḃann siḃ de ċoraiḃ i n-a

[38] noċ.

ḋliġe agus i n-a aiṫeantaiḃ, nó do ċuireann siḃ an aiṫriġe ar cáirde go huair an ḃáis? Ag sin, a ċríosd-aiḋṫe, go háirṫe an tiobraid ó n-a dtigeann ḃur neaṁ-aiṫriġe agus ḃur gcruaḋ-ṁuinéalaiġe.

Fá ḋeoiḋ, do ráiḋ Luċt na droċ-ḃeaṫa: "Dá mb'ḟíor a n-abair na roisgéalaiḋṫe ar an aiṫriġe do ċur ar cáirde go ham an ḃáis, is ar éigin do ráḃálfaiḋe aon duine aṁáin den doṁan uile, de ḃríġ go ḃfuil uiṁir na bpeacṫaċ atá ag feiṫeaṁ agus ag súil le haiṫriġe a ḋéanaṁ ar uair an ḃáis do-áirṁiġṫe." Is é Íosa Críosd féin, a ḋearḃráiṫreaċa, d'ḟreagair roiṁ sé an ċeist sin nuair ḋeiṁniġ sé ḋúinn go biṫ-ċinnte naċ raiḃ san Luċt toġṫa aċt fír-ḃeagán. Ní ḃéaḋ aċt díṫcéille ḋaṁra a ċur róṁam freagra ċoṁ roiléir ċoṁ ro-ṫuigse sin do sgrúdaḋ. Aċt adéarfaiḋ siḃ fós liom: "An féidir, de na peacṫaċaiḃ uile do lean droċ-ḃeaṫa go huair a mbáis, naċ ḃfuair aon duine aca maiṫeaṁnas i n-a bpeacaiḋiḃ ar an uair ḋéiḋeanaiġ sin." Ní deirim-se naċ ḃfuairfeadar cuid aca é, óir atá romplaí againn leis, gé ró-ḟánaċ iad. Gideaḋ, adeirim fós liḃ naċ é aṁáin naċ [ḃfuil] siúráltaċt ar biṫ, aċt naċ ḃfuil fuindeamaint ar doṁan leis, agus go ḃfuilid fáṫa an taoiḃ eile dionsṁálta, agus naċ mór doi-ḟreagarṫa. I n-aon focal, a ḋearḃráiṫreaċa, cia ḟéadfaḋ a ċreideaṁain go mb' féidir le duine tar éis na meoḋain eile do ṫug Dia dó ċum a ṡáḃála do ṫarcuisniuġaḋ, tar éis fearaṁ amaċ go ceann-dána i n-aġaiḋ an oifead sain de ṫioḋlaicṫiḃ beannuiġṫe do fuair sé, tar éis sgára Dé do ċur faoi n-a ċoraiḃ, na racsaiminti do ṫruailliuġaḋ, cogaḋ orgailte do ċur ar a Ṫiġearna Dia, tar éis tarcuisne ṫaḃairt dá ċoṁaċta, dá ṁór-ṁaiṫeas,

agus dá ṫrócaire le mío-náiriġe agus le ceann-tréine, tar éis neamhníd déanamh dá dliġe, dá aiṫeantaib, dá ġeallamhnaib, agus dá bagartaib, i n-aon focal tar éis neiṫe fuarada díombuana an tradoġail do ġrádugad agus do breiṫ mar roġa roimh ṫobar an uile ṁaiṫeasa, roimhe n-a ṫrucuiġṫeoir, agus roimh ríorraidheaṫt na bflaiṫeas, tar éis ifrinn do ṫairbeánad agus do léirsgrúdad dó ṫomh minic rin, tar éis a rfreagṫa agus a ġríoruiġṫe ṫomh comhaṫtaṫ rain—cia ṫreidfead, adeirim, go mb'fhéidir le duine den trórd ro rúil a beiṫ aige le maiṫeamhnas d'fhagbáil ar uair a báis, agus cóm-roinn d'fhagbáil le clainn, le cáirdib, agus le lucṫ toġṫa an Tiġearna, ar fhon gur i bfheall nó i gan fhior ṫáinig an t-éagcruas déideanaṫ rin air agus an t-arm i n-a láimh i n-aġaid a Ṫiġearna Dia? Fiafruiġim díb, a ṫríortaidṫe, an[39] mb'fhéidir lib níd ṫomh mí-réasúnta ro do ṫreideamhain. Is dóiġ liom, dá mbad mian lib a ṫreideamhain, nár b'fhéidir lib é, de bríġ go ndaorfad bur gcogudar féin rib.

Anois, a ḋearbráiṫreaṫa, naṫ fulair an trócaire 'ṫuardaṫ agus do lorg, agus, ar fead an tradoġail agus na flainte, naṫ fulair oibriuġad go héifeaṫtaṫ ṫum flainte an anma agus ṫum aiṫriġe fhírinneaṫ do déanamh? Is anois naṫ fulair deaġ-oibreaṫa do déanamh ṫum gloire fhíorraide d'fhagbáil lá eile. Dá bríġ rin, a ḋearbráiṫreaṫa, cuirid uile ó ṫroide bur láma ṫum oibre, agus rin gan ṫáirde ar domhan. Ag reo gut Dé do[40] bur ngairm; ná bíod ré de ṁío-áġ oraib bur gcluara do rtorad air, ná bur gcroidṫe do

[39] am. [40] dá.

ċalcuġaḋ i n' aġaiḋ. Atá an aimṙir ġeaṙṙ. Atá an uair ḋéiḋeanaċ ag ḋṙuiḋim linn, agus ní ḟulaiṙ ḋúinn ġluaiṙeaċt ar an móimeint. Ní ḟuil d'aimṙir againn aċt aon ḃliaḋain amáin, aon míor amáin, nó do b'ḟéiḋir aon lá amáin. Má loiṙġeann riḃ Dia ó ċṙoiḋe go ḟíṙinneaċ, ġeallaim díḃ go ḃṙaiġiḋ riḃ é. Leir rin, a ḋeaṙḃṙáiṫṙeaċa, ná cuiṙiḋ riḃ féin i ġcontaḃaiṙt a ḃeiṫ lá eile ag caoineaḋ ḃur mío-áiġ agus ḃur mío-ḟoṙtúin ġan taiṙḃe, ar nóṙ móṙáin eile do ṁeall iad féin le ḋóċar díṫċéilliḋe neaṁ-ḟuinḋemeinteaṁail aiṫṙiġe ḟíṙinneaċ a ḋéanaṁ ar uair a mbáir, agus a ḃṙuil[41] a n-éaḋóċar dá ndóiġeaḋ agus dá loṙgaḋ i dteine ṙíoṙṙaiḋe. Déanaiḋ, a ċṙíoṙtaiḋṫe, úráid den trompla rain, agus ġlacaiḋ ciall ar ċoṙtar na muinntiṙe úd. Ná léigiḋ ar ḃur ġcuiṁne cad deir an[42] Soiṙġéal ar na maiġdeana amaideaċa díṫċéilliḋe úd dár tugaḋ diúltaḋ mar ġeall ar ṁoill móimeint na huaire. Do éiġṁeadar agus do ġáireadar[43] go díoṁaoin: "A Ṫiġearna, a Ṫiġearna, léig irteaċ rinn." D'ḟreagair iad nár ḃ'eolar dó iad, agus naċ raiḃ aiṫne ar biṫ aige orṫa. Leir rin, a ḋeaṙḃṙáiṫṙeaċa, bíoḋ ḃur roillre ar larad agaiḃ ċum dul irteaċ go hionad an ṗórta ṙíoṙṙaiḋe, níḋ d'iarraim-re díḃre agus dam féin. I n-ainm an Aṫar agus an Ṁic agus an Spiorraid Naoiṁ. Amen.

[Ar n-a rgṙíoḃaḋ le Seán Ua hUġḃair don Doċtúir Seán Ua Muṙċaḋa .i. Earboġ Ċoṙcaiġe ag Mainiṙtir na Manaċ i gCoṙcaiġ, 1817].

---

[41] atá. [42] ar. [43] ġáṙṙṫaḋar.

SEANMÓIR A CÚIG.

AR AN NDOMNAĆ.[1]

[Don feireaḋ Domnaċ déag tar éis na Cingcíse.]

Si licet sabbato curare?

A[n] bfuil sé dligeaċ leigeas do ḋéanaḋ[2] don éagcóraċ ar an traoise?

—Lúcás xiv. 3.

SIN AN ċeist do ċuir ár dTigearna ar ṗrionnsa na bFaisrínead nuair bí ag faire air ċum é ṫabairt cionntaċ i mbriseaḋ na saoise i dtaob a ṡláinte do ċaraḋ ar an lobar mboċt do bí tinn[3] leis an luibre. Do bí a ṡior ag ár Slánuigṫeoir go mbaḋ ċleaċtaḋ leis na lúdaċaib beiṫ ró-ċeanamail ar an leitis, gan ruim go minic i rsiorraid ná i rubstaint an dligeḃ; go mbaḋ ċuma leo créad ḋéanfaḋ an taob isteaċ dá mbéidís saor ónduigṫe leaṫ-ar-'muig, agus go mb' ṡearr leo oibreaċa na taiḋbre ná na trócaire. Leis sin, d'ṡiarruig Críost go héifeaċtamail créad an díogbáil do bí san míorbail d'oibriġ, agus ní ṡuaraḋar focal do ráḋ i n-a ċoinnib. Ar a ṡon sin, do sinne sé a ndaille agus a mailís do sgaireaḋ le rompla ṫairgsint. "Cia díb," adeir sé, "do-ċífeaḋ a bó nó a ċapall san díg, ċuigfeaḋ gur bhreaḋ saoire é ṫógbáil nó d'ṡuarglaḋ?" (Lúcás xiv. 5.) Annsin do-ċonnacadar i n-áit Ċríost do beiṫ cionntaċ, gur ab orṫa féin do ċuaiḋ an báire, óir is

[1] Murphy MSS. L., pp. 194-209. [2] leis deana. [3] teinn, *passim*.

éarga do ġluairfeaḋ rainnt agus raoġaltaċt iad ċum fóirṫin a mbeiṫiḋeaċ Dia Doṁnaiġ; agus baḋ ṁian leo le heagla peacaiḋ i n-aġaiḋ na raoire a gcóṁ-ċréatúir d'ḟágḃáil i dtinnear nó i n-anró.

Ó! naċ truaġ an creideaṁ nuair ḃíor mailíreaċ, agus an diaḋantaċt nuair ḃíor fallra bréagaċ. Ir mairg leanann an rgáil agus ḋéanann dearmad den trubrtaint. Ná[4] mealltar rib, ar an áḋḃar rin, le reoiġ na ruḃáilce, agus ná coimeádaiḋ an traoire ċum a bairte; óir do b'é rin iomċar na nGiúdaċ, mar adeir Naoṁ Aiḃirtín: "Bíd díoṁaoin i ruaraċar agus ag raobaḋ na raoire inr na neiṫiḃ troma ċoirgeann Dia orainn."

Tugaiḋ aire, a ċáirde, naċ ḃfuil reo le caraḋ le go leor díḃre, naċ é an lá ar naoṁṫa ann féin ar damanta díoḃ. Bíonn rib ar riuḃal ó Luan go Saṫarn gan aon rmuaineaḋ, naċ mór,[5] ar an bpeacaḋ, agus nuair ṫagann lá an Tiġearna, nuair órduiġṫear raoirre ó rgláḃaiḋeaċt an ċuirp, naċ baoġalaċ gur ab é lá póġṁair an diaḃail é, lá rgláḃaiḋeaċt an anma? Óir ní haon rud bríreaḋ na raoire le haon obair i gcóiṁ-ṁear d'obair an ḟeacaiḋ, mar ar é rin an rgláḃaiḋeaċt tar rgláḃaiḋeaċt agus dorar tar ḋonar an traoġail. Aċt nuair déantar ro agus rúd, obair an ḟeacaiḋ agus an ċuirp, an féidir le Tiġearna an Doṁnaiġ gan fearg do ġlacaḋ leir na daoiniḃ? An féidir milleán do ḃeiṫ air i dtaoḃ a ġrára do ṫarraing uainn, agus mío-rad do léigean orainn irtiġ agus amuiġ i dtaoḃ ár bpeacaiḋe?

---

[4] náċ. [5] ar a mór.

Atá an aiṫne d'órduiġeann an traoire ċoṁ haorta le cruṫuġaḋ an doṁain féin; óir d'éir don Tiġearna ré lá do ċaiṫeaṁ le hobair na cruinne, do rtad ré an reaċtṁaḋ lá, agur do naoṁuiġ ré é, ag fágḃáil rompla agur órduġaḋ ag an gcine daonna rtad agur a ruaiṁ-near do ġlacaḋ an reaċtṁaḋ lá, ċum buiḋeaċair[6] do ṫaḃairt le Cruṫuiġṫeoir na cruinne, agur cuiṁne do ḋéanaṁ ar iomad a ṫabairṫairí agur a ṫioḋlaicṫí ye naoṁṫaċt. Tugaḋ, fóirríor! neaṁ-ṡuim ran aiṫne ḋiaḋa ro ar feaḋ ḋá ṁíle bliaḋan agur breir, do réir mar innriḋ an rtairṫóir léiġeannta de ṫreiḃ na nGiúdaċ, Philó, agur uime rin, do b'éigean do Ḋia na gcoṁaċt aṫ-nuaḋċan feirge ḋéanaṁ ar an aiṫne nuair ṡín clár an dliġe ċum Maoire i lár na teine agur na tóirniġe ar ṁullaċ Sliaḃ Sinai. "Cuiṁniġ," adeir an Tiġearna, "ar an raoire do ċoimeád (Ecr. xx. 8); obair ċorporḋa ní ḋéanfair innte. Cuiṁniġ (ar ré) mar do rinneaḋ dearmad roiṁe rin di.[7] Cuiṁniġ mar ar bár agur breaṫ do luċt brirte an dliġe reo. Ir í an tSabóid[8] ruaiṁnear[9] an Tiġearna. An té ḋéanfaiḋ obair innte, cuirfear ċum báir é." Agur go ṡírinneaċ, baḋ ró-ḋíreaċ iad na Giúdaiġ ar an raoire, do réir mar baḋ ró-ċruaiḋ é díoġaltar Dé ar a brireaḋ. Léiġtear ran leaḃar dá ngoirṫear Uiṁreaċa (Caib. xv. 32)—agur cia atá nać ngiacfaḋ baill-ċrit ar n-a ċlor? —go ndeaċaiḋ aon de ċlainn Israel, agur iad ar an rliġe go talaṁ na gealláṁna, [a] ċruinniuġaḋ doirn rpriorán[11] ar an raoire. Do rinneaḋ bráġa de agur tugaḋ i láṫair Maoire é, d'aċtuiġ le hórduġaḋ Dé

[6] baoḋċuir. [7] de. [8] é an Sabóad. [9] riárt. [11] rpriogán.

bás gan trócaire do ṫabairt dó le gaḃáil de ċloċaiḃ air—níḋ do ṁinneaḋ ar lár an ḃáin i raḋarc an ṗobuil. Ó! a Ḋia ġil, cia ḟílḟeaḋ go ndéanfá a leiṫéid de ḋíoġaltas? Aċt is tú féin do ṁearann ceart, gan gáḃaḋ cóṁairle ó aon duine. Níor ḟoiġidir craoḃ do ċruinniuġaḋ san traoire, agus an lá roiṁ rae do b'é d'ordoġaḋ dóiṫin an Doṁnaiġ den ṁanna ċnuasaċ (Ecs. xvi. 22). Ó! dar ndóiġ, níor ṫáinig caiṫeaṁ id ċoṁaċtaiḃ, ná smúit ar do ġlóire ó laeṫiḃ an tSeinreaċta; agus créad an ċiall d'ḟoiġide le bríreaḋ agus marla na saoire ins na laeṫiḃ seo? Atá sé ráiḋteaċ go mbuaḋann trócaire Dé ar a ċeart sin, aċt atá a ċeart[12] do-ċuimriġṫe gan teora; agus, dá ḃríġ sin, nuair naċ déantar sompla saoġalta ar an dtraoḃ so den uaiġ den ṗeacṫaċ ġránna, ní ḟéidir leis 'mṫeaċt saor ná éalóḋ ó ḋíoġaltas Dé i réigiún ar biṫ, nó i réigiún na síorraiḋeaċta.

Ó ċrucṫuġaḋ an doṁain go nuige reaċt na gcríorraiḋṫe, is é an Saṫarn, an seaċtṁaḋ lá, do ḃíoḋ i n-a ṡaoire; aċt ó aois na n-abrtal anuas, do ceapaḋ an ċéad lá, an Doṁnaċ, ċum ḃeiṫ i n-a ṡaoire, agus is é ainm do ġoir an Teampall de, Lá an Tiġearna, mar ġlaoḋas an Sgríoptúir (Tairb. i. 10). Níor ġortuiġ an t-airtriuġaḋ so subrtaint na haiṫne, mar naċ ḃfuil aon lá den tseaċtṁain[13] ó n-a náduir féin bun-ór-cionn le molaḋ agus seirḃís an Tiġearna; agus mar ar an n'Doṁnaċ d'oibriġ Mac Dé míorḃailte móra éagsaṁlaċa ár gcreidiṁ (is é sin, [a] eiréirġe ġlórṁar, tuirling an Spiorraid Naoiṁ, agus ḟuirmiuġaḋ[14] a

---

[12] seanaċ atá ċeart. [13] trubrtainnt no seaċtṁain. [14] ḟuirim.

Ṫeampaill), do-ċonnairc an Easlair, atá ṡtiúruiġṫe le Spiorad doi-ṁeallta Dé, go mbaḋ é lá do b'oireaṁnaiġe é ċum buiḋeaċair agus molaḋ do ḃreiṫ leis. Ór a ċionn sin, ní raiḃ sé daṫaṁail sollaṁain na gcríosdaiḋṫe ḃeiṫ ar an lá gcéadna 'n-a mbíoḋ ag na Giúdaċaiḃ, ó cailleaḋ a ndliġe agus a ndeas-ġnáisí. Agus sin iad na séasúin le n-ar airtriġeaḋ an traoise ón Saṫarn go Doṁnaċ gan buain le substaint an tsear aiṫne.

Do-ċí sid anois, a ċríosdaiḋṫe, ó ċéill[16] an níḋ féin an oibliogáid ġéar atá orainn an Doṁnaċ do naoṁuġaḋ. Is é órduġaḋ Dé agus na hEaglaise é. Is é custum gaċ aoise agus áite é. Is é teagasg ár séasúin agus ár gcéille[17] nádúrṫa é. Is fíor gur ab le Dia, mar adeir an fáiḋ,[18] gaċ lá agus oiḋċe—*tua est dies et tua est nox* (Sailm lxxiii. 16). Is é ḃeir cead agus cumas dúinn ċum oibre le solus an lae, agus is é d'órduiġeann an oiḋċe ċum tuisse do ċur dinn, suaiṁneas agus codlaḋ do ḋéanaṁ. Is uaiḋ soillse na gréine, agus is uaiḋ sgamaill na hoiḋċe. Is é ċum an sae, ṫug deilb don ġréin nó don sréis. Is é las na séilte. Is é uġdar gaċ aimsire é, [is é] suaġluiġṫeois na cruinne é. Is leis gaċ lá de sae ár mbeaṫa. Is é ṫugann [an] Ṁáirt agus an Ċéadaoin, agus is leis gaċ lá den treaṫṁain; aċt is leis an Doṁnaċ go speisialta le haġaiḋ a onóra féin.

Is ceart, ar an áḋbar sin, Dia do ṁolaḋ gaċ lá, aċt is ceart go háiriṫe é ṁolaḋ ins an traoise. Atá sé dleaġṫaċ sé lá ċaiṫeaṁ i gcúram na colna, agus naċ

---

[16] ciall. [17] cciall. [18] ḟáiġ, *passim*.

[bfuil] fé féarúnta an feaċtmaḋ lá bfonnaḋ ar ġnóṫaiḃ d'anma agus onóir an Tiġearna? Naċ bfuil fé féarúnta i gcionn na feaċtmaine[19] cunntas do ḋéanaṁ ar an fliġe ċaiṫir í, agus má'r go hoiċ, fárdún d'iarraiḋ, má'r go maiṫ, Dia ġuiḋe ċum beiṫ buan ar ftaid[20] na ngrás gaċ lá agus feaċtmain, mí agus bliaḋain deo ḟaoġal.

Anoir, cionnus ar féidir leis an muinntir ḋéanann lá faoġalta den Domnaċ é bfonnaḋ ar an anam ná ar Dia agus, mo ṫruaġ é le ráḋ! naċ baoġalaċ go bfuil go leor mar sin? A ḟiaḋnéiḋ[21] feo ar ár ndeis i féiḋleán[22] an ṁarġaiḋ, ar ḟuaim na gcarráirtiḋe, ceol bóṫair ag capallaiḃ agus trucailiḃ, gan tráċt ar ċéad fliġe eile 'n-a ndéantar ruaḃaḋ don traoire le hobair ċorraiḋa.

"Sé lá," ar Dia, "béir ag obair, agus déanfaiḋ tú an méid atá uait iontsa; aċt, an feaċtmaḋ lá, le ruaiṁnear[23] onóir do Ṫiġearna. Ni ḋéanfaiḋ tú aon obair, ceaċtar ṫú féin, ná do ṁac, ná d'inġean, ná do ḟeirbíreaċ fir nó mná, ná do beiṫiḋeaċ, ná an ftrainréar atá fá ṁúr do ṫiġe" (Ecf. xx. 9, 10). Cad é an ċiall? Atá, mar nuair do rinne an Tiġearna a oibreaċa ar feaḋ fé lá, an[24] feaċtmaḋ lá do ġlac fé a ḟuaiṁnear; fin an ċiall 'n-ar beannuiġ an lá fin agus 'n-ar óirduiġ díḃre a naoṁuġaḋ.*

[19] feaċtmaḋ lá. [20] ftad. [21] ḟínné. [22] ar ar ḋeireireán.
[23] ráft. [24] 7 an.

* Díreaċ i ndiaiḋ na bfocal fin atá an méid feo: "Sin iad focuil na ríriinne, na cirínn a corġaḋ gaċ níḋ ḋéinimíd na doirfeaḋ a ḋaoraḋ, an té ċuirfionn ar maidin laé raoire le teaċtairfeaċt ráoġalta a ṁac roir agus a buaċuill riar, a ċailín a iongion nó a ċapall no iad go léir a rodar go nuige an maraġa, agus é féin gan

Atá ré ḟollur ar a ndubhramar gur ċéim mór mhaċtanair do-bhéarfaḋ ar ḋuine an traoire do bhrireaḋ le haon obair ċorporḋa. Aċt, mar naċ dtéiḋeann dhiġe ar an mhaċtanar,[25] agus mar[26] ar don duine do rinneaḋ an traoire, agus naċ don traoire do rinneaḋ an duine, ní ċorg[f]aiḋ Dia oraiṁn (mar ar é Dia na trócaire é) oibreaċa áiriṫe cartannaċa trócaireaċa d'iarrann go dian ceaċtar ár ngábaḋ féin nó gábaḋ na coṁarran. Ar rin ir féidir le ceaḋ uaċtaráin nó ragairt na paróirte an fóġṁar féir nó arbair do ṡábáil d'éir airfinn Doṁnaiġ nó lae raoire, nuair do bhéiḋ i bhfior-ċontabairt a ċaillte. Nó ag déanaṁ cabarṫa ṫabairt ar ḋuine ṫinn, nó i bhfeiġil[27] tiġe agus áite, má ċaiṫeann an lá go naoṁṫa ran mbaile, atá raor. Agus cé naċ raiḃ ré ceadaiġṫeaċ do na lúdaċaiḃ biaḋ an Doṁnaiġ d'ollaṁuġaḋ (óir ċaiṫíodar an manna do ċnuaraċ an lá roiṁ ré), ní ḟuil rin coirgṫe oraiṁne i reaċt Ċríort, mar ar milre agus ir éadtruime é ár n-ualaċ. Ir féidir gnóṫa ruaraċa an tiġe agus na cirtean do ḋéanaṁ gan rgrupall, aċt nuair do ḋéanair ionad coinne leir an nDoṁnaċ ċum barra fráir[28] gnóṫa

---

ṁhaċtain gan beóċt na rgróinre gan ċṁiċ gan ċṁeidiom na ndiaig. . . . Coimeádann Laeṫionna fógarṫa ceann d'aiṫionntuiḃ na hEagluire. Ċuige rin adeir Naoṁ Aurtín ní ḟiuḃáil gan obair do ḋéanaṁ, do ċonarcamair agus dairíġeamar morán ar naoṁ aiṫreaċa an réirṁeaḋ conder : parur ; do ċaillead i láṫair dearga bhfire na raoire, roinn dá ṁarla neól marḃ le tóirnnig; roinn treargarṫa gan lúṫ a gnáṁ agus roinn eile loirgiṫe na luaiṫreán idir ċorp agus uile le caorruiḃ dearga, agus mórán eile romplúiġe cruṫeaglaċa do ḃí agus atá na naiṫeannntar fearg Dé, a ttaoḃ marla an laé oirdeirc ri."

[25] maċtanair. [26] oir no 7 mar. [27] bheil. [28] bairir báirr.

na reaċtṁaine do léiriuġaḋ, rin é an áit a ḃfuil an ṁailír, an t-olc, agur an peacaḋ.

Aċt tugaiḋ fá ndeara arír, gé go gcorgann Dia obair ċorparḋa, naċ le haġaiḋ díoṁaoinir[29] ċeap ré an traoire; óir ir fuaṫ air gaċ aon neaṁ-ḟonn agur leirge agur díoṁaointeas, mar ar é rin, adeir Naoṁ Diornaso, "bár an anma agur máṫair-áil gaċ uilc." Ir é a ṫoil, dá ḃríġ rin, go mbéaḋ obair anma ar riuḃal Dia Doṁnaiġ, do réir mar do ḃí obair na colna ar feaḋ na reaċtṁaine, agur go dtaḃarfaiḋe an traoire d'obair rpiorabálta mar tugṫar an Luan nó an Máirt d'obair ċorparḋa.

1 mearg gaċ obair rpiorabálta atá indéanta atá aon ċeann aṁáin naċ féidir le haon Ċatoilice gan géir-riaċtanar diúltaḋ dó ar an raoire .i. éirteaċt an airfinn, mar ar é gníoṁ ar uairle agur ar iomṡláine[30] do ḃaineann le [n]-ár gcreideaṁ é, gníoṁ ċoṁ naoṁṫa le bár[31] ár Slánuiġṫeora, gníoṁ áiriṫe Dé, gníoṁ trócaire agur buiḋeaċair an ḟeaċtaiġ; óir déantar leir aiṫ-íoḋbairt don Aṫair ríorraiḋe ar ár ron agur ar ron ár bpeacaiḋe. Agur ir ar rin adeir na diaḋairí d'aon focal, an té ċailleann airfeann le n-a ċionnta féin, go ḃfuil ré cionntaċ i bpeacaḋ ṁarḃ, mar do ḃureann i níḋ ruimeaṁail ceann d'aiṫeantaiḃ Dé nó na hEaglaire.

Iarraiḋ Dia orainn an Doṁnaċ do naoṁuġaḋ, agur iarfaiḋ an Teampall orainn airfeann d'éirteaċt. Ní leor, ar an áḋbar [rin], leaṫ-uair do ċaiṫeaṁ ag éirteaċt airfinn ċum na raoire do naoṁuġaḋ, do réir

---

[29] deiṫnir. [30] iomlánuíġe. [31] air bár.

mar naċ leor leaṫ-uair ag obair ċum Lae ḋéanaṁ. I n-éagmair airfinn, dá ḃrig rin, ní fuláir roinn ṁór den lá do ċaiṫeaṁ le diaḋantaċt, le hurnaiġṫe, le hearrairt, le leabair ċreidiṁ, coṁairleaċa naoṁṫa diaḋanta, a obair naoṁṫa féin do gaċ n-aon mar oireas, an teagasg críostaiḋe, lóġaḋ, an paidrín páirteaċ ṫrí.

Sin mar ar ceart an Doṁnaċ do ċaiṫeaṁ, agus, mo ṫruaġ le ráḋ! naċ fánaċ an té ċaiṫeann é mar ar cóir? I n-áit ṡsím maire an anma ṡaoraḋ, le ṡsríor an ṗeacaiḋ, nó taiḋḃre,[32] agus móirḋáil, agus bláiṫ bréige na colna ar obair don dá leor an lá naoṁṫa so. I n-áit díċeall do ḋéanaṁ ar Dia dá ḃfeicfinn glan raor leaṫ-'rtiġ, bíonn na mná ógа ag iarraiḋ beiṫ maṁraċ deaġ-ṡaicfeanta leaṫ-ar-'muiġ,* dear taiṫ-neaṁaċ[33] don traoġal agus dá ṗrionnraíḃ, gránna fuaṫṁar i láṫair a mbreiṫiṁ agus a máiġirtir.[34] I n-áit cuiraḋ agus brat na haiṫriġe, i n-áit oirgréiro agus uaignear naoṁṫa, naċ ḃfaġaimíd brat uaiḃreaċ na taiḋḃre[35] go héagraṁail ag gaḃáilt[36] tar ḃráġaid,[37] naċ n-airiġmíd ceol agus geasán na sluaiġte, óg agus aorta, [ag] caiṫeaṁ aimsire le ċéile go díoṁaoin ar ḃruaċ an ṗeacaiḋ? Is síor créad adubairt Críosdom i n-a laeṫiḃ, gur ab mó[38] d'earráid agus d'olc ḋéantar ar an lá naoṁṫa so ná an ċuid eile den treaċtṁain go léir. Óir do-ċímíd, fóirríor! go ndéantar ionad

---

[32] ná taire. [33] tangáḃaċ. [34] alán nabiatiór agus airmirtéir.
[35] tiaḃre. [36] gaṁairt. [37] bríaid. [38] iomóa.

* Seo mar atá san láṁṡgríḃinn: "a náit díṫil ḋéana Dia dár ḃfaicfinn glan raor leaṫartiġ, ól na iṫe ṡsin ná ḃar agus na mná óga do ḃeiṫ ṫrí."

coinne leis ċum gaċ droiċ-ḃeart do ċur i ngníoṁ. Naċ minic an ceárdaiḋe nó an sgláḃaiḋe [ag feiṫeaṁ] leis an nDoṁnaċ* ċum Dia d'onóruġaḋ le n-a meisge, ċum é ġuiḋe le n-a n-eargaine, ċum é ḃuiḋeaċaruġaḋ le deargaḋ díċéille! [39] Ó! ní hiongnaḋ mío-raṫ do ḃeiṫ ar an reaċtmain i n-a ċionn, agus luaċ a sláinte agus coṫuġaḋ a muinntire do sgaireaḋ le diablaċt an Doṁnaiġ ag taḃairt sgannail dá gcoṁarrain agus aiṫire do Dia, boċtaineaċta dá muinntir, agus iṡrinn na ndeaṁan dóiḃ fein. †

Ní beag a ndubartar, a ċríortaiḋṫe mo ċroiḋe, ċum riḃ do ġluaireaċt ċum obair [cráibṫeaċ] gaċ lá agus go rseirialta ar an raoire. Ná déanaiḋ aon duo bun-ór-cionn inr an traoire, obair an ċuirp ná obair an ṗeacaiḋ. Ná bíḋiḋ díoṁaoin ruaraċ. Ná bíḋiḋ ag guiḋe go failliġṫeaċ inr an airfeann, ná [40] nuair ar am ḃur muinntire do ċruinniuġaḋ ċum urnaiġṫe an Ṗaiorín Ṗáirtiġ, nó a ṁalairt. Ná faġṫar riḃ i dtiġ ḃur gcoṁarran ag cainnt go díoṁaoin, agus do b'ḟéidir go neiṁ-ċearr; ná ar an ṗráid [ag] ḟonóṁaid rsige; ná ar ḃóṫar ná ċeiṫre rian [ag] lorg rséalta nua [41]; ná

[39] díṫċéilliġe. [40] agus. [41] nua déana, aċt don rtrainnréir fir nó mná, ná rgl.

* Is baoġalaċ go ndeaċaiḋ an rgríbneoir amuḋa annreo. Seo iad na focail do rgríob sé: "Óir doċímid fóríor go ndéantar, an ceárduiġe no an rgláḃuiġe, ionad cuinne leis ċum gaċ droiċḃeart do ċur a ngníoṁ náċ minic an ceárduiġe no an rgláḃuiġe fir an ndoṁnaċ rgl."

† Seo mar atá ran láṁrgríbinn: "ag taḃairt do Dia rganuill 7 aiṫiri 7 dá ccóṁarruin .i. aiṫir do Dia 7 rganuill na ccóṁarruin, boiċtineaċt dá muinntear 7 iṫfrionn na ndeaṁain dóiḃ féin. Do b'ḟéidir an nid do ráḋ le peacuiġ áirġṫe le neart Aug. go mo lu ḋiḃáil dóiḃ fuail 7 faiṫin ná daṁar 7 ginnce."

ar ċnocán an trúgraiḋ [ag] rgairteoireaċt agur [ag] caiṫeaṁ aimrire go peacaṁail. Aċt ag cuiṁneaṁ ar ḃur ngaol le Dia, ar luaċ ḃur n-anma, ar niṁ an ṗeacaiḋ, onóruiġiḋ lá an Tiġearna mar ar cóir, an óige ag imṫeaċt leir an aoir i ndirgréiḋ, deaġ-ṙompla, agur beannuiġṫeaċt; agur ar ball nuair ḋeiġilfiḋ an báṗ rinn ó earráid agur ó ḋíoṁaoinear an traoġail ṁeaḃlaiġ reo, béimíd i gcompóṙd agur i ruaiṁnear na raoire ríorraiḋe, i reilb Dé ran nglóire. Bíoḋ mar rin.

[Críoċ de rin míċeál ua Longáin d'aiṫrgríoḃ, 1819].

SEANMÓIR A SÉ.

AR ṖURGADÓIR.[1]

[Don aonṁaḋ Doṁnaċ ṗiċeaḋ taṗ éiṗ na Cingcíṗe].

Iratus dominus eius, tradidit eum tortoribus, quoadusque redderet universum debitum.

An tan do ġlac an Tiġeaṗna ṗeaṗg do ċoiṁḃiṗ ṗé é do luċt a ṗianta nó go nḋíolṗaḋ[2] ṗé a ṗiaċa go hiomṁlán.

—Maṫa xviii. 34.

Ní gan áḋḃaṗ ṗó-ċeaṗt, a ċompánaiġ, le honóiṗ Dé agus a ṫiġe do ċoṗain, do ṗinne Mac Dé ṗsiúiṗṗí ġéaṗa cṗuaiḋe de ċóṁḋaíḃ caola cnáibe leṗ ḋíbiṗ ṗé amaċ aṗ tiġ Dé luċt na ṗaoġalṫaċta, an ḋíl, agus na ceannuiġ-ṫeaċta. "Do ċuiṗ ṗé," adeiṗ Naoṁ Eoin, "amaċ iad uile aṗ an dteampall" (Eoin ii. 15). Má'ṗ uaṫḃáṗaċ an níḋ é tuitim i láṁaiḃ Dé Uile-ċoṁaċtaiġ i n-áṗ mbeaṫa aṗ an ṗaoġal ṗo, maṗ adeiṗ Naoṁ Pól linn (Eaḃ. x. 31), iṗ uaṫḃáṗaiġe ná ṗin go móṗ tuitim i n-a láṁaiḃ ṗan tṗaoġal[3] atá ṗóṁainn, an áit a ngiacṗaiḋ ṗé aiṗm agus éadaiġe ṗeiṗge, ḋíḃṗeiṗge, agus ḋíoġ-alṫaiṗ Dé aiṗ, an áit a dtaṗṗaing[ṗiḋ] ṗé amaċ a ċlaiḋeaṁ ṗaoḃṗaċ líoṁṫa géaṗ de ḋá ṗaoḃaṗ a ċeaṗt, agus a dtóġṗaiḋ ṗé ṗuaṗ a láṁ ċoṁaċtaċ le ṗsiúiṗṗíḃ tinntiḋe uaṫḃáṗaċa, déanta ṗiġte, ní de ṗóṗaíḃ[4] ṗeaṗta, ní de ċóṁḋaíḃ ná de ṗlataiḃ, aċt de laṗṗaċaiḃ ṗaoḃṗaċa

---

[1] Murphy MSS. Vol. L. pp. 295-326. [2] nḋíolṗuiġ.
[3] i láṁuiḃ an tṗaoġuil. [4] ṗóḃaḋ.

cnaor-ṁóra, ċum luċt na ndubáilce do ṗianaḋ ar an uile ṫaoḃ go ró-ḋian, gan tuaiġ taire ná trócaire.

Atá fior na fírinne seo go maiṫ ag na hanmannaiḃ cráiḋte úd atá indiu, do réir órduġaḋ Dé uile-ċoṁ-aċtaiġ. Dá ṡgiúrraḋ, dá bpianaḋ, dá gcionnḃaḋ, dá gcartaḋ, dá gcarnaḋ i n-uaṁaiḃ doirċa bréana ṡalaċa ṗurgadóra, ċum ráraiṁ do ṫaḃairt do ċeart [Dé] ar son gaċ furġeall[5] peacaiḋ dá ndearnaiḋ siad siaṁ i n-a mbeaṫaiḋ—agus do maiṫeaḋ[6] go trócaireaċ dóiḃ (ag labairt ar an gcoirṫeoir[7]*) le bríġ na haiṫriġe agus na faoisdine do rinne siad—sul fá ḃfeicfiḋ siad gnúis Dé i ríoġaċt na caṫraċ neaṁḋa le haoiḃneas glórṁar síorraiḋe i gcuideaċta na n-aingeal agus na naoṁ. "Ní raċaiḋ," mar adeir an t-Abstal, "níḋ ar biṫ salaċ innte isteaċ" (Taisb. xxi. 27), agus ins an am a ḃíd na hanmnaċa boċta beannuiġṫe so dá ṡgiúrraḋ, dá lorgaḋ, dá róstaḋ, dá ndóiġeaḋ[8] go nuige an smior agus smaois a mbeaṫa, dá dtiompuġaḋ ag luċt a bpianta le fíoċ, fuaṫ, agus náṁdaċas ar ġreidealaċaiḃ deasga tinntiḋe na teine cnaoraiġe le gaḃlaiḃ ró-niṁeaṁla sunn-ġéara na bpianta mórа troma seasḃa úd, ní ḟuil áṫaċ[9] do ḋíon, do ṡgéiṫ ċonganta ná coṁraiġe aca, aċt ḃeiṫ ag gáṫaiġ gan stad gan sgíṫ, ag sgreadaiġ, ag gol agus ag géar-ċaoineaḋ de ló agus d'oiḋċe ar

[5] furġiolL faoiḋċe. [6] maiṫiuṁ. [7] ceiṫeóir. [8] do ḋóiṫiġ. [9] aṫasaċ.

* "Gé go maiṫeann [raspairiunt na haiṫriġe] na peacaḋa marḃṫa uile agus na peacaḋa roloġṫa ar uairiuḃ, agus fós an ṗian ríosraiḋe ḃliġṫeas ar son an ṗeacaiḋ maribṫa, fágḃaiḋ tar a ċeann sin sian aimsearṫa nó neiṁṡíosraiḋe gan ṁaiṫeaṁ go coṁċoirṫeann, agus ar i an ṗian sin ṫógṫar maille sur an lóirġníoṁ." (Scáṫán na haiṫriġe).

na huaṁaiḃ bréana doirċa doiṁne úd ḟurgadóra ċum a ndaoine muinnteardha, a gcaraḋ, agus a luċt gaoil fola agus feola, a luċt aiċne agus eolais d'ḟág riad i n-a ndiaiḋ ar an raoġal so, ag iarraiḋ trócaire do ḋéanaṁ oirċa i lár aiḃéire i a bpian mór reamḃ úd, agus so le n-a nguiḋe, le n-a dtroṙgaḋ, le n-a n-urnaiġċiḃ ċum Dé ar a son. "Bíoḋ truaġ agaiḃ dom," adeir Iób Naoṁta, "bíoḋ truaġ agaiḃ dam, go háirḋe siḃ-se, a ċáirde, mar do ḃain lám an Tiġearna liom" (Iób xix. 21). "Ó! créad é mar ċoṁairḋa geana agus gráḋa nár ċairḃeáin siḃ dam," adeir anam boċt i bpurgadóir, "in mo ḃeaċa ar an raoġal so? Ó! is anois an t-am agaiḃ le ró-ṁéid ḃur ngeana agus ḃur ngráḋa do ċairḃeáin dam; go háirḋe, bíoḋ truaġ agaiḃ dom, óir atá mé ar mo uile ċaoḃ dom lorgaḋ i lár na laṙraċ móire seo, ċum ráraiṁ do ċaḃairt do ċeart Dé ar son fuiġeall[10] mo ṗeacaiḋe. So an t-am agaiḃ siḃ féin do ċairḃeáin mar ċáirdiḃ agus mar ḋaoiniḃ muinnteardha go fíṁneaċ. So aimsir na cruaḋála, seo aimsir an ṁaċtanais."

Ionnus go maoṫóċaiḋ do ċroiḋe, a ċompánaiġ, ċum truaiġe do ḋéanaṁ do na príorúnaċaiḃ naoṁta so, tráċtfaiḋ[11] mé leat ins an ġearr-ċoṁráḋ so ar dtúis ar ḟearḃar na bpian mór so atá ar na créatúiríḃ beannuiġte seo ins an áit tinntiḋe ḋoirċa so agus atá go doiṁin do-ḟuiling; i n-a ḋiaiḋ sin, ar an éagcaoineaḋ do-ġníd riad ar a ndaoiniḃ muinnteardha nać nguiḋeann Dia ar a son; agus faoi ḋeireaḋ, do-ḃéarfaiḋ mé fios duit créad mar ar féidir leat

---

[10] fuiġioll faoiḋċe. [11] do ṫráċt.

furtaċt do ṫabairt dóiḃ. Taḃair, a ċairiḋ, fá deara go grinn mo ḃriaṫra ar an gcurróir ró-ṫruaiġṁéileaċ ro, agus bíoḋ cuiṁne i gcoṁnaiḋe agat orṫa.

Tuig, a ċompánaiġ, go ḃfuiliḋ trí róirt ṡgiúrra ann le n-a ṡgiúrrann Dia Uile-ċoṁaċtaċ na peacṫaiġ. Atá mórán ṡgiúrrí, adeir Dáiḃíḋ (Sailm. xxxiii. 17), ag Dia le haġaiḋ na bpeacṫaċ; aċt ir féidir a dtaḃairt go huiṁir a trí. An ċéad ṡgiúrre, atá ré ríorraiḋe; an dara ṡgiúrre atá ré aimreasṫa; agus atá an tréar ṡgiúrre marḃṫaċ. Leis an gcéad ṡgiúrre ṡgiúraiḋ[12] Dia i n-ifreann na bpian an uile ḋuine do-ġeiḃ bár i n-a ṗeacaiḋiḃ marḃṫaċa gan aiṫriġe gan faoiṡdin do ḋéanaṁ ionnta, an áit a n-iompuiġṫear na créatúirí damanta ar ṗoṫaiḃ niṁe na ríorraiḋeaċta, ċoṁ fada is do ḃéar Dia i n-a Ḋia, gan ċríoċ gan laġduġaḋ go bráṫ. Is ṡgiúrre é reo do lionar, mar adeir an fáiḋ linn,[12a]—mar naċ ṡtadann go bráṫ,—dílé ró-ḋian na bpianta troma rearḃa ríorraiḋe úd, de ḃeiṫ ag lionaḋ orṫa le fuarlaiġ,[13] le tonna craorafa dearga den uile ṡórt boiċteaċt agus cráiḋteaċt ar ar féidir le tuigsint na ndaoine nó na n-aingeal ṡmuaineaṁ. Leis an dara ṡgiúrre tuigṫear annsro gaċ buaiḋreaḋ, gaċ tríoblóid, gaċ teinnear, boiċteaċt, nó cráiḋteaċt d'ḟuilingeann Dia do ṫeaċt orainn i n-ar mbeaṫa ar an raoġal ro; "agus má ġlacann na daoine go foiġdeaċ iad, agus go gcuirfid a dtoil le toil Dé, ní ṡgiúrrí iad," adeir Naoṁ Aiḃirtín linn, "aċt maiṫ ṁór agus gráda." Leis an tréar ṡgiúrre, dá ngoirṫear ṡgiúrre ṁarḃṫaċ, tuigṫear gaċ pian agus pionóir do-

---

[12] do ṡciuraiḋ [12a] Sailm x. 7. [13] fuarlaoiḋ.

ṁíniġṫe do ċuireas Dia ar anmnaiḃ naoṁṫa ṗurgadóra, an áit a gcongḃann ré iad ar ḟeaḋ aimṗire i bṗríorún na teine tinntiḋe úd atá ann, dá ṡgiúraḋ, dá niġe, agus dá nglanaḋ ó gaċ ṡal, ṡmál, agus ṡalċas peacaiḋ dá ndearnaiḋ riad riaṁ i n-a mbeaċa, nó go dtreor-uiġiḋ ré leis iad, ḟaoi ḋeireaḋ, glan roillṗeaċ ṡuas ar ṡleaṁnán tri ṗráideannaiḃ na caṫraċ neaṁḋa irteaċ go ṡgáṫán na Tríonóide.

Is ionann an teine le n-a loisgṫeas an duine damanta agus le n-a nglantas; ar sin is ionann neart agus bríġ don dá teine seo. Ní ḟuil de eidir-ḋealḃaḋ eatorra aċt go bḟuil sí síorṗaiḋe i n-ifreann, ag losgaḋ na n-anam ndamanta, agus aimṗeasṫa .i. ar ḟeaḋ aimṗire áiriṫe ag glanaḋ na n-anmann mbeannuiġṫe i bṗurgadóir. Agus ar son go n-iompuiġeann an teine ḟaoġalta so atá againn i n-ár dtiġṫiḃ, leis an neart nádúrṫa do ṫug Dia ḋi, an uile níḋ do loisgṫeas léi i n-a luaiṫ agus i n-a luaiṫṗeán; go n-iṫeann sí, go gcaiṫeann sí le n-a géire na cnuic, na carraigeaċa agus na sléiḃṫe, na coillte ḟoltaċa dorċa agus na cloċa cruaiḋe; go leiġeann sí an uile ḟórt miotail leis an mbríġ nádúrṫa do ṫug Dia ḋi; ní ḟuil aċt sgáile teine innte seoċ an teine úd atá indiu ag ṡórtaḋ agus ag dóiġeaḋ na n-anam naoṁṫa i bṗurgadóir. Atá an ṗian so na teine tinntiḋe úd, i n-éinḟeaċt le gaċ péin ṁóir ḋoiṁin eile atá orṫa, dá gcráḋ ċoṁ mór sin gur truime innte ḟéin í, agus go bḟeicfeas dóiḃ sin í do beiṫ mar sin, ná pianta uile an traoġail ṁóir seo go hiomṡlán; agus dá gcuirfiḋe ṡór an méid pianta do bí riaṁ ann, ó ṫúis an traoġail in gaċ aois de, i n-éinḟeaċt le méid atá anois ann agus

do ḃéar go deireaḋ an domain, i n-aon ṗéin amáin, ir mó an ṗian ro na teine ar luġa atá ar an anam mboċt i bpurgadóir ná iad uile. "Níor ṙmuaineaḋ," adeir Naoṁ Aiḃirtín, "i gcolainn daonna ar a leiċéid de ṗéin riaṁ."

Cuirim an cás, a ċompánaiġ, go ḃfeanfaiḋe beo ṫú le ṙgeanaiḃ géar-ḟaoḃraċa, mar do ṙinneaḋ le Naoṁ Partolán; nó go ndéanfaiḋe criaṫar poll deo ċorp le gaṫanna géara, mar do ṙinneaḋ le Naoṁ Sabártan; nó go ṗórtfaiḋe tú ar ġreidil ḋeirg ṫinntiḋe, mar do ṙinneaḋ le Naoṁ Laḃrár; nó go dtairngeoċṫaoi do ḃaill i n-a bpíoraíḃ beaga ar a ċéile le teanċairí cruaiḋe, mar do ċuireadar na ṗágánaiġ ṗómpa a ḋéanaṁ le Molaire Naoṁṫa; nó go n-iompóċṫaoi ṫú ar ṗoṫaiḃ móra do ḃéaḋ[14] lán ar an uile ṫaoḃ de ṙgeanaiḃ ḟaoḃraċa, mar do ċuireadar náiṁde an ċreidiṁ ṗómpa a ḋéanaṁ le Naoṁ Caitríona, agur go ḃfuilingeoċṫá an méid pianta eile le n-a dtiocfaḋ leir an dtuigre ḋaonna ar líoṁṫa géire dá dtáinig riaṁ ṙmuaineaḋ orra; ní ḟuil ionnta uile acht ṙgáile pian reoċ na pianta móra atá ar an anam boċt i bpurgadóir. "Do ṡáruiġ rí an uile ṗian," adeir Naoṁ Aiḃirtín, ag labairt ar ṫeine an tiġe reo na bpian, "d'ḟuiling duine ar biṫ ran traoġal ro." Ó! cad é uaṫbáraiġe na háite úd? So áit tinntiḋe Ḃaibilón, níor uaṫbáraiġe go mór ar ḃárr larrac le caorṫaiḃ tinntiḋe ná ḟúirnéir an ṗáid Domnall, i n-a bfuilid na hanmnaċa naoṁṫa dá lorgaḋ gan fofar do réir órduiġṫe an Ard-ríoġ. So an áit purgadóra, adeirim, dá ngoir-

[14] beiṫ.

Tagaid na fhuainte fo go léir i n-éinfeacht chum a chuimhne; cuirid buaidhreamh agus mío-tapa air; glacann mío-dhóchas é; bíonn fuath agus gráin aige ar an gcreideamh, ionnus gur fearr leis go mór bás d'fhagbáil gan ola, gan aithriúge, ná leorghníomh do dhéanamh; agus d'aimhdeoin a ndeir a chogubhas agus Sriosad na Firinne leis, deardhann sé: "Ní féidir liom é, agus ní háil liom a dhéanamh." Ní féidir leat é, a chríostaidhe! Go dtugaidh Dia go bhfuil sin fíor, óir mar sin do bhéadh muinighin agam go mbéadh d'anam i sliighe a slánuighthe, agus ó nach mbéadh an oireadh agat agus do fháróchadh na daoine, go dtiocfadh leat Dia na n-uile-chomhacht do fhárach. Acht áitighim nach bhfuil leithrghéal ann ar bréagaighe ná na leithrghéil rain; agus fós, nach mór leorghníomh do dhéanamh chum ár n-anam do shlánughadh, fá mar do gheall mé, tairbeánfaidh mé dhíbh san dara roinn.

An Dara Roinn.

Áitighim, a chríostaidhe—agus is í an fhírinne féin í—nach bhfuil nídh le fagbháil ar[47] bréagaighe ná an leithrghéal do thugaid daoine an traoghail so uatha chum gan leorghníomh do dhéanamh leis an gcomharsain, de bhríg go bhfuil sé suarach ealadhanta gan bunadhas gan fírinne, agus gur ón traimnt agus ó n-ár gceanamhlacht oraimn féin do phréamhuigeann sé, agus chum so go léir 'bhreithniughadh agus do thuigsin mar ar cóir, ní fhuil againn acht féachain isteach ar na leithrghéil so uile fá leith.

Ar dtúis, adeir duine 'n-a bhfuil cuid a chomharsan go héagcórach i n-a fheilbh, má dhéanann sé leorghníomh ann,

---

[47] bur.

ḡo millfiḋ agur ḡo ngortóċaiḋ ré a ċlann agur a ṁuinntir leir. Aċt freagrann Criorortom beannuiġṫe: An é naċ fearra ḋuit iad do ḃoċtanuġaḋ ná ḃeiṫ cionntaċ 'n-a ndamain fíorruiḋe; giḋeaḋ, deiṁniġim duit, i n-ionad do ċlann do ṁilleaḋ agur do ċreaċaḋ nuair do-ḃeir tú a ċuid féin don ċoṁarrain, muna ndéanfaiḋ tú é, ḡo ndéanfair a ḡcreaċaḋ agur a ndamnuġaḋ i n-éinfeaċt. Óir fiafruiġim díot, an é naċ mbéiḋ cuid na ndaoine eile, atá anoir id ḟeilḃ agur atá agat le fáḡḃáil mar oiġreaċt aḡ do ċlainn i ḡcoṁnuiḋe, 'n-a ualaċ coinriair orra ran mar do ḃí ré oraiḃ féin. Agur dar ndóiġ, ní ṁearann tú ḡo n-aṫróċaiḋ ré nádúir agur naċ leir an ḡcoṁarrain fór é, i dtaoḃ mar ḟáḡḃair ḡo héaḡcóraċ aḡ do ċlainn é; agur dá ḃriġ rin fáḡḃaim fád ḃreiṫ féin cia aca den dá neiṫiḃ ro ar mó ḋéanfaiḋ díoḡḃáil dóiḃ, cuid an ċoṁurran do ċaḃairt dóiḃ mar oiġreaċt, nó a ċonḡḃáil uaṫa. Óir, má ṫuiteann ré amaċ ḡur fearr na criortaiḋḋe agur ḡur macánta na daoine ḃur ḡclann ná riḃ féin, má ḃíonn ré de ṁirneaċ nó de ċreideaṁ ionnta a ċuid féin a ṫaḃairt don ċoṁarrain agur cúiteaṁ iomṙlán do ḋéanaṁ leir do réir ċirt, feicimír annrin cad d'ḟáḡḃair aca. D'ḟáḡḃair, ḡo deiṁin, cúram mór agur ualaċ muirġineaċ orra ċum leorġníoṁ ṙiġin do ḋéanaṁ ar do ṙon, agur fliġe do ṫaḃairt dóiḃ ċum éaḡcóir do ḋéanaṁ orra féin tríd. Giḋeaḋ, má atáid riad ċoṁ dall, ċoṁ dí-ċreidṁeaċ[48] leat féin, agur do rianta tubairteaċa do leanṁain, dar ndóiġ, ní féidir naċ ndéanann tú rann-ṗáirteaċ iad in do ṗeacaiḋiḃ,

[48] díċreidiṁ.

agus nach ṡtiúrruiġeann tú go díreach iad ċum ḃeiṫ ṗannṗáirteach leat i bpiantaiḃ ṡíorraiḋe ifrinn. Agus an é do ṁear féin go nglacfaiḋ Dia mar leiṫṡgéal uaṫa gur tura ṫug droċ-ḟompla ḋóiḃ, agus gur ort féin baḋ ċóir é go léir d'agairt; nó an é do ṫuairim go gcuirfiḋ Dia fad nó réan ar a ṡtóṙúr do ṁalluiġ agus d'ḟuaṫuiġ ré in do ḟeilḃ, i dtaoḃ mar atá ré anoir i reilḃ do ċlainne?

Adeir duine eile: "Ní mór ḋom coṫuġaḋ ruar do réir mo ċreideaṁna agus mo ṙliġe ḃeaṫa agus mar baḋ ḋual daoine ḋom é." Giḋeaḋ, deiṁniġim-se ḋuit, a ċríorṫaiḋe, gur ab é an ċéad níḋ ar dual duit leoirġníoṁ do ḋéanaṁ, agus má atá do ṙliġe ḃeaṫa dod ċongḃáil uaiḋ, go ḃfuil sé d'ḟiaċaiḃ ort, do réir dliġe Dé agus an ċreidiṁ, cur ruar di [49] go hiomṙlán; óir atá sé ceangailte ort réir an Tiġearna do ḋéanaṁ agus a ċearṫ féin do ṫaḃairt do ċáċ, gibé ar doṁan creideaṁain, gibé ar dit ṙliġe ḃeaṫa ḃéiḋ agat, má'r tiġearna tíre má'r ṡgláḃaiḋe tú. Agus ċuige rin, ná caiṫ an oiread agus ir gnáṫaċ leat é le himirt ná le hólaċán; ná taḃair an oiread ar éadaiġiḃ mórluaiġe, aċt mair ċoṁ huaisneaċ ċoṁ ringil agus ir féidir leat é, ar ron Dé agus d'anama, ċum ceart do ṫaḃairt don ċoṁarrain, mar ar inr an aisne naoṁṫa ro atá anam an ċreidiṁ Ċatoilice; óir geallaim duit, i n' éaġmair, nach ḃfuil in do ḋéarcaiḃ aċt éagcóir, ná in d'urnaiġṫiḃ aċt bréag-ċráḃaḋ. Dá ḃríġ rin, írliġ tú féin agus túirling anuas den ċéim i n-ar árduiġ an peacaḋ tú, agus cuir na teorainn leat féin baḋ ḋual

[49] dó.

ḋuiṫ ḋo ꝼéiṙ macánṫaċṫa agur creiḋiṁ. Aḋṁuiġim ġuṙ ḋeacaiṙ leaṫ é. Ġiḋeaḋ, ní móṙ a ḋéanaṁ ċum ḃeiṫ ar ṙtaiḋ na ngráṙ. Agur ꝼiaꝼruiġim ḋíḃ anoiṙ, créaḋ é an meaṙ ḋo ḃéaḋ agaiḃ ar ḋuine ag á mḃéaḋ ḃuṙ ġcuiḋ óiṙ nó airġiḋ i n-a ꝼeilḃ agur ḋ'eiṫeoċaḋ riḃ ar a ṫaḃairṫ ḋíḃ in ḃuṙ ngáḃataṙ,[50] i ḋtaoḃ maṙ ḋo ṫeaṙṫuiġeann ré uaiḋ ċum a ċreiḋeaṁain ḋo ċoṫuġaḋ ruaṙ? An é naċ ṅḋéaṙꝼaḋ riḃ leiṙ naċ ar ḃuṙ ġcoṙḋaṙṙa baḋ ċóiṙ ḋó rin ḋo ḋéanaṁ; go mbaḋ liḃ ꝼéin ḃuṙ ġcuiḋ óiṙ agur airġiḋ, agur naċ ċum a ċreiḋeaṁain ḋo ċoṫuġaḋ ḋo ꝼaoṫruiġeaḃaṙ é?

Aḋeiṙ ꝼeaṙ eile: "Má ḋéanaim leoiṙġníoṁ, ní ḃéiḋ oiṙeaḋ agam iṙ ḋo ċongḃóċaiḋ ruaṙ mé." Iṙ é Aiḃirtín Naoṁṫa ḋo ċuiṙeann an ċeiṙt ro amaċ: *Audet aliquis dicere, non habeo aliud unde vivam?* Aċt éirtiḋ le ꝼreagṙa an lonnaṙṫa ꝼoillriġ[51] ro na hEaglaiṙe: "Atá an leiṫṙgéal ro gan ḃunaḋaṙ gan éiṙim," ar ré, "óiṙ iṙ é an níḋ céaḋna aḋéaṙꝼaḋ an ꝼoġlaiḋe agur ꝼeaṙ na ḃṙiṙeoġa liom nuaiṙ aḋéaṙꝼaiḋe leo leoiṙġníoṁ ḋo ḋéanaṁ agur cuṙ ruaṙ ꝼeaṙḋa ḋá rliġe ḃeaṫa, ar an áḋḃar go ḃꝼuil a ġconġḃáil ruaṙ ar ṁéiḋ na héagcóṙa agur na ꝼoġla ḋo ḋéanꝼaiḋ riaḋ. Ġiḋeaḋ, iṙ é ꝼreagṙa ḋo ḃéaṙꝼainn oṙṙa naċ ḋe na ꝼeilleċéaṙḋaiḃ ro baḋ ċóiṙ ḋóiḃ leanṁain ċum coṫuġaḋ, aċt iaḋ ꝼéin ḋo ċaiṫeaṁ ar ionntaoiḃ Tiġearna na trócaiṙe, agur maiṙeaċtain níoṙ túṙġa ar an ḋéiṙc agur ar ċaṙṫannaċt na ġcoṁaṙṙan. Agur ḋeiṙim an níḋ céaḋna le ġaċ criorṫaiḋe ꝼá leiṫ 'n-a ḃꝼuil leoiṙġníoṁ 'n-a ualaċ air; agur iṙ é ciall atá leiṙ, maṙ naċ ar

---

[50] ġáiḃteaṙ. [51] ꝼoillꝼeaċ.

ċuid duine eile do ṁeallair led ġliocas nó do ċreadair le foir-neart agus led ċaime, bad ḋual duit coṫuġaḋ ruas, acht coṫuiġ tú féin leis an deaġ-ṙláinte ṫug Dia ḋuit, leis an gcéird nó an ealaḋain ḃeaṫa d'ḟoġlamais ód aois óige, agus má ṫeipid rin uile ort, ní ṫeipṫiḋ an ċartannacht ṗoibliḋe go bráṫ ort.

Adeir duine: "Má ḋéanaim-se leorġníoṁ, do-ġeoḃad gud ṫríd agus tráċtras orm nach ḃfuil ionnam acht feas éagcóra agus biṫeaṁnach." Giḋeaḋ, adeir uġdas foġlamṫa: "Ní mór do ḋuine ḃeiṫ go ṙóainḃfiorach ċum leiṫṙgéal ċoṁ lag rain do ṫaḃairt uaiḋ, mar ir iomḋa[52] rlíġe foiliġṫeach do b'ḟéidir leis 'aimriuġaḋ ċuige ar nach mbéiḋ rún ag éinneach go deo; nó fós, ní mór gur duine droċ-aigeantach é ag á ḃfuil fior aige ar na rliġṫiḃ so, agus nach maiṫ leis, tar éis rin, cuid an ċoṁarran do ṫaḃairt dó ṫar air."

Abraid mórán: "Is duine raiḋḃir ar a ndearnaiḋ mé éagcóir, agus má atá roinn dá ċuid im ḟeilḃ, ní ḋéan-faiḋ ré doċar dó; óir ní ṫigeann poll ran tiġearnas, agus fós, ní ḟuil ann acht Saranach agus feas éagcóra." Giḋeaḋ, deiṁniġim duit, a ḋearḃráṫair mo ċroiḋe, gurab é an mac mallaċtain féin do ċum na leiṫṙgéil rin; óir má'r raiḋḃir má'r daiḋḃir é, atá ré cóiṁċeangailte ortra a ċuid féin do ṫaḃairt tar air dó. Má fuair ré a ṙaiḋḃreas le héagcóir, atá Dia ann ċum cunntas do ḃuain de, agus ċum peanós do ṫaḃairt dó mar do ṫuill ré é. Agus bíoḋ go ḃfuil ré fíor gur Saranach é, bíoḋ gur eirisceach é, áitiġim nach luġaide

---

[52] mo.

an t-ualaċ[52] atá oṡṫṡa ceaṡṫ iṡ coṁṫṡom do ṫaḃaiṡṫ dó. Óiṡ atá a ṡáṡ-ḟior aḡainn go léiṡ naċ ṡaiḃ ṡan impire Róṁánaċ, Tiberiuṡ, aċt anḟlaiṫ aḡuṡ ḟeaṡ éaḡcóṡa; náṡ ċṡeid ṡé i n-aon Dia aṁáin aḡuṡ ḡuṡ ḡéill ṡé do na déiṫiḃ ḟallṡa; taṡ éiṡ ṡin adeiṡ Íoṡa Criosṫ, tobaṡ na ṡíṡinne, linn a ċeaṡṫ féin do ṫaḃaiṡṫ taṡ air dó—*reddite quae sunt Caesaris Caesari.* Aḡuṡ de ḃṡíġ ḡuṡ Saṡanaċ é, iṡ dá ṁóide an deiṫneaṡ baḋ ċóiṡ ḋuit do ḋéanaṁ ċum leoiṡḡníoṁ dliṡdineaċ do ḋéanaṁ leiṡ, ċum go ḡcuiṡḟeá i n-iúil dó ḡuṡ ab ionann an Catoilice aḡuṡ an duine ṡíṡéanta; ḡuṡ duine é atá ċum ceaṡṫ aḡuṡ coṁṫṡom do ṫaiṡbeánaḋ don doṁan go léiṡ, aḡuṡ ḡuṡ cóiṡ do ḋuine ḃeiṫ 'n-a Ċatoilice ċum ḃeiṫ ar ṡtaid na ngṡáṡ aḡuṡ ċum an ḃeaṫa ṁaṡṫannaċ do ṡealḃuġaḋ. Aḡuṡ go ṡíṡinneaċ, má ḋéanann tú an Saṡanaċ do ṡlad, aḡuṡ a ċuid do ḃṡeiṫ uaiḋ ḡan leoiṡḡníoṁ do ḋéanaṁ ann, ní ar do ṁailíṡ ná ar do ċlaḋaiṡeaċt-ṡa do ċuiṡṡiḋ ṡé an loċt, aċt ar an ḡcṡeideaṁ; ar ċoṡ go nglacann ḟuaṫ aḡuṡ ḡráin é i n-aḡaiḋ na gCatoilicí aḡuṡ i n-aḡaiḋ an ċṡeidiṁ, go ḡcuiṡeann do ḋṡoċ-ḃeaṫa bun ór cionn é ó iompóḋ ċum na ṡíṡinne, aḡuṡ dá ḃṡíġ ṡin, go ḃṡuil tú cionntaċ i n-a ḋamaint ṡíoṡṡaiḋe.

Ṡá ḋeoiḋ, adeiṡ duine eile: "Dá ṁéid deaġ-aiġne atá aḡam ċum leoiṡḡníoṁ do ḋéanaṁ, cá ḃṡaiġead anoiṡ ḡaċ aon duine do ṡlad aḡuṡ do ċṡeaċ mé ar ḟeaḋ mo ṡaoġail? Atá cuid aca cuṡṫa ṡa ċill, aḡuṡ cuid eile ṡgaṡuiġṫe i ḃṡad ó ċéile." Aḋṁaim, a ċṡíoṡtaiḋe, ḡuṡ deacaiṡ leoiṡḡníoṁ do ḋéanaṁ ar

---

[52] an ualaċ.

uairib áirithe. Acht tugaim fá ndeara fiaghalacha áirithe [atá ionadhail fóghantach] chum congnamh do thabairt díb agus chum bhur meabhair do neartughadh, má bhíonn mirneach chríortamhail agaibh chum iad do leanmhain. An chéad nídh, dúil díoghraireach do bheith agaibh chum gach dochar agus díoghbháil dá ndeamnabhar ar an gcomharrain do learughadh do réir bhur n-acfuinn agus chomh dúthrachtach agus ir féidir libh é. Agus ón tráth 'n-a mbéidh an rún díongmhálta ro agaibh chum bhur ndícheall do théanamh, do-gheobhaidh rib féin amach mórán meodhain agus flighte nár chuimhnigheabhar orra[54] go dtí rain. An dara nídh, na meodhain rin do lorg agus do chuartughadh go hairead imfhíomhach. An tríear nídh, a chur i n-aith díbh féin gur féidir leoirghníomh do dhéanamh i ndiaidh a chéile, agus nach bhfuil ré d'fhiachaibh orraibh é go léir do dhéanamh i n-éinfhéacht, agus mar rin, an mhéid nach dtiocfaidh libh do dhéanamh anoir, déanaidh fá chéann feachtmhaine nó coichtighir é, agus an méad nach mbéidh déanta an uair rin de, déanaidh i gceann mí nó bliadhna, nó fós i gceann dá bliadhain, trí bliadhna, nó feacht mbliadhna fós. An ceathramhadh nídh, é go léir do chur fá bhreith agus fá chómairle d'oide faoistoine, gan focal do cheilt den fhírinne air, agus a chómairle do leanmhain. Geallaim duit, a chríortaidhe, má leanann tú na meodhain rin, gan iompódh ná failligh do thabairt ionnta, go dtiocfaidh leat le congnamh an Tighearna, mórán leoirghníomh do dhéanamh 'n-ar mhearair roimhe rin bheith ar taobh amuigh den chomacht, agus sgriorfaidh tú amach ar leabhar an chunntair breith uathbhárach do dhamaint fíorruidhe.

---

[54] Air.

A ċomluadair ċríortamail, gan leorġníom do ḋéanam ní ḟuil slánuġaḋ ríorruiḋe le faġḃáil agaiḃ; óir ní ḟuil aon aiṫne ḃaineas leis an gcreideam ar mó atá ceangailte orainn, ná ar luġa ar ṗéidir cur suas dó, mar nach ḃfuil maiṫeamnas le faġḃáil ann ón Eaglais ná ó Ḋia féin—ón Eaglais, mar nach ḃfuair sí na comaċta ċuige, ná ó Ḋia, mar nach maiṫ leis maiṫeamnas do ṫaḃairt ann. Ḃreiṫniġiḋ go glinn é. Do ṫug Dia comaċta dá Eaglais gan cuimriuġaḋ gan teorainn tré n-ar féidir léi na dliġḋe ar naomṫa agus na móide ar dainġne agus ar rolamanta do ṡgaoileaḋ, na coirṫeaċa ar ḟuaṫmaire do ṁaiṫeam, agus na banna Eaglaire agus na peanóir ar cirte do ṫógḃáil. Tar éis sin go léir, a ċríortaiḋḋe, nach iongantach an ṡgéal é nach féidir leis na daoiniḃ seo, dá dtug Dia oireas rain comaċta, maiṫeamnas ná abrolóid do ṫaḃairt duit sa ṗeacaḋ so? Atáid eoċraċa flaiṫeamnais, do ṫug ár Slánuiġṫeoir do Ṗeadar Abstal, gan ḃríġ ná tairḃe d'aon ċríortaiḋe 'n-a ḃfuil cuid na comarran ar a láiṁ go héagcóraċ agus rún aige san am ċéadna ċum a ċongḃáil aige féin. Agus bíoḋ sur féidir le Dia, ó'r é féin Tiġearna an uile níḋ, cuid na comarran do ṫaḃairt suas don té ar maiṫ leis, deiṁniġim duit, tar a ċeann rain, nach ndéanfaiḋ sé go bráṫ é, mar nach maiṫ leis é do ḋéanam, mar ar é féin díonuiġṫeoir an ċomarran, agus, mar innreann an Sgiorad Naomṫ dúinn tré ḃéal an Abstail, nach realḃóċaiḋ fear na héagcóra, an biṫeamnaċ, ná an duine sanntaċ ríoġaċt nime go bráṫ—*neque fures, neque avari, neque rapaces regnum Dei possidebunt* (Cor. vi. 10). Agus ar an áḋḃar sain, bíoḋ go dtagaid siad ag bualaḋ a

n-ucta ór comair na haltóra, bíoḋ go ḃfuilid ag
fileaḋ na ndeor gan traocaḋ ag coraiḃ a n-oide
faoiṡdine agus ag céaraḋ a gcolna le trorgaḋ agus
le tréaḋanar, 'n-a ḋiaiḋ rain go léir, má ċongḃaid
riad cuid na gcomarran go héagcóraċ ar a láṁaiḃ,
gan leoirġníoṁ ná ráraṁ dliṡdineaċ do ḋéanaṁ ann
fá ḃrat aiṫriġe do ginne a ríoṫċáin le Dia, ní ḟuil
ionnta acht luċt bréag-ċráḃaiḋ agus droċ-ċríorṫaiḋṫe,
agus má ḃeir an bár inr an rtaid rin orra, béid
mallaiġṫe damanta gan aṁrar.

Ag rin go ríṁinneaċ an teagarg naoṁṫa do ṁúineann
an Soirgéal dúinn, agus má tá éinneaċ ra ċóiṁṫionól
ro ċoṁ dona ċoṁ mí-áḋṁaraċ rin agus gan múrglaḋ
ruar ó n-a ṫrom-ḟuan ċodlata, agus gan rún dainġean
aige ċum ceart do ḋéanaṁ dá ċomarrain, aṫċuingim
agus impiḋim air ó ċroiḋe cur i n-aṫ dó féin go dtiocfaiḋ an lá 'n-a gcaiṫfiḋ ré rgaraṁain le cuid na
comarran dá aiṁḋeoin, agus nać dtréigfiḋ an éagcóir
do ginne ré air go bráṫ é, de ḃríġ go leanfaiḋ go dlúṫ
é ar feaḋ na ríorraiḋeaċta. Ná bí ċoṁ díċéilliḋe rin
agus torraḋ ir raoṫar do ḟeacaiḋe d'ḟágḃáil mar
oiġreaċt id ḋiaiḋ, ċum peanór uaṫḃáraċ do-innrte
ifrinn do ṫuilleaṁain duit féin i dtaoḃ ór agus
airgead d'ḟágḃáil ag daoiniḃ díombuiḋeaċa cruaiḋ-ċroiḋeaċa, nać dtaḃarfaiḋ aon ċuid de uaṫa do na boiċt
ná don díleaċtaiḋe ċum guiḋe Dé ar do ṡon. Agus
dá ḃríġ rin, taḃair uait anoir dod ḋearḃráṫair an níḋ
ar leir; rgair go mirneaṁail cróḋa leir an airgead
ċum d'anam ġlóṁar do ċorain, do ḃaineann mar
oiġreaċt ċeart leir an Slánuiġṫeoir, ó'r é féin do
ċeannuiġ í go daor doċraċ leir an mbraon deireannaċ
dá ċuid fola uairle ar ċrann rcannalaċ na croire.

Is amlaid sain do labair Séamas Naomha le daoinib saidhbhe, le lucht ioncomais agus éagcóra do bíonn ag méadughadh a bhfágaltais le cois agus le héagcóis, le fuadach agus le gliocas, nuair adubairt sé go sabhadas ag saothrughadh feisge agus lonnais an Tighearna dóibh féin as feadh na síorraidheachta. 'Imthigidh,' ar sé, 'agus cuirfidh suas na gárdha atruaghacha anois ar son an ghéibhinn chruaidh i n-ar chuibhrigh bhur sainnt do-shárta sibh, agus mar nár b'áil libh aon éagcóis dá ndearnabhar ar bhur gcomharsain do chúiteamh, do sinneabhar cisde feisge do sholáthar dóibh féin i gcoinne lá sgeonmhar sgannrach díoghaltais[55] Dé'—*thesaurizastis vobis iram in novissimis diebus* (Séam. v. 3). Atá an oiread fiadhnidhe[56] chum teacht [in] bhur gcoinne agus atáid de bhochtáin dár chreachabhar agus dár luighearbhar láimh throm [orra] chum bhur saidhbhreas do mhéadughadh. Atáid a n-ár-éighme as éisge suas chomhárd leis na flaithis in bhur gcoinne do láthair cathaois bhreithemhnais an tSlánuightheora; agus má thugann sibhse cluas bhodhar dóibh, atá Dia lán de thruaighmhéil agus de thrócaire dóibh. Cloiseann sé gearán cruadh chráidhte bhur gcuallacht agus bhur lucht oibre 'n-a bhfuil luach alluis a nguaidh is a leacan gan díol fós agaibh. Mothuigeann sé go cruinn deora throma na mbaintreabhach mbocht agus gárdha gol na ndíleachtaidhe do chreachabhar, agus feicimís cá bhfuil an té d'fhéadfaidh sibh do chosain ó bhéimeannaibh a chirtbhreithemhnais ná ó na larrachaibh nimheacha do chuis bhur sainnt d'fhiachaibh air d'adhaint in bhur gcoinne—*ecce merces operariorum qui messuerunt regiones vestras, quae*

---

[55] díoghaltaise. [56] fighnighte.

fraudata est a vobis, clamat et clamor eorum in aures Domini Sabaoth introivit (Séam. v. 4).

Ar an ádhbar rain, a chríorthaidhche ionmhuine mo chroidhe, ní fuil meodhan ar bith nearthmhar a dhóichin chum rith do chorain ó ifíre an Tighearna, ná ó n-a chéart-bhreithemhnar do thuitim anuas orraibh, acht leoirghníomh dhiroineach do dhéanamh gan mhoill le nbhur gcomharrain. Óir ón dtráth nó ón móimeint fós 'n-a mbéidh fé d'acfuinn agaibh, ní dhighfeach dhíbh é chur ar cáirdhe; agus ir mór an éagcóir agus ir fuathmhar an peacadh an leoirghníomh do bhéidh i n-ár gcomhachtaibh ar fead ár raoghail do chur ar cáirdhe go lá ár mbáis. Ar an ádhbar rain, athchuingim ir impridhim go dúthrachtach orth, a Dhia na n-uile chomhacht, rpiorad na fíréantachta agus an chirt do thabairt dod phobal féin, chum go dtiocfadh leo gairm bheannuighthe an chríorthaidhe do chóimhlíonadh; agus ná léig dóibh glóire Dhé agus aoibhneas na beatha ríorraidhe do chailleamhain ná do thréigean mar gheall ar teóllach talmhaidhe an traoghail. Óir créad é an tairbhe dúinn raidhbhreas an domhain go léir do bheith againn má imthigmíd ar feachán uait? Agus ar an dtaobh eile, bíodh go dtréigfeadh an raoghal go léir rinn ar fead na beatha ro, dar ndóigh, ní féidir nach é an ronas ar mó le faghbáil dúinn do ghrásra agus do mhuinnteardhas do thuilleamhain le linn ár n-airtir ra ghleann bhocht ro na ndeor, agus tú féin do fhealbhughadh i bhfochair na n-aingeal agus na naomh le raoghal na raoghal—beannacht d'iarraim díbhre agus dam féin. I n-ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorraid Naomh. Bíodh mar rin.

[Seaghan Ó Connaire, 1769.]

SEANMÓIR A HOCT.

NAOṀ PEADAR AGUS NAOṀ PÓL.[1]

Tu es Petrus, et super hanc petram aedificabo ecclesiam meam, et portae inferi non praevalebunt adversus eam. Et tibi dabo claves regni caelorum. Et quodcumque ligaveris super terram, erit ligatum et in caelis; et quodcumque solveris super terram, erit solutum et in caelis

Is tusa Peadar, agus is ar an scarraig seo do ṫógfad m'eaglais, agus ní ḟuigid geataí ifrinn buaiḋ uirṫe. Agus do-ḃéarfad duit eoċraċa ríoġaċta na ḃflaiṫeas, agus gaċ níḋ ċeanglóċair ar talaṁ, béiḋ sé ceangailte ins na flaiṫis; agus gibé níḋ sgaoilfir ar talaṁ, béiḋ sé sgaoilte ar neaṁ.

—Mata. xvi. 18, 19.

I.—Is míorḃaileaċ iad oibreaċa Dé in gaċ am agus in gaċ áit, aċt is míorḃaileaċ tar bárr iad i ngnóṫaiḃ creidiṁ agus san tionnscailt[2] do rinneaḋ ar an Teampall agus ar an Eaglais do ċuir ar bun. Nuair ṫáinig líonṁaireaċt na haimsire agus an t-am i n-ar ḟógair na fáiḋe críoċ ḃeiṫ ar ḋliġe Ṁaoise, do ċuirling Mac Dé ar talaṁ i gcló agus i nádúir daonna. Ón am sain go huair a ċéasta, agus fós gur fág fadḃarc na talṁan, baḋ é slánuġaḋ na cine daonna agus sonar an Teampaill do ḃí ar ṫí d'fágaint tógṫa i n-a ḋiaiḋ a ġnáṫ-smuaineaṁ agus [a] obair ḋiaḋa. Do rin sé an obair. Ċeannuiġ sé an ċine ḋaonna agus do ṡaoṫruiġ a Ṫeampall gan sal, gan sprota le dortaḋ fuil a ċroiḋe.

---

[1] Murphy MSS., Vol. lvii. pp. 239-246; Vol. l. 176-194.

[2] tausgilt.

Uċ! a ċríorṫaiḋṫe, naċ mór é comaoin Dé orainn? Naċ éagṡamlaċ é a ġráḋ don duine? Do rin ré, mar aḋéarṡainn, neaṁ-níḋ dá ḋiaḋaċt ar a ṡon, agus ċum é rin d'árduġaḋ go ríoṫċáin na ḃṡlaiṫear d'ísliġ é féin go bár ṡgannalaċ na croire. I n-a ḋiaiḋ rin, ní iarann orainn aċt gan é d'aiṫ-ċéaraḋ le n-ár bṡeacaiḋe, gan rinn féin 'ḋíol le náiṁḋe ár n'anma tar éis dó rin rinn 'ċeannaċ dá Aṫair ríorṡaiḋe.

II —Níor leor leis an Tiġearna an méid do rin i n-a ṡearṡain féin dúinn, aċt do ḃí ré bearṫuiġṫe, do réir ṡocruġaḋ na heagna ríorṡaiḋe, cuideaċta na ġcríorṫaiṫṫe d'ṡágaint. Níor ḃ'ṡonn leis iad d'ṡágaint i n-a ndíilleaċtaiḋṫiḃ gan ceann-treoir creidiṁ agus riaġluiġṫeoir mórálta i n'ionad ṡá ġileaċt[3] a Sriorṡaid Ró-ḋiaḋa féin. Is ċuige seo rin toġa ar na habṫalaiḃ. Is ċum eolas a ċreidiṁ agus a riaġlaċa a ṁúineaḋ Líon sé leis an Sriorṡad Naoṁ iad agus do ḃṡonn orṫa tioḋlaicṫí teangṫa agus míorḃailṫí. *Euntes, ergo, docete omnes gentes*: "Imṫiġiḋ ag teagasg na náisiún" (Marcus xvi. 15). Agus mar naċ raiḃ na habṫail ċum maireaċtain i gcoṁnuiḋe, [agus s]an am gcéadna nár ḃ'ṡuláir creideaṁ Íosa Críosṫ ḃeiṫ buan i ḃṡíriṁne go deireaḋ an traoġail, do ġeall sé dóiḃ a ċoṁnuiḋe go luan na bṡeiṫe—*et ecce ego vobiscum sum omnibus diebus usque ad consummationem saeculi* (Mata xxviii. 20). 'Atáim in ḃur ḃṡoċair ag múineaḋ agus ag bairteaḋ, ag riar na sacramaintí agus ag craoḃṡgaoileaḋ an ċreidiṁ.' Ní féidir, ar an áḋḃar rain, aon earráid ċreidiṁ ná cleaċtaḋ claonṁar do luaḋ

[3] ḋíleaċt.

leis an Teampall atá sciúrúisġte le Spiorad Doi-ṁeallta Dé.

Is annso aṡís as cóis dúinn maċtnaṁ a ḋéanaṁ as ṫaḃarṫaisí an Tiġearna agus as an trócaire do sin linn i dtaoḃ oiġreaċt an ċreidiṁ ċóis d'uaḋaċtuġaḋ dúinn tas na milte eile atá as seaċrán creidiṁ agus foluiġte le sgáil dorċa an ḃáis. Tugaiḋ aire as an áḋḃas sin; ná tuilliḋ casaod an Tiġearna: "Dá mbaḋ iad súd ċíseaḋ na hiongantais d'oibriġeaḋ in ḃur measg-sa is fada ó ṡoin do ḋéanfaidís aiṫriġe i n-éadaċ póin agus i luaiṫ" (Mata xi. 21).

III—Ní fada ḃí na habrtail ag craoḃsgaoileaḋ an ċreidiṁ nuair haisiġeaḋ a nguṫ in gaċ páirt den domhan (Róṁ. x. 18), óis do laḃradar le béal an Spiorad Naoiṁ agus níor ḟágḃadar aon áit ṫoir ná ṫiar, ṫear ná ṫuaiḋ, gan Críost agus a ċreideaṁ glan-ċroiḋeaċ nuaḋ do ṫeasgarg. Ní ḟéadfaḋ comhaċtaí an traoġail ná inntleaċt isinn buaiḋ 'ḃreiṫ orṫa, óis do sinneadar oibreaċa ṫairbeán go mbaḋ iad teaċtaisí Dé iad nár b'ḟéidir 'ċlaoiḋeaḋ ná 'ṡásuġaḋ. D'ḟuilingeadar boċtaineaċt agus anró agus droċ-ṁear. D'ḟuilingeadar ġéir-leanṁaint ċruaiḋ agus gaċ beart tíoránṫaṁail dár imir págánaiġ agus luċt dí-ċreidiṁ orṫa. I n-aon ḟocal, ṁairbeadar i seirḃís Dé gur gearrad den traoġal iad le claiḋeaṁ an dí-ċreidiṁ agus an uilc, ag fágaint séala a gcuid fola mar ċomarṫa naoṁṫaċta ar an gcreideaṁ 'n-a ḃfuaradar bás ar a ṡon.

Do lean mórán eile raiġdiúirí crósa an rompla céadna i gcoṁ-aoir na n-abrtal agus na céadta bliaḋan

i n-a ndiaiḋ, ag taḃairt fiaḋnaire[4] le fírinne an ċreidiṁ le dortaḋ a gcuid fola, agus foinnt eile le beaṫa fó-ċráiḃṫeaċ; do réir mar atá na maintíriġ, na coinfeiriúirí, agus doċtúirí oirḋeirce an Teampaill.

Agus ir annsro airíst ar ceart maċtnaṁ 'ḋéanaṁ ar fhompla na naoṁ agus na n-abrtal, ar laiġead a ngráḋa don traoġal ṁealltaċ ċailleaṁnaċ, agus ar an tráṫaċt agus compórd le n-ar ḟuilingeadar ċum Dia 'ḟealḃuġaḋ san nglóire. Ní ḟior aca naċ mairfeann pléiriúr an traoġail aċt real agus go raiḃ aoiḃneas ḟarṫair doi-ċríoċnuiġṫe. Ṫuigeadar nár ċár ḃeiṫ doċt agus fá ḋroiċ-ṁeas raoġalta le rúil ḃeiṫ raiḋḃir i ngrára agus i gcreideaṁaint ag Dia. Ċuiṁniġeadar ar an mbeannaċt d'ḟág Dia ag an muinntir ḃíos doċt i rpiorraid 'mar ar leo níoġaċt nime' (Mata v. 3), agus an ṁallaċt d'ḟág ag luċt an ampla ḟaoġalta: *Verumtamen vae vobis divitibus* (Lúcár vi. 24), 'bróin ar ḟear an traiḋḃir mar ar deacair dó dul go níoġaċt na ḃflaiṫear.' I n-aon focal, mar adeir an t-Abrtal, ṫuigeadar go mbaḋ ġairid é pléiriúir an ḟeacaiḋ agus go mbaḋ ḟad-ḟaoġalaċ é a ḟionór, agus leis ro nár ṫugadar feilb ar a n-anam don áiḋḃeirreoir le gníoṁarṫaiḃ an ḟeacaiḋ, ná fearg Dé orṫa féin le bruiread a ḋliġe. Sin mar a ṫuigeadar; rin mar rinneadar.

Créad a ḋéanaimíd-ne? Naċ baoġalaċ gur treire le n-ár múig[5] i dtaoḃ anró raoġalta ná le n-ár ráṫaċt ag fuiling ar son Dé, gur mó ár rgím i dtaoḃ ár gcoinġill ar an dtaoḃ ro den uaig ná cionnur ḃéimíd san tríorraiḋeaċt, agus gur cuma cad ḋéanfaiḋ Dia

---

[4] finneaċt. [5] mioige.

nó an t-anam má ḃíonn an corp agus an diaḃal fárta? A ḟiaḋnéiḋ fo ar luċt na fainnte agus na héagcóra, nó ar ḟear na mionnaí agus an óil fgannalaiġ. Cionnur ar féidir leir an té atá i n-a ḋiaḃal fúil ḃeiṫ aige le coróin na naoṁ? Cionnur, mar ḟompla, ar féidir leir an ḃfear aorta nó an buaċaill meartaṁail óg i n-ar ab eargaine urnaiġṫe, i n-ar ab 'diaḃal' agus 'deaṁan' torać agus láp agus deifeaḋ a ḋroċ-ċainnte, cionnur ar féidir leir fúil ḃeiṫ aige le beannaċt na naoṁ, le gráfta Dé annfo, ná le trócaire Dé i n-a ḋiaiḋ fo? Cionnur d'iarrfaiḋ [tú] iortar ar ṫeaċt na hoiḋċe ar an té i n-a ḃfuilir ag taḃairt tarcairne ar feaḋ an lae; agus nuair ṫuitfiḋ anaiṫe an ḃáir, cad é an ċaḃair briaṫra beannuiġṫe 'Dia leat' agus 'trócaire' i mbéal na muinntire do ṁalluiġ iad féin i n-a fláinte le guiḋne, mallaċtaí, agus mío-áḋ? Ná bíoḋ, ar an áḋḃar rain, an fear óg nó aorta taḃarṫa do ċleaċtaḋ mío-áḋṁaraċ ná guiḋeadóireaċt. Bíoḋ fírinne mar fiaġail le n' ḟocail agus ní gáḃaḋ dó dearḃuġaḋ ran éiṫeaċ. Bíoḋ 'feaḋ' nó 'ní heaḋ' aige[6] agus ní gáḃaḋ ḋó dul níor ria ag lorg teannta ná fuinniṁ dá ċainnt. Ir é an ċoṁairle ċéadna ṫugaim don ḃean ḃríonna agus don óig-ḃean naċ leigfeaḋ náire ḋí Dia ná Muire 'ṫaḃairt, agus naċ beannuiġṫe í a cainnt i n-a ḋiaiḋ rain. Aṫċuingim go rpeirialta ar ḃanaltra an leinḃ neaṁ-ċionntaiġ, agus í riúd atá irteaċ agus amaċ leir le linn tornuġaḋ ar ċainnt, gan rian a droċ-laḃarṫa d'ḟágaint ar [a] intinn óig, ar eagla gur ab í féin fór ġoilfeaḋ i gcúir a ḋamanta.

---

[6] aige, rioḃ no feana, agus Jrl.

IV.—Aċt ċum teaċt go dtí folamaint an lae tar éis tráċt ar oibreaċa ár Slánuiġteora agus dúthraċt na n-abrtal a ċuir an Teampall agus an creideaṁ cóir go buan ar bun: ní ceart dearmad 'déanaṁ den dís abrtal, Peadar agus Pól, crainn foillre na hEaglaise. Is deacair a ráḋ cia aca do b'aoirde i ruḃáilce agus i naoṁtaċt, agus cia aca baḋ ṫreise i gcreideaṁ, i ngráḋ Dé agus na gcoṁarran. Do b'iad réalta eolais an ċreidiṁ agus prioloirí an Teampaill iad. Glaoḋaḋ iad araon ċum ḃeiṫ i n-a n-abrtalaiḃ agus níor ḋiúltadar gut an Tiġearna d'ḟreagairt. D'ḟág Peadar a líonta agus do ḃrortuiġ ó ṫaoḃ na tráġa ċum iargaireaċt 'déanaṁ ar anamaċa na ndaoine. Ṫréig Naoṁ Pól friorair an díoġaltais agus a ġéir-leanṁaint ar na críortaiḋṫiḃ nuair fuair sé for-ḟógra ór na flaiṫis, óir do ṫáinig foillseán go hobann i n-a ṫimċeall agus, ag tuitim dó ar aġaiḋ ar an talaṁ, d'airiġ gut ag fiafruiġe: "Créad é an ċiall an ġéir-leanṁaint seo agat orm?" "Cia hé sin, a Ṫiġearna," adeir Naoṁ Pól. "Mise Íosa ar a ḃfuil tú ag déanaṁ díoġḃála, agus is deacair duit iomaraḋ i gcoinne an anaiṫe[7]" (Gníoṁ. ix. 5.) Agus annsó duḃairt Naoṁ Pól lán d'eagla: "Ó! a Ṫiġearna, déanfad do réir do ṫoile" (Gníoṁ. ix. 6).

Sin fompla ar éifeaċt gráfa an Tiġearna agus pátrún iomflán don ġeacṫaċ ċum a ḃeaṫa féin d'airtriuġaḋ. An ḃfuil tú claoiḋte ag d'ainṁianaiḃ? An ḃfuil tú treargarṫa ag an bpeacaḋ? An ḃfuil tú id náṁaid ag Dia? Lean fompla an naoiṁ; airtriġ

---

[7] a nanaṫiúe.

do ḃeaċa ag ṗáḋ: "Ó! a Ṫiġearna, bíoḋ do ṫoil déanta." Ḃí an naoṁ i n-a ṗeacṫaċ ṁór agus i n-a ḋiaiḋ rain baḋ ṁó a aiṫriġe, óir do ṫug onóir ar feaḋ a ṡaoġail d'ainm Íosa i n-ar ṫug tarcuirne roiṁe rin. Ḃaḋ ḋian é ag cur ṡgriṡ ar an Eaglais; baḋ ḋéine é dá coraint i n-a ḋiaiḋ rin. B'ḟonn leis na críorthaiḋṫe 'ċur i mbraiġdeanas agus a ḃfuil a ḋortaḋ; i n-a ḋiaiḋ rin, d'ḟuiling sé féin príorúntaċt agus bás peannaideaċ ar ron an ċneidiṁ ċéadna. A ṗeacṫaiġ, lean a ṡompla ar feaḋ d'acfuinne. Má ṫaiṫiġir droċ-ċainnt go dtí so, bíoḋ do ṫeanga beannuiġṫe go deo arís. Má leanair cleaċtaḋ an óil nó an truaillíḋeaċt, bí ṡuamḋa geanmnaiḋe fearta. Má ḃír miorgaireaċ, droċ-ċainnteaċ, nó fearġaċ leo ċoṁarra, iompuiġ air le páirt agus le cartannaċt. Má ḃí fearg nó formad i dtaoḃ breis do ċoṁarran ag cur buaiḋriṁ ar d'intinn, bí réiṁ mar a ḃí Críost agus ná tuig gur compórd duit aindeire don duine. Mar so ḋéanfaiḋ tú aiṫriġe, ráróċaiḋ tú Dia, naoṁóċaiḋ tú ṫú féin, taiṫeoċaiḋ tú na ruḃáilcí atá bun-ór-cionn leo ṗeacaiḋiḃ.

I n-éaġmais a ṡompla, rin é coṁairle na naoṁ. Ḃíoḃas i ndorċadas, is é rin i gcleaċtaḋ droiċ-ġníoṁarṫa; ṡiuḃlaiḋ fearta i gcarán na maiṫeasa, an ċirt, agus na ṡíriunne. "Siuḃlaiḋ ar nós cloinne an tsolais" —*ut filii lucis ambulate* (Eph. v. 8). Naoṁ Pól ag ṡgríoḃaḋ dos na Róṁánaiġ adeis: "D'imṫiġ an oiḋċe agus ṫáinig solas glan an lae. Díbriḋ uaiḃ ar an áḃḃas rain, deis sé, oibreaċa an dorċadais agus na hoiḋċe agus leanaimíd oibreaċa uaisle neaṁ-náireaċa an tsolais, gan póraireaċt, gan meisge, gan truaillíḋ-

eaċt, gan aiṁṡéiḋteaċ[8] nó iomaiḋeaċt" (Caib. xiii. 12-13) .Ir ċum naoṁṫaċt den trórt ro 'ṡaoṫrugaḋ, ċum díbirt do ċur ar an bpeacaḋ, ċum ráraṁ 'ṫaḃairt do Ḋia agus ċum a ṁuinnteartḋar do ṫuilleaṁaint ċeap an Teampall na hoċt lá ro ċugainn, ag tairgrint tearmainn Ṗeadair agus Ṗóil ḋúinn agus raoirre inr na fiaċa atá ag Ḋia orainn le brír agus tairḃe an lóġḋa.

V.—Ir aorta an cleaċtaḋ inr an Teampall lóġḋa: atá ċoṁ reanda leir an gcreideaṁ féin. D'ḟag Naoṁ Ṗól a ṡompla againn nuair ṫug maiṫeaṁnar don Ċoirinteaċ ran bprionóir buail air dá ṫaḃairt ruar don áiḋḃeirreoir; agus am na mairtírí 'ċur ċum báir, deir rgríḃinn diaḋa an Teampaill go n-iarraḋ na críortaiḋṫe caḃair a n-urnaiġṫe agus déarc dá raoṫar cuirp.

Ir é an léiġeann céadna ṁúin Coṁairleaċa an Teampaill, agus go rpeirialta Coṁairle Trente, an ceann deireannaċ bí againn, nuair aduḃairt gur róṫairḃeaċ naoṁṫa an cleaċtaḋ lóġḋa.

Baḋ é rin creideaṁ gaċ aoir, an t-aon ċreideaṁ ó Ċríort anuar gur éiriġ Martan Lúṫar ruar trí ċéad bliaḋain ó ṡoin, fear dána léiġeannta glic neaṁnáireaċ d'iompuiġ an creideaṁ ar ṫearmainn nua. Foirríor! d'iompuiġ mórán deirgiobal leir. Baḋ bráṫair d'órd Naoiṁ Aiḃirtín é do ġlac fearg agus formad mór le hórd Naoiṁ Ḋoimnic i dtaoḃ don bPápa Léo torać 'ṫaḃairt dóiḃrean tar 'órd féin i roinnt agus i mbronnaḋ lóġḋanna. Ṫornuiġ ar dtúir le loċt d'ḟaġḃáil ar neiṫe ruaraċa, i n-a ḋiaiḋ rin ar

[8] eireataċ.

neiṫe níor ruimeaṁla ná rain, agus ran deireaḋ ḃuail buille ar ṗúindiaṁra agus ar anam an ċreidiṁ. Níor ḋeacair dó dul ar aġaiḋ mar ḟuair tearmainn agus congnaṁ ó ṗrionnraí raoġalta, agus má'r ḟíor é féin, ḃíoḋ coṁluadar aige le prionnra an uilc. Fáġḃaimíone le cairṫannaċt i láiṁ Dé a ḃreaṫ féin agus an dream do ṁin aṫair a gcreidiṁ de, agus tugaimíd iarraċt ar ṫairḃe 'ḃaint ar cleaċtaḋ an lóġḋa ḟéanaid rin. Ċuige ro ir oireaṁnaċ ḟior ḃeiṫ againn goidé an níḋ an lóġḋa.

Ir é [ruḋ] an lóġḋa, mar ar iontuigre ón ḃrocal, ná luáil nó locáirte ran bpian aimreaṙḋa atá bainte tar éis maiṫeaṁnaċar d'ḟaġḃáil ran bpeacaḋ féin. Nuair a ḃíonn duine daor ċum a ċroċta agus go ḃraġann a ṗárdún, ir minic a ḃuailtear prionóir aimreaṙḋa air .i. prionóir a ṁaireann ar feaḋ rgaṫaiṁ, cuirim i gcár príorún mí nó ráiṫe nó bliaḋna. Ir mar rin don bpeacṫaċ. Nuair a ḃíonn ré daor i láṫair Dé le brireaḋ dliġe, agus go ḃraġann maiṫeaṁnaċar i n-a ċoir le trócaire Dé agus a aiṫriġe féin, ir minic agus ir gnáṫaċ go ḃranann fiaċa ag Dia air ar éigean dó 'ḋíol, ceaṫar le ráraṁ 'ḋéanaṁ ar an raoġal ro le maiṫġníoṁarṫa, nó ar an raoġal eile le fuiling i bpríorún ṗurgadóireaċta.[9] I dtúir an Teampaill nuair ḃí an aiṫriġe gear, do ḃí a ṗrionóir féin gearrṫa amaċ agus ainmniġte do gaċ aon ḟeacaḋ, ré rin, an oireaḋ ráraṁ agus baḋ ḋóiġ leir an Teampall d'iarrfaḋ Dia; feaċt mbliaḋna i dtaoḃ aḋaltrannair, 7rl. I gceann aimrire, nuair ḟuar an creideaṁ agus d'airtriġ an raoġal ran

[9] ṗrozodoraċt.

ngléas nár b'ḟéidir na ṗiaġlaċa ro 'leanṁaint níor ṡia, le hoiṗeaṁaint agus tuigsint do nádúr lag na ndaoine, do ċug an Teampall saoirṡe inn na ṗiaġlaċa ġéasa ṡain, agus d'órduiġ i n-a n-áit nór an lóġda mar atá againn i láṫair.

Ar so is ḟuirir a ċuigsint goidé [an] níḋ lóġda dá ḟiċid lá nó seaċt mbliaḋna. Ní hé ar ciall dó dá ḟiċid lá nó seaċt mbliaḋna de ṗionóir ḋursgadóirseaċta ḃeiṫ maiṫte linn, aċt an oiread pionóir nó sáraiṁ agus do ḋéanfaimís a ċóiṁlíonaḋ ar ḟeaḋ dá ḟiċid lá nó seaċt mbliaḋna do ṡéir na ngéir-ṗiaġlaċa aiṫriġe ḃí i gcleaċtaḋ i dtúir an Teampaill. Agus, dar ndóiġ, is mór an luáil é sin, go ḃfaiġeaḋ duine le hoibreaċa aon ṁaidin aṁáin luáil i n-aiṫriġe dá ḟiċid lá nó seaċt mbliaḋna, níor mó nó níor luġa do ṡéir ainmneaċair an lóġda nó a ḋúṫraċta féin. Mar an gcéadna, le torraḋ lóġda cóṁ-ċoitċinn ġeiḃteas maiṫeaṁnaċas, ní i roinnt, aċt san iomṡlán den ṗionóir aimseasrda atá bainte orainn tar éis maiṫeaṁnaċas d'ḟaġḃáil i n-ár bpeacaiḋe, ar ṁoḋ, an té ġeoḃaḋ bás san sraid sin, nach mbéaḋ aon ṁoill air i bpurgadóirseaċt ar an tsliġe go neaṁ.

Ní gáḃaḋ ḋom a innsint díḃ gur ab ar cirte na hEaglaise déantar an díolaiḋeaċt so ar ár son, agus gur ab é breir sáraiṁ ár Slánuiġṫeora agus na naoṁ roinnteas orainn, óir atá an coṁaċta so ag an Eaglais mar ṫairbeánann focail an tSoisgéil, nuair aduḃairt Íosa Críost leis an Eaglais go raiḃ agus go mbéaḋ gaċ níḋ sgaoilear ar talaṁ sgaoilte ar neaṁ (Maṫa xviii. 18). Ar so atá coṁaċta peacaiḋe 'ṁaiṫeaṁ aca agus is ḟurra pionóir an ṗeacaiḋ 'ṁaiṫeaṁ ná an peacaḋ féin. Dá ḃríġ sin, atá coṁaċta lóġda ag an Eaglais.

Agus aṗírt do ṡéir mar a ṁoltar ṡníoṁ an té úd nać ṡcuirṗeann i bṗríorún ṗear[10] na ḃṗiaća nać mbéaḋ ábalta ar a ḋíol, nuair b'ḟéidir leir é, mar rin ir ceart dúinne trócaire Dé a ṁolaḋ nuair nać ndaoṗann rinn ṡo ṗríorún ṗurṡaḋóirṗeaćta ag díol na ḃṗiaća nár b'acfuinn dúinn a ḋíol ṗad ḃíomar beo; óir atá ár ṗaoṡal ċoṁ ṡairid rin, ár bṗeacaiḋe ċoṁ hiomadaṁail rin, ár n-aiṫṗiṡe ċoṁ laṡ rain nać ionṡnaḋ ṗiaća ḃeiṫ ag Dia oṗainn i ḃṗad ór cionn cumair ár ndíoltа ar an dtaoḃ ro den uaiṡ, agus ir ionnta ro ḟeiḃimíd maiṫeaṁnaćar le bṗíṡ lóṡḋa.

[Ċum lóṡḋa d'ḟaṡḃáil] ní móṗ do ḋuine ḃeiṫ ar ṗtaid na ngṗár, óir i ṡcúṗṗaí an traoṡail féin ir do ḋuine muinnteaṗḋa ar ṡnáṫać luáil a ṫaḃairt; agus ir ċum muinnteaṗḋar Dé do ṫuilleaṁaint d'óṗdoiṡṫeaṗ ṗaoiṗidin agus comaoin le linn lóṡḋa. Ar an áḋḃar rin, ná leiṡeaḋ aon duine ar láṗ deaṡ-oibṗeaća aiṫṗiṡe ná beaṫa ċṗáiḃṫeać le ṗúil ṡo ndéanṗaḋ toṗaḋ lóṡḋa ionad, acht leanaḋ ṗompla Dáiṫi ṗí d'iarṗaḋ ar Dia é 'ṡlanaḋ agus [é] 'niṡe níor mó ó n-a ṗeacaiḋiḃ tar éir dó deiṁin d'ḟaṡḃáil iad ḃeiṫ maiṫte leir (Sailm l. 4). I n-a ḋiaiḋ rin, ní móṗ do ḋuine ṗoinnt ḃeaṡ uṗnaiṡṫe a ṗáḋ le hintinn na hEaglaire, cuiṗim i ṡcár ṗé Paidir agus Aḃe Maria agus Cṗé. Acht tar ṡać níḋ eile ir é an ḟaoiṗidin ṡlan agus comaoin naoṁṫa an eoćair ċum doṗair ṗtóir na hEaglaire agus na trócaire d'ḟoṗṡailt, agus dá ḃṗíṡ rin, nuair nać ndéanann duine an aiṫṗiṡe,[11] nuair nać ṡcuiṁniṡeann ṗé ar a anam do

[10] ṗear na ḃiaca nuair beidir leir é, ce na beiṫ abalta ar a ḋíol ṗrl.

[11] airṫiṡe, nuair na cuineen ṗe ar a dialunaca (?) an ṗuirideen, nuair ṗrl.

ġlanaḋ ran ḃraoirdin, nuair leanann ré cleaċtta an ṗeacaiḋ, droċ-ċuideaċta agus tiġ an óil, formad, aiṁṡéiḋteaċ, agus ronn díoġbála a ċoṁarran, nuair ṁarluiġeann Dia agus a Ṁáṫair ró-naoṁṫa go laeṫ-eaṁail agus nuair naċ gcuireann ruim i n-éirleaċ 'ḋéanaṁ ar ċreideaṁaint a ċoṁarran, Ó! ir baoġalaċ don té úd gur damanta í a ċríoċ. Atá ḟior ag gaċ n-aon má ṫuilleann féin an ḃreaṫ ro, óir ní ḟuil aon duine i n-a ṗeacṫaċ ná i n-a ṁalluiġṫeoir i gan ḟior dó féin. Ná codlaḋ peacṫaċ den trórt rain níor ria i gcuideaċta an ḃáir, agus ná cailleaḋ an naoṁ a naoṁ-ṫaċt. Atá Naoṁ Oḃrán[12] ag guiḋe ar ár ron. Atá dóirre na ḃflaiṫear orgailte, agus a ḟaiḋḃreas dá roinnt. Atá an tríorraideaċt fada, an raoġal gairid, agus an bár mealltaċ. Atá an t-anam boċt le ráḃáil agus dúil aige 'rna flaiṫir, agus ir é an t-amadán caillfear.

Finis per me et ex me Dei gratia, Iohannes Power, dies vigesima Iunii, 1868

---

[12] Naoṁ-ṗátrún Fairṫe Portláirge.

SEANMÓIR A NAOI.

TÓGBÁIL NA MAIGDINE MUIRE.[1]

Assumpta est Maria in cœlum.

Do tógbaḋ Muire go flaiṫeamnas.

Léigmíd ins an Scriptúir naomṫa go ndeaċaiḋ an bainríoġan Bethrabee ag iarraiḋ aṫċuinge ar a mac Solaṁ, mac Dáibíḋ. An tan ċualaiḋ í beiṫ ag teaċt,[2] do ċuaiḋ sé go ronnmhar lúṫġáireaċ i n-a coinnibh, agus do ginne sé umla agus onóir ḋí, agus do ċuir ar a ḋeas-láiṁ i gcaṫaoir ríoġḋa í. Adubairt sé léi: "Gaċ níḋ ṫeastuiġeas uait, a ṁáṫair, iarr orrsa é agus ní ḋiúltfaiḋ mé tú" (3 Ríoġ ii. 20). Nuair ṫáinig an tan do Ṁuire, Máṫair Dé, a himirce do ḋéanaṁ ón saoġal go cúirt na naoṁ, do ṫáinig a Mac glórṁar geal grian-ċroṫaċ féin maille le sluaiġ-tibh do-áirṁiġṫe aingeal fá n-a déin, agus d'ḟuráil dóibh[3] a breiṫ leis suas ioṁ anam agus corp go neaṁ. Do ṫug sí buiḋeaċas mór leis ar son na ngrás agus na dtiodlaicṫe do bronn sé ḋí agus d'iarr sí go humal mar aṫċuinge air ceaḋ do ṫabairt dí ar dtúis dul tré ḋorras an báis, mar do ċuaiḋ sé féin, sul fá faċaḋ sí ar neaṁ.

An uair seo ṫángadar i n-a láṫair go míorbaileaċ na habrtail uile do bí ġsaipṫe ar feaḋ an domain, agus tar éis ṡólás agus cóṁ-ḟurtaċt do ṫabairt dóibh, do

[1] Murphy MSS. Vol. I. pp., 235-254. [2] toíġioċt.

[3] ḋi.

ṫug sí a hanam glórṁar idir dá láiṁ a hAon-Ṁic féin. Ní raiḃ tórraṁ baḋ ṁórḋálaiġe ná an tórraṁ do ḃí ar ċorp glórṁar Ṁuire i gcaṫair Ierusalem. Do rinneaḋ an ċóṁ-ṙolaṁain seo ón dá abrtal déag agus ó ṁór-uairliḃ na gcaṫraċa go hiomṙlán—mar do ḃí ṙior aca go raiḃ sí d'ḟuil ríoġḋa Ḋáiḃíḋ an ríġ—ar an tsear lá tar éis a ḃáis. Ar maidin go moċ ṫáinig Áird-Ríġ na ḃflaiṫeas agus a ṙluaiġte le hanam glórṁar a Ṁáṫair Muire, agus tar éis a cuirp féin do ġaḃáil uimpe, d'árduiġ sé ruar idir ċorp agus anam í. Do [ċuir] sé ar a ḋeas-láiṁ i n-a ruiḋe í. Do ṫug sé an uile ċoṁáċta faoi féin ar neaṁ agus ar talaṁ dí, agus do ró-ġeall dí naċ ḃfuil aṫċuinge ar biṫ dá n-iarrfaḋ sí naċ ḃfuiġeaḋ.

Is ar an árdaċ iongantaċ so do rinneaḋ uirṫe[1] go cúirt na Tríonóide agus ar na mór-ġráraiḃ do ḋoirteas anuas orainn ar mian liom tráṫ indiu, tar éis mo ċoṁráḋ do roinn i n-a dá ṗuinnte. Do hárduiġeaḋ Muire go parrṫas ar ṁoḋ iongantaċ éagraṁlaċ: rin an ċéad ṗuinnte. [Na srára do-ċuimse do-ġeiḃ sí do gaċ aon ċuireas a ḋóċas agus a ṁuiniġin innte: rin an dara ponnc.] Aċt iarraimír ar dtúir tréan-ċongnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré eadarġuiḋe na Maiġdine Muire.

An Ċéad Roinn.

Nuair do ṫig bainríoġain ar biṫ go nuaḋ ċum a ríoġ-aċta nó ċum caṫraċ ar biṫ, bíonn dúil ag an uile ḋuine dul dá feicsin; téid an t-uaral agus an t-íseal, an

---

[1] air.

lag agus an láidir, an bocht agus an fairdhir i n-a hairchir[5] d'fháiltiughadh roimpe. Ní dhíonn nídh ar bith le cluinfin ná le feicfint an uair seo acht féartaí dá gcaithfeadh, fíonta dá ndoirtadh, gunnaí mórda dá sgaoileadh agus orgáin dá seinnm, tabhartair mórda dá mbronnadh ar an mbain-phrionnsa so; fá dheoidh do-ghníthear an uile shórt solamhain agus caithfeadh aimsire le linn na bainríoghna so do thearcht ag glacadh seilbhe ar a corónn. Ag seo an nídh, adeirim, do-ghníthear leis na prionnsaíbh talmhaidhe. Acht créad ar fiú an méid ar féidir do dhéanamh ar talamh seach an tsolamhain agus an t-iolghárdeas do tairbeánadh i dtig Dé le linn bainríoghna na glóire do dhul ag glacadh seilbhe ar chorónn aoibhinn na fíorrhaidheachta? Do ghlac iongantas mór na naoi n-úird aingliúdhe fá mhéid na glóire do bhí aice an tan do tháinig siad i n-a coinnibh, agus do sinneadar go binn an chaintic mholta so dhí: "Cia hí siúd ag éirghe mar an réilt mhaidne, bneagh mar an ngealaigh, toghtha mar an ngrém, uaith-bhealta[6] mar sinn chatha ag dul i gcomhlann?" (Caintic vi. 9)—*quae est ista quae progreditur quasi aurora consurgens, pulchra ut luna, electa ut sol, terribilis ut castrorum acies ordinata.* Do tháinig, mar an gcéadna, i n-a hairchir na fáidhe uile, na haithreacha naomhtha, na habrtail, na naoimh agus ban-naoimh na bhflaitheas go hiomhlán. Do bhí flaitheamnas uile ar cóimh-fheinm ceoil agus aoibhnis agus molta roimh an mBainríoghain Muire.

Bhadh leor an méid seo, dar leat, a chríorthaidhe, d'onóir do dhéanamh fá chomair chréatúra ar bith faoi

---

[5] hairseachas. [6] uaidhrialta

Ḋia; acht níor ṁór le Críost ní baḋ ṁó ná ro 'ḋéanaṁ dá Máṫair ġlórṁair féin. Ṫáinig sé féin i n-a coinniḃ, corróin na ġlóire ar a ċeann, gaoiṫe agus deallraṁ na ġlóire i n-a ġnúis. Do ġlac sé go roilḃir rúgaċ í. Do ṫug sé leis ar láiṁ í ċum an Aṫair ríorraiḋe, agus adubairt leis: "A Aṫair, ag ro an ḃean do ṫoġ tú féin ón ríorraiḋeaċt ċum a beiṫ i n-a Máṫair agamsa; seo an ḃean do ṁinne i gcoṁnuiḋe do ṫoil agus nár ċlaon riaṁ ċum a bhfuirte; ro an ḃean do ḃí i n-a rompla i ruḃáilce agus i gcneasṫaċt ag ḟearaiḃ agus ag mnáiḃ an domain." "De ḃríġ," ar an t-Aṫair ríorraiḋe, "a Ṁuire, go ndearnaiḋ tú mo ṫoil-se ar an raoġal agus nár ṫruailliġ tú riaṁ do ċoinriar le ralċar ar biṫ ḟeacaiḋ, do-ḃeirim duit mar ḃronntar agus mar luaċ raoṫair beiṫ ann-ḟáirteaċ in mo ċoṁ-aṫaiḃ." "Do-ḃeirim-se duit," ar an Mac, "beiṫ id ṁáiġistreár ar mo ṫrócaire." "Do-ḃeirim-se duit," ar an Sriorad Naoṁ, "beiṫ ann-ḟáirteaċ in mo ċríonnaċt agus in mo ṁaiṫear. Ordoiġim duit ó so suas ar feaḋ na ríorraiḋeaċta tú beiṫ id ḃainríoġain ór cionn na n-aingeal agus na n-árd-aingeal, ór cionn naoṁ agus ban-naoṁ ár gcúirte go hiomṁlán."

Ó! a Ṁuire, a ḃainríoġain na n-aingeal, is mór an cion so agus an onóir do fuair tú ór cionn naoṁ an domain go hiomṁlán i bhfiaḋnaise gnúise gruan-áilne na Tríonóide; acht ní ḟuair tú níḋ nár b'ḟiú ṫú, mar ar tú inġean an Aṫair ríorraiḋe, Máṫair Aoin-Ṁic Dé, céile an Sriorad Naoṁ, agus árur coṁnuiḋṫe na Tríonóide go hiomṁlán. Is fíor, ar an áḋbar so, an níḋ adubairt Eilisabet Naoṁṫa .i. máṫair Eoin Ḃairte, leat, 'gur beannuiġṫe tú idir na mnáiḃ' (Lúcás i. 42).

Ní hiongnaḋ liom, a ċáirde, gur ḃ' ḟéidir le hanam glórṁar Ṁuire í féin d'árdughaḋ i nóimeaint ón dtalaṁ go neaṁ de ḃrís gur féidir le gaċ fsiorraid, oiċ agus maiṫ, dul ó ċríċ go críoċ agus ó íoċtar go huaċtar an domhain i ngearr-aimsir; aċt is iongantaċ liom cionnus ar féidir leis an gcorpán cruaḋ atá timċeall an anma so dul tríd an mbealaċ cruaiḋ úd atá ag dul go tiġ Dé gan congnaṁ gan gléas iomċair. Atá fios agaiḃ, a ċáirde, gur ab é ar nádúr don níḋ ḃíonn trom tuitim síos ċum talṁan; cionnus, mar sin, do ċuaiḋ an ċolann daonna úd Ṁuire ón dtalaṁ suas go flaiṫeaṁnas Dé? Atá, gur hiomċaraḋ an corp glórṁar úd Ṁuire i gcarbad órḋa oirnéalta le péarlaiḃ agus le cloċaiḃ uaisle mór-luaiġ cortaraṁla .i. a deiġ-ġníoṁarṫa agus a deaġ-oibreaċa féin. Aċt cé hiad na heaċraiḋ do ḃí ag an ċóirte seo? Atáid, na sruḃáilcí móra do ḃí ag Muire; agus ar son go raiḃ an uile ṡórt sruḃáilce ag Muire do b'ḟéidir do ḃeiṫ i gcréatúir ar biṫ daonna, ar ṁoḋ go raiḃ sí 'n-a lóċrann deallraiġṫeaċ lán de ġlaine coinsiara agus de ċráḃaḋ, do ḃíodar na ceiṫre sruḃáilcí móra i gcéim ró-árd innte, mar do ḃí uṁlaċt, geanmnaiḋeaċt, caṫannaċt, agus foiġde.

Is usar, dar leat, a ċríortaiḋe, Muire Ṁáṫair do ṁolaḋ; giḋeaḋ, má ḟéaċann tú go grinn air is níḋ dócaṁlaċ[7] doi-ḋéanta é. Má ḟéaċaimíd ar Ṁuire i leiṫ a colna, is usar gan aṁras a molaḋ, de ḃríġ naċ ḃfuil rgéiṁ, áilne, ná deise do b'ḟéidir le colainn daonna ar biṫ do ḃeiṫ innte naċ ḃfuair sí ón Aṫair

---

[7] docaṁal.

ríorpaiḋe an tan do ṗó-ċruṫuiġ ré í agus do ċoġ ré í ċum a beiṫ 'n-a Máṫair ag a Aon-Ṁac. "Atá tú bṗeaġ go hiomṗlán" (Caintic iv. 7). Má ḟéaċaimíd ar Ṁuire i dtaoḃ a hanma, is deiṁin go bṗuair rí oiread tioḋlaicṫí agus gráṡa ó n-a hAon-Ṁac féin, Íosa Críosd, san nóimeint do ġlac ré colann daonna ṡá n-a broinn agus do b'ḟéidir le créatúir ar biṫ do ġlacaḋ nó do beiṫ aige. Do ṫug Dia an oiread sin gráṡa don Óiġ Muire agus do b'ḟéidir leis do ṫabairt do ċréatúir daonna ar biṫ. Atáid na gráṡa agus na tioḋlaicṫí do ṗuair Muire, mar sin, i dtaoḃ anma agus cuirp ċoṁ mór sin naċ ḟéidir le hinntleaċt daonna ar biṫ ná le teanga ar biṫ a molaḋ ná a gcur síos mar ar cóir. Má ċuirim[8] ṡóṁam, a ċáirde, bainríoġain na bṗlaiṫear do ṁolaḋ i dtaoḃ a huṁlaċta, do-ġeaḃaiḋ mé an iomad naoṁ agus ban-naoṁ do bí uṁal, aċt níor b'ḟéidir leo teaċt i n-aon ċoṁgar d'uṁlaċt Muire, mar do lean sí coircéimí a hAon-Ṁic Críosd; d'íṡliġ í féin ċoṁ mór sin faoi ċoraiḃ an traoġail gur háidhuiġeaḋ í ċum na háite ar aoirde faoi an dTríonóid Ró-naoṁṫa ór cionn corraḋ[9] na n-aingeal i dtiġ Dé. Má labṗaim, a ċompánaċa, ar ġeanmnaiḋeaċt agus ar ġlaine coinṡiarsa na hÓiġe Muire, do-ġeaḃaiḋ mé san am gcéadna iomad maiġdean nár tuaillead a gcolann ṡiaṁ le salċar ar biṫ peacaiḋ, aċt ní ṡacaṫar agus níor cluineaḋ ṡiaṁ bean ar biṫ do bí 'n-a máṫair agus 'n-a maiġdin i n-éinḟeaċt mar do bí Muire, Máṫair Dé. Má ṁolaim Muire i dtaoḃ a carṫannaċta, caiṫṡiḋ mé an iomad naoṁ eile do ṁolaḋ ag a ṡaiḃ gráḋ ṡó-

---

[8] da ccuirṗinn. [9] corra (focl. uí R.)

ṁór ar Ḋia agus ṫug cúl don traoġal, do ḃronn a maoin agus a raiḋḃreas uile ar ḃoċtaiḃ Dé, agus ro mar ġeall ar Ḋia aṁáin. Ó! ní raiḃ acht fuar-ġráḋ in gaċ níḋ ḋíoḃ ro ṡeaċ an ġráḋ do-ċuimṡe do ḃí ag Muire ar a Cruṫuiġṫeoir. Do ḃí a croiḋe mar do ḃéaḋ fúirnéir ar laraḋ le hiomad a ġeana agus a ġráḋa ar Ḋia, ar ṁoḋ go raiḃ ag leaġaḋ le ġráḋ. Má ḟéaċaimíd ar ḟoiġde Muire do-ċíṡimíd[10] go raiḃ ḟoiġde ṁór ag an iomad mairtíreaċ d'ḟearaiḃ agus de ṁnáiḃ do croċaḋ, do céasaḋ, do loirgeaḋ, do tairngeaḋ iomṡ ċapaill ar a ċéile, agus d'ḟuiling an uile ṡórt pianta go ḟonnṁar agus go foiġdeaċ mar ġeall ar Ḋia. Ó! a ċríortaiḋe, ṡin agus a ṁíle oiṡead dá ḃfuilingeoċaidíṡ, ní raiḃ ann uile acht ruaraċar ṡeaċ na cúig raiġeada marḃṫaċa do ċuaiḋ tré ċroiḋe Muire, agus na cúig dóláir d'ḟuiling sí fá n-a haon-Mac milis, Íosa Críost.

Ó! a ḃainṡíoġain na n-aingeal, a Máṫair na trócaire, a ṫobair an tróláir, a ċuirle na ruḃáilce, a ḃáis na nduḃáilce, a leiġis na n-éagcruaiḋ, a ḃlais iongantaiġ, a aoiḃnis ṡiorraiḋe, a ṡtóis óis-ċirte do-ṫráiġte na gcreidṁeaċ, dá dtiocfaḋ liom do ṗuḃáilcí naoṁṫa do ċur síos mar ar cóis, ní ḃéinn tuisreaċ go bráṫ deo ṁolaḋ, acht mar do ṗárruiġeas an ṁuis ṁór do-ċuimṡiġṫe .i. na gráṡa agus na tiodḃlaicṫe do fuais [tú] ón dTríonóid Ró-naoṁṫa, mo ṫuigse agus mo ċéadfaḋ, do ḃí mé ṡárta aṁáin anois le Ḋia [doo ṁolaḋ] nó le do ṁolaḋ leis na naoṁaiḃ agus ainglíḃ na ḃflaiṫeas. Glacaim anois mo ċead leat níos mó ná solas beag do

[10] do-ċíṡinn.

ṫaḃairt ar na gráraiḃ do-ċuimre do-ġeiḃ tú do gaċ aon do ċuireas a ḋóċas agus a ṁuiniġin ionnat—níḋ ar ar ġeall mé tráċt ran dara ponnc dem ċoṁráḋ.

An Dara Roinn.

An tan ṫáinig an pṙionnṙa coṁaċtaċ, Conṙtaintín, ċum ḃeiṫ 'n-a impire ar an Róiṁ, do ċuir ré ṙior gan ṁoill ar a ṁáṫair, Heléna, agus do ṫug ré coṁaċta ḋí ar gaċ raiḋḃreas agus ioliṁaiṫeas do ḃí i n-a óirċirte. Do ṫug ceaḋ dí gaċ ór agus gaċ airgeaḋ do ḃí ann do ḃronnaḋ do réir a toile. Má ḃí an t-impire talṁaiḋe reo ċoṁ múirneaċ ċoṁ onóraċ ro ṗá ċoṁair a ṁáṫar, an mearann tú go raiḃ Críosṙ, impire an doṁain go léir, níor daoiṫeaṁla le n-a Máṫair Muire? Ó! ní raiḃ; ċoṁ luaṫ agus do ċuir ré corróin na glóire ar a ceann i gcúirt na Tríonóiḋe do ṫug ré coṁaċta ḋí ar óirċirte doi-ċríoċnuiġṫe a ṫrócaire, ionnas go dtiocṗaḋ léi gráṙa na haiṫriġe d'ṗaġḃáil do ṗeaċtaċaiḃ, ṙláinte do luċt an tinnir, ṙólár do luċt an dubróin, caḃair do luċt an ṙiaċtanais, agus méaduġaḋ gráṙ do na ṙíṙéanaiḃ. Ar an áḋḃar ṙin, guiḋmíd í leis na bṙiaṫraiḃ do-ḃeir ár naoṁ-ṁáṫair, an Eaglais, ṙior dúinn: "A Naoṁ Muire, taḃair caḃair do na críosṙaiḋṫiḃ agus do na cráiḋteánaiḃ,[11] ġrl."

Atá ḋá ṫobar ag Muire ar a ṙileann[12] ṙí don doṁan na tiodlaiccí móra do-ġeiḃ ṙí ón dTríonóid Ró-naoṁṫa, mar atá an dá ċíċ ġeala ḃreaġṫa do ḋiúl Críosṙ 'n-a leanḃ. "Is beannuiġṫe an ḃroinn," adeir Naoṁ Lúcás, "d'iomċair tú agus na cioċa do ḋiúl tú" (xi. 27). Ar

---

[11] cṙaiteanuiḃ. [12] ṙiliḋ.

an gcíc ndeir do-beir sí bainne na ngrás 'n-a tuile do na fíréanaib, agus ar an gcíc clí roinneann sí raidbreas na trócaire ar na peacthaib. Ar an gcíc ndeir seo do dúil na hAitreaca naomhta do cuaid rómainn, mar do bí Naomh Aibirtín oirdearc, Naomh Bearnard milis-bhuachrach, Naomh Criosóstom an béil órda, Naomh Doimnic agus Naomh Proinsias agus gach naomh mór-mhíorbaileach eile do bí ann; agus mar gheall ar an bhfíor-chráibhdh agus ar an onóir do bí aca do Mhuire, do hárduigeadh iad cum beith 'n-a péilteannaib lonnracha glórmhara ins na flaithis. Ar an gcíc eile ró-fhileann sí trócaire 'n-a tréan-tuile ar na peacthaib, agus dá bhfíg seo, ní fhuil peacthach ar bith, dá mhéid a chorta, má beir sé a aghaidh ar Mhuire, nach [mbéidh] trócaire le faghbáil aige, mar ar í féin Máthair na ngrás, Máthair na trócaire. Léighmíd ar mhórán daoine do bí ollamh cum droch-bhás do thabairt dóib féin le mío-dhóchas fá thruime agus fá mhéid a bpeacaidhe, agus chomh luath agus do-beirmidís aghaidh ar Mhuire, do-ghéibidís dóchas agus mirneach. Léighmíd, mar an gcéadna, ar an iomad eile do thug rsríobhta le n-a gcuid fola, ruar iad féin don diabhal, acht ní luaithe do-beirmidís aghaidh ar Mhuire leis an aithrighe agus do ghairmidís í ná do-ghéibidís maithreachas ó Dhia, a hAon-Mhac féin, agus an rsríbhinn tar air ón ndroch-rsriosaid. Ní gan ádhbhar, mar rin, d'órduigeas ár naomh-mháthair, an Eaglais, dúinn aghaidh do thabairt go minic ar Mhuire leis na bhriathraib seo an Ave Maria: "A Naomh Mhuire, Mháthair Dé, guid orainne na peacthaigh, anois agus ar uair ár mbáis."

Má atá congnamh Mhuire riachtanach i n-am ar bith, atá gan amhras ró-riachtanach san phonc crith-eaglach úd

an báir. So an ponnc, a ċáirde, i n-a dtig an bár mar leoṁan craorać neaṁ-ṫrócairdeać, agus tollann an croiḋe agus na baill uile le n-a ġaeṫiḃ agus le n-a ṙaiġeadaiḃ niṁe. Ní ṙágḃann lúṫ ná moṫuġaḋ ran teangain ċum Dé do ṁolaḋ ná pándún d'iarraiḋ. Ṙágḃann ré an croiḋe ruar riocaṁail ċum na haiṫriġe do ḋéanaṁ. So an ponnc a dtig Lucifer agus a ṙluaiġte malluiġṫe mar ṙaiṫe beaċ i n-ár dtimċeall. Sgaoileann gaċ diaḃal aca a ġa niṁe leir an anam mboċt an tan rin, ionnar go dtiocfaḋ leo gaċ grára do ruair rí riaṁ roiṁe rin ó Ḋia do ṁúċaḋ agus do ḃuain de. "Do ṫáinig rianta an báir," adeir Dáiḃíḋ, "ionnam agus dainnréar ifrinn ar gaċ taoḃ" (Sailm cxiv. 3). Ó! a ḃoċtáin ḃoiċt, do ró-ċaiṫ d'aimrir le huaḃar, le feirg, le rainnt, agus le meirge, agus fór le gaċ truailliḋeaċt eile, créad do ḋéanfaiḋ tú nuair ṫiocfaiḋ gaċ an-rrioraid dá raḃair ag reirḃír dóiḃ ag glacaḋ reilḃe ar d'anam? Ó! mo ṫruaġ, mo ṫruaġ ṫú, a ḃoċtáin ḃoiċt do ċaiṫ riaṁ d'aimrir go ró-olc, do ṫréig bealać na ruḃáilce agus do ḃí i gcoṁnuiḋe ad unfairt féin i múnlać na bpeacaiḋe, créad ḋéanfaiḋ tú rinte ar leabaiḋ an báir duit? Cia ġuiḋfear tú? Cia aigeóras tú? Cia ar a n-iarrfaiḋ tú congnaṁ nó caḃair? Má'r ar Ċríort do-ḃéarfar tú aġaiḋ, adéarfaiḋ ré leat gur léig tú an t-am ṫart i n-a raiḃ trócaire le faġḃáil agat, agus gur ab í aimrir an báir aimrir an díoġaltair ar na droċ-ḋaoiniḃ. Má'r ar aingeal na láiṁe deire do-ḃéarfar tú d'aġaiḋ, ir fada ó ṫréig ré tú mar ġeall ar do ḋroiċ-ḃeaṫa rgannalaiġ, agus do ġlac aingeal malluiġṫe na láiṁe clí reilḃ ar a ṗort. Cia, mar rin, ar a dtiuḃraiḋ tú aġaiḋ i

n-aimrir an bháir? Atá, a Charaid, ar Mhuire, Máthair na nGrásar, Máthair na trócaire. Do chuir Críost eochraca óirchirte a thrócaire ar láimh a Máthar féin, agus [má] agrann tú go dian í, guidfidh sí duit agus ar do ghon chum a hAon-Mhic, agus ní diúltóchthar í. Ar an ádhbhar sin, ná bíodh mío-dhóchas ná droichmhíreach ort gan dóirc den trócaire d'iarraidh ar bhainríoghain na trócaire.

Críochnughadh.

Críochnóchaidh mé mo chomhrádh ar duine d'áirithe do bhí lán-chráibhtheach chum Muire d'onórughadh, agus do-ghníodh go minic thorghadh agus urnaighthe 'n-a honóir; acht do tháinig sé de chathaidhibh air fá dheireadh gur ghil sé nach ndearnaidh bainríoghain na glóire maith ar bith dó riamh ar son a ghaothair dí. D'fhoillsigh an Mháthair mhilis na grásra an uair seo dhó, ag rádh mar seo leis: "Atá tú ag éagcaoineadh ormsa fá laighead na seirbhíse do rinne mé duit ar son gach urnaighe agus thorghadh do rinne tú im onóir. Nach cuimhin leat an duine seo agus an duine seo eile do fuair bás obann gan sacramaintibh na heaglaise? Nach cuimhin leat an iomad do fuair bás de phláigh agus d'aicídhibh coimhtheacha? Nach cuimhin leat an iomad eile do chaill a gclann, a maoin, a sláinte? Créad fhábhail tusa ar gach tubairt aca so? Ó! atá m'impidhe-se chum m'Aon-Mhic uile-chomhachtach Mar sin, ní fhuil ádhbhar éagcaoine agat. Éirigh ar d'aghaidh agus bí níos dúthrachtaighe ó so suas ná mar bhí riamh roimhe seo, agus béidh mise ar a shon agat fá dheoidh."

An chomairle chéadna thug Muire, Máthair na trócaire, don fhear úd, tugthar dúinn go léir í. Dimís cráibhtheach

i gcoṁnuiḋe do ḃainríoġain na trócaire. Déanaimíd feirḃíd dí go dúṫracṫaċ anoir i n-ár ṗláinte. Cuirimíd rinn féin fá n-a comairce agus bíoḋ dóċar daingean láidir againn ar a trócaire, go ḃfuiġiḋ sí maiṫeaṁnas ar an bpeacaḋ déantar ar an racġal so dúinn, agus aṁarc roillseaċ ar ġnúis áluinn na Tríonóide i gcúirt na n-aingeal agus na naoṁ san saoġal atá le teaċt—níḋ atáim-se d'iarraiḋ díḃse agus dom féin indiu. I n-ainm an Aṫair agus an Ṁic agus an Spiorraid Naoiṁ. Ḃíoḋ mar sin.

[Míċeál ua Longáin d'aiṫrgníoḃ, 1819.]

SEANMÓIR A DEIC.

AR AN MBÁS[1]

AGUS

AR GAC IOMLAT DOCT CRÁIDTE DO-BÉARFAID SÉ AR AN BPEACTAC NÓ GO SGARFAID A ANAM LE N-A CORP.

Memento, quaeso, quod sicut lutum feceris me, et in pulverem reduces me.

Cuimnig mar atcuinge go ndearnaid tú mar chéaróig mé, agur go n-iompócaid tú i luaitheán mé.

—Iób x. 9.

AR A SON, a cáirde, go ndubairt Plátó .i. prionnra na foglama agur na heagnaidheacta i n-a aimrir féin gur ab í an chríonnacht fmuaineadh an báir, níor b'áil leis, ar a fhon fo, a teagarg go fmuaineocadh na daoine go minic air. Giodhadh, is féidir liomfa a dearbhadh duit gur ab í an chríonnacht fírinneach ag an uile duine fmuaineadh go minic ar an mbár úd atá cinnte aige le faghbáil, cé nach bfuil a fhior aige cia an uair nó an tráth. Ar an ádhbar fin, is í an chríonnacht fírinneach ag an uile duine dá maireann ar an faoghal fo a ghníomharta do dírigheadh cum crífe maithe do bhéar mar fiaghail tomhais aca, dá ndéanamh taitneamhach do réir dlighe agur féarúin i láthair Dé agur an traoghail. Agur mar atá an iomad chíoch ag an mbeatha dhaonna, cia fhéanfar nach aon aca an bár, ó is cuige bhadh cóir dúinn ár

---

[1] Murphy MSS Vol. L. pp. 270-295.

ṡmuainte agus ár ngníomhartha uile do dírriughadh, ionnas go dtiocfadh linn go fírinneaċ deigh-ċríoċ do ċur air ár laeċiúb inr an ngleann so na ndeos?

Tuig, a ċompánaigh, gur ab ar neamh-ċuimhne an bás, badh ċóir dúinn do beiṫ i gcomhnaidhe ós comhair ár súl, do ṫig an uile olc dá dtig orainn; ar a dearmad go múrghlann an t-uabhar ionnainn, do ċorruigheann[2] an trainnt, do laghann[3] an drúis, agus do líona[nn] amaċ orainn an uile dubháilce eile do ghní[4] an t-anam ghránna falaċ i láṫair Dé, agus d'fhartuigheas go daor don diabhal é. Ar so go rúgaċ meanmnaċ leigiḋ na daoine na haraidheaċa le n-a n-antoil gan eagla roimh Dia ná roimh an mbás. Ar an dtaobh eile, dá ndearcfá ort féin, a boċtáin bhoiċt, cionnus mar bhéas tú inr an uaigh dod iṫe, dod ghearradh, agus dod ḟollaḋ leis na piartaíbh agus leis na cnumhaibh ceann-ruadha ciocrachа gortaċa, ag a mbéis mar biadh fearta, [ṫuigfeá id aigne naċ bhfuil ionnat aċt creátúir boċt anacraċ]. An té bhéadh uaibhreaċ árd-intinneaċ, ṡmuainfeadh sé gur luaiṫ-reán é. Cia do dhéanfadh dia dá bhoig dá gcreidfeadh sé gur gairid nó go mbéadh sé dá ċreimeadh ag na ruadh-ċnumhaibh? Cia atá le riaċtanas[5] a mbéadh beann[6] aige ar raidhbhreas mór do ċruinniughadh dá ṡmuainfeadh sé gur gairid nó go gcaiṫfeadh sé an t-iomhlán de d'fhágbháil i n-a diaidh? Fá deireadh, do ċuirfimís ṡmaċt orainn féin dá mbéadh an bás i gcomhnaidhe mar ghráṫán againn ós comhair súl na tuigfeana agus na hintinne do ṫug Dia dúinn, mar do bhí ag na feallṡamhnaibh úd a mbíodh an uaigh orcailte aca ós comhair doirre a dtighṫe,

---

[2] ċorraidh. [3] laradh. [4] do-ghníodh. [5] táire riaċtanas. [6] bínn.

ionnsar go mbéadh cuimhne an bháis aca i gcomhnaidhe, ag dul isteach agus amach dóibh, agus go gcuirfeadh an fhuaineadh fo fhian le hantoil na colna.

"Éisig fíor go teach fir déanta crochán chriadh," adeis Dia leis an bhfáidh, "agus do-chluinfidh tú mo bhriathar-sa ann" (Ies. xviii. 2). Go dearbhtha, do b'fhéidir le Dia labhairt leis an bhfáidh i n-áit éigin eile tar an áit i n-a mbíonn na daoine ag oibhriughadh na chréafóige fhalaighe, acht ćum oideas do thabhairt dúinn, d'órdhuigh sé dó teangmháil air ins an áit úd tar áit as bith eile, ag tabhairt le tuigsin mar fo dúinn gur ab í áit adhlaicthe na gcorp teach agus coláistte na chríonnachta, i n-a gcruinnighthear luaithreán daonna an tsaoghail mhóir go hiomhlán. Ins an gcoláistte seo, adeirim, ins an uaigh, leagfar fíor bhreaghthacht agus comhachta na ndaoine. An nídh ó atá fhirinneach, ná bíodh amhras agat nach ndéanann an diabhal a dhícheall orainn dearmad do dhéanamh den uair dhéidheanaigh, agus cuimhne an bháis do dhíbirt amach go hiomhlán as ár n-intinn, agus curpóirí dorcha na ndubháilcí uile do thairbeánadh[7] dúinn ćum ár gcur as reachrán ón mbealach díreach go tigh Dé; nó, muna ndéanann, go ndéanann, ar féidir leis na daoinibh, cuimhne nídh ćomh huathbhárach leis an mbás do dhearmad.

Má ćuireann barramhail beag, dá laigead, intinn an duine trí n-a ćéile, ag a bhfuil long mhór lán de fhaidhbhear ag teacht ar Indiachaibh ćuige, ar mhodh ćomh mór sin go gcaillfidh sé a ćodlad agus a fhuaimhnear ar eagla go raobhaidhe le stoirm ar an bhfairrge í; nó ag

[7] tearbannuigh.

a ḃfuil eallaḋ ar fliaḋ nó ar aiṁṙéiḋe[8] agus go ḃfaiġiḋír bár leis an ngalar gorm, conaḋ, nó géimreaḋ; nó aon-ṁac oiġreaḋta, dá mbéaḋ sé i n-a luiġe i ḃriaḃrar mór: créad an buaiḋreaṁ intinne naḋ cóir don bár do ċur orainn atá cinnte againn le faġḃáil, agus ní ḟuil a ḟior againn cia an uair nó an tráṫ a dtiuḃraiḋ sé cuaiṫ orainn? Gearrfaiḋ sé snáiṫe ár mbeaṫa; agus tura, a ċompánaiġ, ní ḟuiġiḋ tú ar son an ṁéid do ṡaoṫruiġ tú riaṁ aċt an uaiġ aṁáin. Ar an gcríċ ḋéiḋeanaiġ so an duine tráċtfaiḋ mé leat ins an gcoṁráḋ so i láṫair, ag taḃairt fior duit, do réir an órduġaḋ ċéadna a dtig an bár orainn, gaċ iomlat boċt cráiḋte do-ḃéarfaiḋ an bár orainn nó go rgarfaiḋ sé ár n-anam linn.

Is é ar gnáṁ don ḃár an tan do ṫionnsgnar sé a ċoṁlann leis an mbeaṫa teaċt i gan ḟior mar ġadaiḋe. Nuair ar luġa do smuainiġear an duine air "tiocfaiḋ lá an Tiġearna," adeir Naoṁ Pól, "ann mar ġadaiḋe san oiḋċe" (1 Thess. v. 2). "Féaċ mé ag teaċt," adeir an Tiġearna, "mar ġadaiḋe" (Tairb. xvi. 15) Is é ar nádúr don ġadaiḋe teaċt[9] go mín ciúin de ḟiuḃal oiḋċe i gan ḟior, nuair do ḃíor na daoine 'n-a gcodlaḋ agus naċ moṫuiġṫear é féin ná a ḃáilliḋe. An níḋ céadna adeir Dia linn le ḃéal an ḟáiḋ Amor: "Ins an lá úd, adeir an Tiġearna Dia, luiġfiḋ an ġrian ins an meaḋon lae, agus déanfad an talaṁ doṁċa i lá an troiair" (Amor viii. 9). Ó! a ċompánaiġ, créad é uaṫḃáraċt[10] na mbriaṫar so: "Luiġfiḋ, adeir Dia, an ġrian ins an meaḋon lae?"

---

[8] aiċreiḋ. [9] do ṫeaċt. [10] a uaṫbáruiġe.

Créad do ċiallúiġeas sud? Atá, an tan do ṡaoilesar an duine beiṫ i lár a aoise, i n-a neart agus i n-a ṡláinte, agus do bíos dúil aige mórán de bhliadhnaibh eile d'ḟaġbáil go macnaiseaċ ar an saoġal so, nuair do bíonn sé ag smuaineadh ar ṡaidhbhear, ar onóir, ar ṗoimp, ar ċúirteaċaibh, ar bainseaċaibh, agus ar gaċ aoibhneas eile saoġalta do ṫig leis d'ḟaġbáil, agus nuair adeir sé go díomhaċ dána i lár a aoibhneasa le n-a ċolainn féin na bhiaṫra úd do léiġmíd ag Naomh Lúcás: "A anam, is iomdha nídh maiṫ [atá] agat le haġaidh mórán bliadhan do ċur ṫart fós; iṫ agus ól, glac do ṡuaimhneas agus bí súgaċ" (Lúcás xii. 19), tiocfaidh tobainne an bás ċuige adéarfas leis: "Féaċ an bás ag teaċt isteaċ tar uisean do ṫiġe ċum cuarta do ṫabairt ort le fiadhnas tinntiḋe; 'Ó! a amadháin, ins an oidhċe so fuadóċaidh do náimhde d'anam uait, agus cia ar leis gaċ nídh do ċruinnis tú siamh'" (Lúcás xii. 20). An uair seo cuirfidh sgéala doilġeasaċa an bás a ċomhairleaċa thí n-a ċéile, a smuainte tar a ċéile, ceo ar a ṫuigsin, agus cruiṫ bás ar a ċorp go hiomṡlán.

Ó! créad é an cruiṫ do ċuirfeas sgéala seanbha an bás i gcroiḋe an duine atá lán mar mála píbe de ṡrádh an traidhbhis nuair adéarfas an liaiġ leis: "Déan anois fá ċoinnibh d'anma; so an lá deiḋeanaċ agat ar an saoġal so." An saiġdiúis agus an míleadh láidir agus an rí cróḋa comhaċtaċ, Saul, do bí i n-iomad de ċaṫaibh, do mharbh an iomad de ḋaoinibh, agus do sunne mórán de ġníomhartaibh cumasaċa gaisgeamhla i n-a laeṫibh nuair do-ċuala sé na bhriaṫra so: "I mbárraċ béidh tú féin agus do ċlann liomsa"[11] (1 Ríoġ xxviii. 19

[11] fanfiomsa.

—le n-a tuigṫear, 'i mbáṗaċ inṗ an ġcaṫ maṗbóċṫaṗ tú féin agur do ċlann'—do ċṗiocṫnuiġ ṗé ċoṁ móṗ ṗin ġuṗ ṫuiṫ ṗé i n-anbṗainne aṗ an dtalaṁ. Ná móṗ an cṗiocṫnuġaḋ agur an t-uaṫbáṗ, maṗ ṗin, do ġlacṗaṗ ṫuṗa, a boċtáin boiċt, nuaiṗ do béaṗṗaṗ bṗeiṫeaṁnaṗ báiṗ oṗṫ? Ó! an uaiṗ ṗeo tiocṗaiḋ in do ċuiṁne gaċ níḋ, beag nó móṗ, aṗ a ṗaiḃ gean nó gṗáḋ agat ṗiaṁ, agur caiṫṗiḋ tú a bṗágbáil ṫo ḋiaiḋ. Do ċoṗṗ, do-ġeoḃaiḋ ṗé báṗ aon uaiṗ aṁáin, aċt do-ġeoḃaiḋ do ċṗoiḋe báṗ le doilġeaṗ i n-aġaiḋ gaċ níḋ do ċaiṫṗeaṗ tú do ṫṗéigean. An uaiṗ ṗeo, i n-ionad an éadain bṗionnaiġ ṗúgaiġ do bí agat, béiḋ gnúiṗ doṗṫa lionn-dúbaċ agat ó gaċ cṗáḋ cṗoiḋe do-ġeoḃaṗ tú. Iṗ bṗeag taiṫneaṁaċ agat ṫo beaṫa bean ṗubáilceaċ agur clann deaṗ d'ḟeicṗint, ṗaiḋbṗeaṗ móṗ ḟóṗ, onóiṗ agur poimp, agur d'intinn do ṗáṗuġaḋ go moċ agur go mall ag ṗmuaineaḋ oṗṫa; aċt aṗ uaiṗ do báiṗ, béiḋ ṗiad ṗo uile i n-a gclaiḋṁṫiḃ ṗinn-ġéaṗa, i n-a ndealgaiḃ niṁe, agur i n-a ndeoċaiḃ ṗeaṗḃa agat. Tṗéigṗiḋ ṗiad ṫú go hiomṗlán; ní ḟéidiṗ leo congnaṁ ná caḃaiṗ do ṫaḃaiṗṫ [duit]. Béiḋ tú i n-aiḃéiṗ na bṗian móṗ gcoṗṗaṗḃa, ṗó-lag, ṗó-anbṗann, gan bṗíġ le 'uċ, uċ, iṗ uċán!' a ṗáḋ ċum ṗólár aṗ biṫ, dá laiġeaḋ, do ṫaḃaiṗṫ duit féin ón doilġeaṗ cṗoiḋe do béaṗ oṗṫ ṗáḋ ṗgaṗaṁain leiṗ an ṗaoġal, le do ċloinn, le do ċuid, agur le do ṁaoin. Do ṗmuainte, maṗ an gcéadna, aṗ an ṗiuḃal ṗada atá ag d'anam le n-a ḋéanaṁ ċum na ṗíoġaċta ṗíoṗṗaiḋe atá ṗóṁat, agur aṗ an áit ċoṁ-nuiḋṫe do-ġeoḃaṗ do ċoṗṗ inṗ an talaṁ ḟuaṗ ḋoṗṫa ċloċaċ; béiḋ ṗiad ad ċéaṗaḋ go daoṗ doċṗaiḋeaċ cṗuaiḋ dóċaṁlaċ.

Agus má 'r rian leat rgarámain le neiṫiḃ raoġalta, rmuain, a ḃoċtáin ḃoiċt, créad é a ḟeirḃe ḃéiḋ ré ag do ċorp rgarámain leo anam? Má 'r le deoraiḃ rúl agus le doilġear croiḋe do rgarfaidír compánaiġ le ċéile do ḃí ó indé go indiu i gcomhluadar a ċéile, goidé mar do ḃéiḋ a ċompánaċ an tan do cuirfear an corp agus an t-anam dá gcoṫuġaḋ féin i ḃfoċair a ċéile? Goidé mar do ḃéar nuair adéarfar d'anam leo ċorp: "Ó! a ċompánaiġ, an gcaiṫfiḋ mé an riuḃal ríorraiḋe reo do ḋéanaṁ gan do ċuideaċta?" Agus nuair do-ḃéarfar do ċorp mar ḟreagra uirṫe: "Ó, a ċéile mo ċroiḋe, cionnus ar féidir liomra fuireaċ liom féin id ḋiaiḋ? Ó! ir tú ṫug beaṫa, riuḃal, agus céadfaḋ ḋom." Leis reo rgreadfaiḋ amaċ go truaġánta an t-anam boċt cráiḋte leis na briaṫraiḃ ro do léiġmíd ins an Scriptúir naoṁṫa: "An mar rin do ḋealuiġear tú, a ḃáir ḟeirḃ" (1 Ríoġ xv. 32)?

Nuair do ġlacfar tú, a ċompánaiġ, rmuaineaṁ an dealuiġṫe reo id intinn, méadóċaiḋ díle doilġearra ionnat, agus dearcfaiḋ tú ar na háitiḃ cruaiḋe cráiḋte atá le faġḃáil gan ṁoill ag d'anam agus ag do ċorp, nuair do rgaoilfear an bár rnáiṫe do ḟaoġail agus do ḃeaṫa atá eatorra. Ar dtúir béiḋ uaṫḃár ort nuair ṫuigfir go gcaiṫfiḋ do ċorp, i gcionn lae nó ḋó, beiṫ curṫa i n-a ċonablaċ boċt loḃṫa ṁarḃ i bpoll talṁan. Goidé reo éireoċar duit, a boċtáin ḃoiċt? Do ċorp atá anoir go beo, do-ċíonn, do laḃrann, do-ċluineann, do luiġear agus d'éirġear, faoi ċeann uaire nó ḋó, go mbéiḋ ré gan anam, gan anál, gan ṁoṫuġaḋ, gan uplaḃra. Do ċorp atá tú do ċoṫuġaḋ leis an uile ḟórt beaṫa ar fearr ná a ċéile, a ḃfuil an ḟairrge

agus an talaiṁ do ċur in do [ḃealaċ], le biaḋ agus le diġ, dá ḟolaċ le fíoda agus fróll, le toġa deiġ-éadaiġ, agus naċ gcodlóċaḋ[13] aċt i leapaċaiḃ bogha teoġa, d'iarraiḋ[14] an uile ḟórt cúraim do ḃeiṫ i n-a ṫimċeall, do ḟeaċnaḋ an uile ḟórt anro do b'ḟéidir le droċ-aimsir tíre nó fairrge do ṫaḃairt dó—do ċorp naċ ḃranaḋ aċt i dtiġtiḃ móra fairringe gcala, ar hallaíḃ ḃreaġa gléarta agus i reomraíḃ deara oirnéalta, go gcaiṫfiḋ sé, faoi deireaḋ, ḃeiṫ fárta le teaċ ċoṁ cuṁang cráiḋte cruaiḋ leis an uaiġ ḃréin salaiġ, atá lán de ċnuiṁeoġaiḃ, de ċnáṁaiḃ, agus de ḃréantas, agus fuireaċ sínte innte i gcuideaċta conablaċ na marḃ eile ar dearmad go deireaḋ an doṁain. Ó! a ċompánaiġ, cé gur mór raiḋḃir tú, ní ḟuil i n-áit na hallaí móra fairringe le faġḃáil agat aċt cóṁra agus uaiġ ċuṁang ur-íreal, i n-áit na leabaiḋ bog te aċt cré ċruaiḋ ḋorċa ċloċaċ, i n-áit na n-éadaċ breaġ mór-luaiġ aċt an eirléine ṫruailliġṫe ḟalaċ, i n-áit an toġa bíḋ agus diġe falaċar agus bréantas, agus i n-áit an teaġlaiġ ṁóir ní ḟuil agat le do ċoṁmóraḋ aċt na ciaróga agus na daoil géara gortaċa.

Criotnóċaiḋ na smaointe seo tú i n-aimsir do ḃáis; aċt béiḋ uaṫḃás mór ort nuair do smuaineoċaiḋ tú goidé éireoċas dod anam nuair do scarfas sé le do ċorp. Nuair do ḋearcfas tú an tan sin, a ḋeoraiḋe ḃoiċt, ar an síorraiḋeaċt atá róṁat sa síoġaċt nuaiḋ i n-a ḃfuil tú id aonar ag dul, agus go dtuigfiḋ tú go ḃfuil slóir ṡíorraiḋe nó pianta síorraiḋe le faġḃáil innte do réir d'oibreaċa olca nó maiṫe, agus naċ ḃfuil

---

[13] codlóḋaċ. [14] d'iarruiġ.

a ḟior agat cia aca do-ġeoḃar tú, ní ḟéidir liom a ċur síos duit cadé méid na cnoċnaiġe agus an ċnagail do ḃéar ort, go háiriṫe nuair atá tú cinnte go dtiuḃarfar breiṫeamnas ort, faoi ċeann uaire nó dó, ḃeiṫ go síosraiḋe i nglóir ḟlaiṫeamnais nó go síosraiḋe i n-ifreann na bpian. Goidé an ṗioslóid ar mó ná so agat id luiġe i leabaiḋ an ḃáis? An dóċas an uair seo, tiuḃraiḋ sé misneaċ duit; do ċuimne, ar a ṡon so, ar do ṗeaċaiḋiḃ marḃṫa i n-aġaiḋ Dé, agus do smuainte ar ġéire an ḃreiṫeamnais síosraiḋe, ní leigfiḋ siad an eagla do ḋíbirt ó do ċroiḋe, go háiriṫe nuair atá a ḟior agat go ḃfuil breiṫeamnas Dé neimċinnte. Agus mar do léiġmíd, an tan do b'áil le Iacob a ċlann do ḃeannaċaḋ, d'aṫruiġ sé a láma, ag cur na láime deire ór cionn an té do b'óige agus na láime clé ór cionn an té baḋ sine, mar seo do-ġní Dia go minic leis na peaċtaċaiḃ i n-aimsir a mbáis. Cia air a ḃfuil ainḃfior go ndeaċaiḋ gadaiḋe na láime deire ar an gcroiċ go flaiṫeamnas, agus lúdár na feille ar caṫaois na habrataċta go fís-íoċtas isfinn? Neimċinnteaċt an ḃreiṫeamnais seo na glóire nó na bpian do ċaiṫfear tú 'ċloistin faoi ċeann uaire nó dó, ní féidir liom a ċur síos duit cséad an méid do ċriṫfiḋ sé do ċroiḋe i leabaiḋ an ḃáis. Ins an am so béiḋ aingil Dé ag feiṫeam le d'anam do ṫreoruġaḋ leo suas go tiġ Dé na glóire. Ar an dtaoḃ eile béiḋ diaḃail isfinn leigṫe séiḋ ċum d'anma do ṡracaḋ leo go tiġ na bpian, agus ní ḟuil a ḟior agat, a ḃoċtáin ḃoiċt, cia aca so áit i n-a raċaiḋ tú. Smuain, a ċompánaiġ, i n-am cséad an cnoċnuġaḋ agus an cnagal do ḃéar ar do ċroiḋe tuisneaċ an uair seo;

créad ċoṁ brúiġte cráidte ir béar tú id luiġe i leabaid an báir inr an gcontaḃairt déideanaiġ úd d'anma. Mearaim naċ ḃfuil ré le faġḃáil an té le' dtiocfaid fparmar d'anma do ċur fíor duit.

I láp do ṫrioblóide feo méadóċaid do ḃuaidreaṁ nuair do ċuiṁneoċar tú go gcaiṫfiḋ tú cunntar do ḋéanaṁ le Dia agur cunntar do ṫaḃairt dó ar an uile níḋ, beag nó mór, do rinne tú riaṁ i n-a aġaid ó rmuaineaḋ, ó ḃriaṫar, ó ġníoṁ, agur ó ḟailliġe. Méadóċaid na diaḃail d'uaṫḃár fán gcunntar géar cruaid fo ċum tú 'ċur i n-éadóċar ar ṫrócaire d'fáġḃáil ó Dia—na hilḟiartaí faiċa fo a béar féid leigte an uair úd le n-a gcraoraiḃ náiṁdeaċa forgailte ċum an anma boiċt do ḟlogaḋ ruar. Mar baḋ ġnáṫ leo le rliġtiḃ an traoġail [agur] le cealgaiḃ na colna trócaire Dé roiṁe rin i n-ár mbeaṫa do ṁéaduġaḋ dúinn, ċum uċtaiġ[15] do ṫaḃairt dúinn le dul ar ár n-aġaid in rna peacaidiḃ le handóċar i n-a ṫrócaire, déanfaid riad a ndíċeall an uair úd le n-a ṫrócaire do laġduġaḋ ór ár gcoṁair, agur méid agur géire breiṫeaṁnair Dé do ċur ór coṁair ár rúl. Ó! an uair úd, a ḃoċtáin boiċt, criotnóċaid tú ó ṁullaċ do ċinn go bonn do ċor, agur claonfaid tú ċum tuitim i n-éadóċar ó ṁeid agur il-iomad do ṗeacaide, agur béid tú ag rmuaineaḋ leat féin mar feo id intinn: "Dia Uile-ċoṁaċtaċ, an tan nár fpáráil ré a Ṁac féin fá peacaidiḃ an ċinid daonna, goidé mar déanfaid ré mire do fpáráil, do rinne na milte peacaḋ i n-a aġaid?" "Má ḃíodar fo ċoṁ trom ag an gcrann glas, goidé mar do béar

[15] uctuíġe.

riad ag an gcrann crían" (Lúc. xxiii. 31); ir é rin: má bí[16] riad ċoṁ trom rin peacaiḋe na ndaoine uile ar Íosa Críost i gcrann na croiċe, goidé mar do ḃéar d'ualaċ féin agatsa ḋíoḃ, mar do ċrían agus mar ċalcuiġ tú ionnta. Nuair naċ ndeaċaiḋ na fáiḋe, na habrtail, agus na mairtírġ, do ḃí i gcoṁnaiḋe ag molaḋ Dé ar feaḋ a mbeaṫa, ar neaṁ aċt le prantaiḃ mórа agus le prolóid d'ḟulang ar dtúir, goidé an áit i n-a raċaiḋ tusa, a ċompánaiġ ċrín léiṫ ṁalluiġṫe, atá ag bruiṫeaḋ aiṫeanta Dé agus na hEaglaise ar feaḋ do ḃeaṫa, aċt go hiffeann na bpian i gcuideaċta na ndiaḃal agus na ndeaṁan, muna ndéanfaiḋ tú an aiṫriġe i n-am? Muna ndéanfair bréagaċ an Sgriop-túir, adeir linn go dtiuḃraiḋ Dia don uile ḋuine do réir a oibreaċa, goidé ar mian leatsa, a ċompánaiġ, d'ḟaġḃáil uaiḋ an lá déiḋeanaċ, ar son gaċ uile uilc dá ndearnaiḋ tú i n-a aġaiḋ riaṁ, aċt iffeann na bpian mar luaċ raoṫair ar do ḋroċ-ġníoṁarṫaiḃ? Má'r fíor an níḋ adeir an t-Abrtal linn gur "do réir an tríl do ċuireann duine do ḃainfiḋ sé" (Gal. vi. 8), goidé an fóġṁar do ḃainfiḋ tusa, a ḃoċtáin ḃoiċt, i n-aimsir do ḃair aċt bár síorraiḋe dod anam, ó nár ṡtad tú i n-am riaṁ ar feaḋ do ḃeaṫa ó ḃeiṫ ag cur síl na duḃáilce i maċaire an Tiġearna, adeirim, id anam ḃoċt féin. Ó naċ raċaiḋ níḋ salaċ ar biṫ isteaċ go bráṫ i ríoġaċt Dé, goidé mar do ċuirfear tú ṁóṁat dul[17] isteaċ innte ċoṁ brocaċ salaċ is atá tú leo ḟeaċaiḋiḃ muna ndéanaiḋ tú an aiṫriġe i n-am, agus muna raoṫ-ruiġiḋ tú síoṫċáin duit féin le leoirġníoṁarṫaiḃ ó Íosa Críost?

[16] bíd. [17] do ḋul.

In do luiġe déideanać, gać peaćad marbṫa agur ro-loġṫa do rinne tú riam go héarga ar feaḋ do beaṫa le taiṫneam na colna, tiocfaiḋ riad uile mar ṫuile ṡléibe ro ċuiṁne, agur do-béarfaiḋ riad léim mar ṡluaġ náṁad ort. An uair seo, a boċtáin boiċt, oirgeóladiḋ eagla na bpianta síorraiḋe do ṡúile, do ḋruid sluim na gcoirṫe roiṁe rin. Tiocfaiḋ an uair sin an ġadaiḋeaċt, an drúir, an t-aḋaltrannas, an náiṁdeaćas, an craos, le gać droċ-gníoṁ dá raiḃ tú taḃarṫa riam ar feaḋ do beaṫa, ro ċuiṁne agur uċ! mo ṫruaġ, mo ṫruaġ, a ċompánaiġ, do ċos; goidé a ṫruime[18] do-ċífeas duit iad an uair seo, goidé ṁéid do ḃuaiḋrfiḋ riad ṫú i leabaiḋ an ḃáis i n-a mbéiḋ tú ad ċiosrḃaḋ ag piantaiḃ an ċuirp, le clis agur luiġeaćán na ndiaḃal, agur le heagla an ḃreiṫeaṁnais déideanaiġ?

As an bponnc a mbéiḋ an t-anam ag gluaiseaćt as an gcorp, tiocfaiḋ críoċ uaṫḃásaċ as do ċéadfaḋaiḃ uile; atfaiḋ d'uċt, dallfas na súile agus fuarfaiḋ na cosa. Tiocfaiḋ dać na húisne as d'aġaiḋ, éisteoċaiḋ cásrán ro sgórnaiġ agus tiocfaiḋ fuas-allas as altaiḃ do ċuirp go hiomṡlán ó ṁéid do ṗéine. Aċt cé gur mór agus gur leor na fásgṫa so do béarfas as an gcorp, is truime agus is uaṫḃásaiġe go mór na neiṫe do-ċífeas don anam boċt úd do ḃéas an uair seo smeasṫa brocać salać leis an bpeacaḋ. Léiġmíd as Naoṁ Iarion, as son gur iarr sé mar aṫċuinge go minic as Dia i n-a beaṫa an saoġal boċt so d'ṡásḃáil agus beiṫ as neaṁ na naoṁ, an tan do ṫainig an t-am

[18] truime gráinni (?)

ċum imirce do ḋéanaṁ, gur ċriocnuiġ ré ċoṁ mór rin roiṁ an mbár gur labair ré mar seo leis féin : "Imṫiġ, a anam, imṫiġ; ar feaḋ deiṫ mbliaḋan agus trí ficiḋ do rinne tú seirbís do Ḋia, agus atá eagla orṫ anois imṫeaċt ar an gcorp!" Ó! a ċompánaiġ, má ḃí eagla agus uaṫbár ċoṁ mór so ar an naoṁ mór so roiṁ an mbár, tar éis a ḃeiṫ dílear le haire [agus] le cráḃaḋ ag déanaṁ seirbíse do Ḋia gan fosrar ar feaḋ an oireas rin bliaḋan, créad mar ḃéar tusa i n-aimsir do ḃáis, tar éis an oireas rin bliaḋan nó níos mó do ċur ṫart, ní i seirbís Dé aċt, b'ḟéidir, i seirbís an diaḃail? Cá raċaiḋ tú má'r bás gan aiṫriġe ḋuit? Cia ġuiḋfear tú? Cia ais a n-iarrfaiḋ tú congnaṁ nó caḃair? Má is fuar ċum na ḃfliaiṫeas do ṫógfaiḋ tú do ḟúile, do-ċífiḋ tú cliaiḋeaṁ faoḃraċ díḃḟeirge Dé ór do ċionn; má is síor ċum an talaiṁ do ró-ċromfar tú, do-ċífiḋ tú cnaor ifrinn ar dian-leaṫaḋ agus orgailte ór do ċoṁair agus líonta[19] le diaḃlaiḃ ċum d'iomċair leo go tiġ na bpian. Má ḟéaċann tú ar an aimsir do ċuir tú ṫart ins an traoġal, do-ċífiḋ tú mar imṫiġ an uile níḋ mar scáile uait; má is ar an aimsir atá róṁat, an tsíorraiḋeaċt gan deireaḋ go bráṫ atá le fagḃáil agat. Ó! cia ler féidir é féin do ḟáḃáil gan ċongnaṁ Dé ins an ponnc úd an ḃáis ar ṁadraṁlaċt agus ar uṙcóid na ndiaḃal?

Adeir Naoṁ Gréagóir linn go raiḃ duine áiriṫe ann dár b'éigin, le caṫaiḋiḃ neartṁara na ndiaḃal, dul[20] do ḋíorróireaċt leo i n-aimsir a ḃáis, agus nuair do ċlaoiḋ siad é le n-a n-argóintíḃ lúbaċa bréagaċa, do

---

[19] cróċrán t. le diaḃluiḃ iṫfrinn. [20] do dul.

ġlac eagla é agus uaṫbár ċoṁ mór sin go dtug sé aġaiḋ ar ṫaoiḃ an ḃalla na leaṗṫa i n-a raiḃ sé sínte, ionnas naċ ḃfeicfeaḋ sé iad, agus nuair naċ dtáinig leis a ṡeaċnaḋ le n-a n-an-ġlór mór uaṫḃáraċ, d'iarr sé oraḋ coṁraic go maidin orṫa; aċt mar naċ ndearnaiḋ sé an aiṫriġe ná deaġ-oibreaċa ar biṫ nuair do ḃí an t-am aige, an tan baḋ ṁian [leis], níor ṫáinig leis aimsir na haiṫriġe d'ḟaġḃáil, agus do ṫoirḃir sé a anam salaċ i láṁaiḃ na ndiaḃal go hiffeann. Goidé, mar sin, do ḋéanfar tusa, a ḃoċtáin ḃoiċt úd, cibé ar biṫ tú, atá ag taḃairt cúil don aiṫriġe agus do na suḃáilcíḃ anois i do ḃeaṫa, i n-aimsir do ḃáis? Ar do ċúl an uair seo ní féidir leat dul,[20] ar d'aġaiḋ níor ṁian leat, agus ins an staid úd ní leigfear duit suiteaċ i ḃfad. Ó! dá dtuigfimís goidé ṁéid de ċontaḃairt an caṫ so, créad a ṫsuime do ḃéar ár ndroċ-ġníoṁarṫa i scála a ċeist, agus créad an crád croiḋe do ḃéar ar na peacṫaċaiḃ ag feiṫeaṁ ar an mbreiṫeaṁnas do ḃéarfar orṫa, ḃéaḋ beaṫa againn níor feasr ná atá, agus ní ḃéimís ċoṁ fuar, ċoṁ failliġeaċ, ċoṁ sraḋánta sin is ataímíd.

Aċt créad é do ḃacar díot, a ḃoċtáin, gan na neiṫe seo do ró-ṫuigsin roiṁ sae? An féidir a ḟéanaḋ naċ ḃfuil siad ċoṁ follus le solas na gréine úd atá ós do ċoṁair ar na flaiṫis? Naċ dtairbeánann do nádúr féin duit iad do ḃeiṫ fíriunneaċ gan aṁras ar biṫ, agus go scaiṫfiḋ tú báṫ d'ḟaġḃáil? Atá an creideaṁ dá ḋearḃaḋ so duit; atá an gnáṫ go laeṫeaṁail dá ċur síos duit. Cá ndeaċaiḋ d'aṫair agus do ṡean-aṫair agus do ṡinnsear uile suas go hÁḋaṁ? Naċ ḃfuair siad uile báṫ? D'imṫiġeadar mar naċ mbéidís riaṁ

ann, agus caiṫfir-se a leanṁain i mbealaċ an ḃáir fá ḋeireaḋ, i mbárraċ nó amanarṫar. Ní ḟuil níḋ ar biṫ de neiṫiḃ an traoġail, mar adeir Naoṁ Aiḃirtín, naċ féidir an focal so 'b'ḟéidir' do ráḋ leis aċt an bár aṁáin. An mbéarfar mac duit? 'B'ḟéidir' go mbéarfaiḋe. An dtiocfaiḋ sé ċum éifeaċta? 'B'ḟéidir' go dtiocfaḋ. An bróṫfaiḋ sé bean. 'B'ḟéidir' go bróṫfaḋ. An mbéarfar clann dó? 'B'ḟéidir' go mbéarfaiḋe. An ḃfuiġiḋ sé bár? Ó! ní ḟuil áit ar biṫ annso ag an ḃfocal 'b'ḟéidir.' Do-ġeoḃaiḋ sé bár gan aṁras ar biṫ, agus, mar adeir Iób naoṁċa linn, "an uaiġ aṁáin atá le faġḃáil aige" (Iób xvii. 1).

Atá raoġal an duine, a ċompánaiġ, ċoṁ geapp rain naċ déantar aċt áṫraċ ón mbroinn ċum na huaiġe. Glac ar an áḋbar sin, a ċara ionṁain, coṁairle an eagnaiḋe: "Cuiṁniġ go minic ar do ċríoċaiḃ déiḋeanaċa" (Ecclus. vii. 40), an feaḋ ḃéar siuḃal agus airteas agat, ciall, cuiṁne, céadfaḋ, neart agus sláinte, agus má ġní tú so mar ar cóir, geallann an Spiorad Naoṁ ḋuit naċ bfeacóċaiḋ tú go bráṫ. Cuiṁniġ go minic ar na piantaiḃ móra do ḃéar ar do ċorpán ḃoċt i n-aimsir do ḃáir, ar do ċeiṫre ċéadfaḋaiḃ an uair seo, ar eagla d'anma, agus go gcaiṫfiḋ tú an raoġal so d'ḟáġḃáil id ḋiaiḋ agus gaċ níḋ ar a raiḃ gean nó gráḋ agat riaṁ ann, agus mar do caiṫfear do ċorp do ċur isr an talaṁ, i n-áit a mbéiḋ sé dá iṫe, dá ḟollaḋ, agus dá ċreimeaḋ leis na cnuiṁiḃ géara gortaċa, agus go gcaiṫfiḋ an t-anam sin atá id ċliaḃ dul i láṫair an ḃreiṫiṁ ṡíorraiḋe, Íosa Críost, agus déana an aiṫriġe go dúṫraċtaċ i n-am, ionnar go dtiocfaiḋ leat dul go glan-ċuṁsa raor ó ḟeacaiḋiḃ i n-a láṫair.

Ċum tú ṁúrgladh ċum leas d'anma, cuir i n-a diaidh reo na bhadhra ro eile : "Ó! a ċompánaiġ, do-ċluin an ḟírinne reo uile, glac ro uaim ghil."

[Míċeál Ua Longáin d'aiṫrgníoḃ, 1819.]

SEANMÓIR A hAON-DÉAG.

AR LÁ AN BREITEAMHNAIS.[1]

In gach oifig, in gach cúram dá dtugtar do ṡearbḃ-ṡóganthaiḋe inr an tradgal ro, ir mór an poinnte eagna agur céille a ṁear agur cuiṁneaṁ i n-a ṁeanmain agur i n'intinn cad é an cunntar nó an díolaiḋeacht éileoċtar air ó an té do ċuir an cúram rin air; nó cad é an rórd duine, tigearna, nó uachtarán do ṡocruig inr an bṗeadamannar rin é; nó an raiḃ an tigearna céadna rin cruaiḋ, nó doċt, nó géar-ċúireach; nó an raiḃ ré réiḋ rocair ríteoilte ċum ṗéaċaint i ndiaiḋ an ċunntair go cruinn, go léir, agur go glic; nó an raiḃ ré ṗuar rilte failligeach neaṁ-imniḋeach[2] ċum gach n-aon dá raiḃ ṗá n-a rmacht do ṫaḃairt ċum cunntair in gach gnó, feiḋm, nó cúram dár ċuir orṫa. A ḋuine 'n-a dtugaḋ an ṗeadamannar ro ḋuit, cuiṁnig an bṗuil coṁacta ag an té do ċuir ar do láiṁ é díolaiḋeacht ċruaiḋ ḋoċaraċ ḋóigte do ḃuain díot, muna ndéanann tú an gnó rin do réir na haiṫne ṫug ré ḋuit? Ir uara do gach n-aon 'n-a bṗuil meaḃair, tuigrint, nó éirteacht, nó aon rplannc céille i n-a ċeann, cuiṁneaṁ ar an méid reo[3] i n-ár ndiaiḋ.

---

[1] Murphy MSS. Vol. XLII. pp. 377-384.

[2] neaṁimnioċ pattṡuar [=pot-ṡuar (?) .i. "ṡuar-ṫe," "iomṡuar ir te."]

[3] an dá ṗoinnte ro; acht ir baogalach nach bṗuil iomlán an treanmóra againn annreo.

D'fógair Dia don doṁan a aiṫeanta do ċoimeád, mar léiġtear in Ecrodur (xix. 16), i ngud trompa bád ḟió-ġlóriṁar,[4] i dtóirniġ agus i dteintreaċaib, i gcóir ṡgannrad, eagla, uaṫbár, agus cruṫ-eagla do ċur ar an té do bríread an dliġe. [Ar] an ṡgannrad ro agus [ar] an ṁórdaċt do-beir Naoṁ Pól cunntar ag ṡgríobad ċum na n-Eabrać (xii. 18-21), [ag a dearbad] gur ceart dúinn cruṫ cor ir láṁ do beiṫ orainn ar eagla aon ḟonnc den dliġe do bríread. Do-ċímíd na dliġṫe do-ġníd impiri, ríġṫe, agus prionnraí mór-ċoṁaċtaċa na talṁan, a ċruinne, 'léire, 'ċruadálaiġe caiṫfear a gcoimeád ir a gcóiṁlíonad. An gcuiṁniġ-míd caidé an breiṫeaṁ ṫiocfaid ag baint cunntair dínn? Dearbann Naoṁ Pól, ag ṡgríobad ċum na gCoirintinneać, go gcaiṫfimíd go léir freagairt i láṫair ríġ-ḟuideáċáin Ċríosd, agus go bfuigid gaċ aon a ḋualgar, maiṫ nó olc, do réir mar ċaiṫ ré a beaṫa ar an raoġal ro (2 Cor. v. 10).

Cóiṁ-neartuiġeann Críosd, ár Slánuiġṫeoir, an níd céadna, mar adeir ré go mbainfid ré díolaideaċt dá ḟearbḟóġantaidṫib inr na tallanaib do fuaradar inr an traoġal ro (Maṫa xxv. 19); agus do-beir ré cruinnear foirlíonta ar an gcunntar rin, mar adeir: "Tiocfaid Mac an Duine i nglóire a Aṫar mar aon le n-a ainglib, ċum géar-ċunntar do lorg, agus ċum a ḋualgair do ṫabairt do gaċ n-aon do réir a ḋeaġ-oibreaċa" (Maṫa xvi. 27); agus fós ar an áḋbar agus ar an lá céadna: "Adeirim-re lib, gaċ aon focal díoṁaoin ṫiocfar ar bur mbéalaib amaċ, go gcaiṫfear

[4] gur a ngud barróglorṁar trompa.

cunntar do ṫaḃairt ann lá an ḃreiṫeaṁnair, ní hé aṁáin in ár ngníoṁarṫaiḃ, acht in gach aon trliġe i n-ar ċuireamar fearg air" (Maṫa xii. 36, 37), de ḃríġ go n-abrann[5] sé féin: "Is mire an breiṫeaṁ agus an fiaḃnéirḋ" (Ier. xxix. 23). Innirtear dúinn, mar an gcéadna, ná fágfar aon ṁion-loċt gan rgrúdaḋ gan cuardaċ go fríoċnaṁaċ,—*scrutabor Ierusalem in lucernis* (Soph. i. 12).

Ḃaḋ ċeart cuiṁneaṁ go grinn [ar an mbreiṫeaṁnar], ar Ecclesiasticus, mar adeir: "Cuiṁniġ ar do ċríoċ-aiḃ déideanaċa, agus ní ḋéanfaiḋ tú peacaḋ go bráṫ" (vii. 40). Adeir Dáiṫ Rí: "Do ṫugar aire do ṡliġtiḃ mo Ṫiġearna agus níor ċionntaċ mé i malluiġṫeaċt i n-aġaiḋ Dé, mar do ḃí a ḃreiṫeaṁnar de ṡíor ór ċoṁair mo ṡúl agus im ṁeanmain de ġnáṫ, agus béiḋ mé ionnraic dá láṫair, agus coinneoċaiḋ mé ó an malluiġṫeaċt" (Sailm xvii. 22-24). Ag ro mar adubairt an fáiḋ naoṁṫa, Maoise, an tan do-ċonnairc sé clann Israel go neaṁ-ṡuimeaṁail ceann-dána ag déanaṁ na bpeacaḋ: "Ó, a ḋrong gan ċoṁairle gan eagna, monuar! naċ gcuiṁniġeann siḃ ar lón éigin do ḋéanaṁ fá ċoṁair an lae ḋéideanaiġ" (Deut. xxxii. 28, 29)? Agus adeirtear, mar naċ dtigeann díoġaltar Dé d'urċar ar an ndruing malluiġṫe, go ndéantar[6] gaċ fear-fógra do ṫaḃairt dúinn go laeṫeaṁail rinn féin d'ullṁuġaḋ fá ċoṁair an lae úd an uaṫḃáir.

Bíoḋ a fior agat, a ċríortaiḋe, go n-abrann[5] Naoṁ Pól, ag rgríoḃaḋ ċum na n-Eaḃraċ: "Atá sé cinnte

---

[5] ndéir. [6] ndeánta gaċ fofógraḋ dá.

ag gach n-aon bár d'fágbáil agus i n-a dhiaidh sin a bhreithéamhantar" (ix. 27). Is fíor gur ceart dúinn é seo do thuigsint i mbár Lasarar agus an duine saidhbhir,[7] mar léigtear gur tógbhadh Lasarar le sluaigte aingeal go bhroillach Abrahaim i bhaspthar, agus an duine eile le sluagh diabhal agus deamhan go borbh-theinte isinn chum bheith dá dóghadh is dá loisgeadh ar feadh na síorsaidheachta (Lúcás xvi. 22).

Bíodh a fhios agat gur ab é seo an lá i n-a ndéanfaidh Críost ceart dó féin agus ceart duitse, a dhuine bhoicht. So an lá i n-a n-adhmhóchaidh tú féin ná deasma Dia éagcóir orst. So an lá nach mbéidh aon fhormad agat le luicht an traidhbhis. *Beatus vir qui suffert tentationem; quoniam cum probatus fuerit, accipiet coronam vitae* (Séam. i. 12). 'Ní raibh acht real gairid agat fá mhoghraine an tsaoghail, acht adeisium gur fhuilngis go foighdeach gach anró dár buailead orst.'

Atáid cheithe príomh-ádhbair ag Dia fá'n mbreithéamhnas sgoithcheann so .i. an chéad ádhbar, ar n-éirghe don chorp an lá úd ar an dtuamba agus a tháthughadh le n' anam, go mbéidís fann-fháirtheach[8] le chéile i nglóire nó i bhpéin, do réir mar chaithfeadar a mbeatha ar an saoghal; an dara ádhbar, mar bhí Críost, ár Slánuightheoir, bocht tarcaisneach uisi-íreal ar an saoghal so, go dtairbeánfadh sé don dhoimhan a ghlóire, a chomhachta, agus a chumas, agus go ronnfadhach dá náimhdibh malluighte, ar mbeith dóibh go léir cruinn bailead i bhfochair a chéile, mar nach bhfeic[f]idís a ghnúis go bráth arís; an tríomhadh hádhbar, chum go bhfeicfead gach n-aon a ndualgas dá thabairt do

[7] traibhis fail. [8] fo-fháirtheach

na naoṁaiḃ agus do na peacṫaċaiḃ ór coṁair an doṁain ṁóir le ċéile[9]; an ceaṫraṁaḋ háḋḃar agus an t-áḋḃar déiḋeanaċ, mar nać mbeirid leo an ṁaiṫ nó an t-olc ag imṫeaċt ar an raoġal ro, mar atá a nproċ-ṡompla nó a n-deaġ-ṡompla, a n-oideaċar d'ḟágḃadar ar an raoġal i n-a ndiaiḋ, mar nać ḟéidir a mbreiṫeaṁnar a ṫaḃairt dóiḃ go foirlionta go nuige an lá ro. Adeirid na diaḋairí go mbéiḋ glóire Naoiṁ Ṗól ag méadugaḋ go deireaḋ an doṁain, agus, mar an gcéadna, pianta agus pionóir na n-eiricíḋ malluiġṫe agus gać droċ-ḟeacṫaiġ eile d'ḟág droċ-ṡompla ag na daoiniḃ i n-a ndiaiḋ ar an raoġal, aiṫreaċa ir máiṫreaċa[10] ir gać oide múinte eile : *Et tunc reddet unicuique secundum opera eius* (Mata xvi. 27).

Adeir Críost, ár Slánuiġṫeoir, ag Mata : "An tan do-ċluinfiḋ fiḃ fuaim ir foṫram, cogaiḋ agus áro-tuargain i mearg na gcríoċ, ná bíoḋ eagla orraiḃ, óir ní fulair na neiṫe reo do ṫuitim amaċ, agus ní ṫiocfaiḋ deireaḋ an doṁain ċoṁ luaṫ rin; éireoċaiḋ fioċt i n-aġaiḋ fioċta, agus béiḋ bruireaḋ-talṁan, fláiġ ir gorta, agus coṁarṫaí ó na flaiṫearaiḃ" (xxiv. 6, 7). Adeir Ġréagóir Naoṁṫa go dtiocfaiḋ mórán roiṁ an aṁgar déiḋeanaċ. Tugann Doṁnall agus Naoṁ Eoin réiṁ-innrin go dtiocfaiḋ tamall roiṁ an mbreiṫeaṁnar gcoitċeann, go ḃfoillreoċṫar mac an ḟeacaiḋ, mac na n-olc, ar a dtugṫar Anticríost .i. fear cogaiḋ i n-aġaiḋ Críost (Doṁ. vii.-xii. Tairb. xx. 7-15). Déanfaiḋ ré reo, tar éis buaḋċaint ar an ndoṁan, áro-ḟlaiṫ de

---

[9] ċéile 7 na duine mallaiġte na feicfiḋ a ġnúir go bráḋaċ.

[10] ó aiṫreaċa ira ṁaiṫreaċa.

féin ar an gcruinne, agus déanfaid sé níos mó de léirsgrios, de bhúgadh, de dhortadh fola ar dheagchríostaidhthibh agus ar na neamh-chionntachaibh ar feadh tamaill big, mar ar í sin an aimsir chaithfidh sé ag déanamh gach olc dá gcomhairleochaidh a mháighistir, an diabhal, dó do dhéanamh. A chríostaidhe dá dtug Dia ciall is meabhair, ullmhuigh[11] tú féin anois fá chomair an lae úd.

Ar na comharthaibh dochífear an lá sin: doracfaidh an ghrian; béidh an ghealach i n-a fuil; na réilte gan solas, agus ag tuitim dá ngabhlaibh (Mata xxiv. 24); an talamh ar n-a chomh-luasgadh le bhrisead-talmhan foir-éigneacha; an fhairrge mhór ag at agus ag tógbháil a tonn ins na sréartaibh le mór-anfadh; na dúile ar measughadh agus an chruinne cheathrdha ar baill-chrith (Lúcás xxi. 25); "Lá an Tighearna," adeir an fáidh, "lá an dorchadais, lá gaoithe, lá míliche,[12] lá tormáin agus néal; foimhe caosa dearga, agus i n-a diaidh lasfaca sgread-loisgthe" (Ioel ii. 2, 3).

A dhuine i n-a bhfuil do chiall, do mheabhair, do thuigsin is do fhláinte agat, cuimhnigh ar an lá úd sul dtiocfaidh sé agus lón de na deagh-ghníomhartaibh do chur i n-oir-chirte na bhflaitheas fá n-a chomair. A dhaoine díomasacha faidhbhe uaibheacha an tsaoghail seo, cá ngeabhaidh bhur gcuid óir nó airgid, bhur bpálais, bhur gcaisleán, bhur ndún-phuirt? Cá ngeabhaidh bhur ngleannta, bhur gcoillte, bhur mbánta, bhur gcluanta, bhur n-uball-ghuirt? Ag sin iad uile ar caos-lasadh ór bhur gcomair. Féachaidh anois a dhíomhaoine, a fhuasaighe[13] na neithe i n-ar chuireabhar bhur ndúil, bhur ngean, nó gráidh bhur gcléibh; ag sin iad

[11] follaimh. [12] milthe. [13] fhúabhorúigeadh!

go léir i n-a luaiṫ ór ḃur gcoṁair. Anoir, a ḋuine, fuaṫaiġ an raoġal agus a ḋíoṁaoinear d'imṫeoċaiḋ feaċad mar néil.

Ag ro críoċ an doṁain. Seinnfiḋ an t-árd-aingeal Míċeál an barra buaḋ, agus adéarfaiḋ na focail seo: "Éirigiḋ, a ṁairḃ, agus tagaiḋ ċum an ḃreiṫeaṁnair," glór agus fuaim do-ċluinfear ar neaṁ ir i n-ifreann agus go ciuṁraiḃ corp-leaṫana na cruinne. Le fuaim an ġoṫa ro éireoċaiḋ clann Áḋaiṁ uile le coṁaċta a n-Aṫar ríoraiḋe, ó n-a dtoraċ go dtí an duine déiḋeanaċ, ar aon láṫair aṁáin, agus raċaiḋ gaċ anam i n-a ċolainn féin arís, agus ní fgarfaid le ċéile ar feaḋ na ríorraiḋeaċta.

Féaċaiḋ, a ċáirde, an t-eidir-ḋealbaḋ béar idir an ḃfírean agus an peacṫaċ. Éireoċaiḋ an fírean le n-a ċorp glórṁar, níor lonnraiġe[14] ná an ġrian agus ná réilte na ḃflaiṫear; agus an peacṫaċ le n-a ċonablaċ gloinnṁar gráineaṁail, tuitfiḋ ré le trom-ualaċ a ṗeacaḋ go fír-íoċtar ifrinn. Atáid uile cruinn baileaċ ar aon láṫair aṁáin i ngleann Iorafat, agus Mac an Duine ag teaċt i néalaiḃ niṁe maille le coṁaċtaiḃ ró-ṁóra, agus an ċror ċéarta ag teaċt idir na haingealaiḃ. Ag ro an ḃreiṫeaṁnar déiḋeanaċ: "Tagaiḋ liomra, a ḋream na mbeannaċt, agus glacaiḋ feilḃ na gloire atá ar ullṁuġaḋ ḋíḃ ón tríorraiḋeaċt" (Maṫa xxv. 34). Monuar! cad adéarfaiḋ ré leir an ndream noamanta: "Imṫiġiḋ, a luċt na mallaċt, go

[14] Lónṁaire

teine ifrinn, áit i n-a mbéid fíd [do] dúr ndóigh ir [do] dúr iorgaid ar feaid na fíorfaidheacta" (Mata xxv. 41).

[Eoghan Toibín d'aithrgníoh, 1817.]

SEANMÓIR A DÓ-DÉAG.

ORATIO IN LAUDEM SANCTI COLUMBANI.[1]

IS TAITNEAMHAC linn beit ag labairt ar na daoinib oirdearca do fugad agus do mair i n-ár meafg. Is taitneamhac linn beit ag labairt orta fo do teagafg finn maille le n-a bfoghluim agus le n-a ndeagh-oibreacaib, d'foillrigh finn maille le n-a n-eagna agus le n-a fubailcíb. Act is taitneamhaighe go mór linn beit ag labairt ar na naomhaib agus ar ár n-aitreacaib do bí i n-a laetib fearmhac ar fon an chreidimh, óir is iad ár n-onóir agus ár nglóir.

Má d'aitin Dia do cloinn Israel cuimhniughad ar na fean-laetib i n-ar fuargail Maoise iad ó Pharaoh agus ó anbfuid na hÉigipte (Deut. xvi. 3); má deir an fáid Israiah le muinntir a lae féin: "Féachaid ar Abraham, bur n-athair, agus ar Sarah do fug rib" (li. 2); agus má d'órduigh an rí uafal árd-naomhta, Dáibhí, dá chuallacht Dia d'árd-mholad le iomrlán a gceroidhe, de bhríghe gur fug fé buaid ar a náimhdib, nach dual go mbéad[2] finne cuimhneach ar laetib ár naomh do fug buaid, ní ar náimhdib faoghalta amháin, act ar 'nachtaránaib agus ar chomhachtaib' (Eph. vi. 12)? Nach dual go bfeachfaimis[3] go minic le díoghras agus le cumann orta fo d'foillrigh dúinn an Soisgéal agus fsiorad an tSoisgéil, d'fág

---

[1] Murphy MSS. Vol. 97, pp. 107-110. [2] n.beid. [3] bfeachamais.

againn fompla lonnrad a mbeada féin cum rinn do rtiúrad ran trliże cóir, i n-aon focal, do duill dóib féin glóir ó Dia, dúinne ámo-céim inr na críocaib i n-imcian, agur d'Éirinn an gairm oirdeirc 'Inir na Naomh?'

Gid gur iomda duine[4] diada d'fág ár dtír cum an Soirgéal do chaobrgaoilead, ní raib neac bad mó clú de dhruim a deag-oibreacha agur a fubailcí ná ádbar na hóráide seo. "Cia hé féin agur molfaimíd é, óir do rin sé neirte iongantacha i n-a beacha" (Ecclu. xxxi. 9)? Naomh Colmán,[5] ainm com taitneamhac le ceol binn; Naomh Colmán do bí i n-a 'foitead tożża ag an Tiżearna cum a ainm d'io ncar i bhriadnaire na níżże agur cloinne Israel' (Gníomh. ix. 15); Naomh Colmán, 'lán de chreideamh agur de comhacht, do rin míorbaile agur comhartai mórа i mearg an phobail' (Gníomh. vi. 8).

Deirid na hugdair ar mó teirt gur rugad ár Naomh timcheall meodain an reiread céad bliadain d'aoir ár Slánuiżteora, agur go dtáinig sé ó threib uarail. Agur é fór i dtúir a óige do bí sé gan béim gan locht, 'agur d'fár sé ar agaid agur do bí sé i ngreann ag an Tiżearna agur ag daoinib' (Lúcár ii. 52). D'aitin sé go luat, óir d'foillsiġ Dia a chroide, gur deacair na fubailcí do taitiże agur do coimhéad ran traożal anbroideac[6] so; gur lag neamh-fearmhac é nádúr an duine. Uime rin do tóg sé rún daingean diúltad don uile, agur é féin do tiomnad do Dia mar feirbíreac díleas go brát. Cum so do cur i ngníomh d'fág sé a áit dúthcair, agur tar éis dó beit realad fá teagarg

[4] do'n iomde daoine. [5] Colm, *pass.* [6] anbhródac.

daoine áirithe diadha, chuaidh fé don mhainistir bádh mó clú ins na laethibh sin i nÉirinn .i. Beannchor. Annsa do chuaidh ar aghaidh chomh héarsa sin fá chuing an chráibhaidh i bhfoirbhthéacht gach fírinne gur fhásuigh fé go luath an uile dá dheasbhráithreachaibh in gach rubhaithce. Tar éis dá bhliadhain déag do chaithemh mar so do ghabh mian é an Soisgéal do chraobhsgaoileadh i n-áit éigin nár cualadh fós a ghlór binn-ghothach. Uime sin, ar nós Abraham i n-allóid (Gen. xii. 1), d'fhág sé a thír féin agus a chineadh mar aon le n-a dheisgiobloibh, agus do chuaidh don tír d'fhoillsigh Dia dó.

Ó! a lá shona don tír i n-ar chuaidh Colmán, óir 'do-chonnacadar solas mór, an dream do bhí i n-a suidhe i ndorchadas agus i sgáile an bháis' (Lúcás i. 79). Ardhuighean sé a ghuth go hárd ag foillsiughadh dóibh tosach bhéadh iomchubhaidh don aithrighe do thabhairt uatha (Matha iii. 8). Féach an tosach! Atá na milte ag teacht ag tsiall air chum teagasg agus cómhairle d'fhaghbháil; diúltaid an uile dá ndoch-chlaontaibh. Dóibh seo do bhí toilteanach a mbeatha do chaithemh fá chuing an chráibhaidh do thug sé siaghail naomhtha, siaghail d'fhanann fós ins an Eaglais, agus siaghail do thairbeánann dúinn go soiléir sprioradh agus eagna an té do chum í.

Acht cionnas do labharfaimíd ar a thréithibh eile gan teorsa? Ar a cheannracht, ar a ghrádh don uaigneas, ar a chaithannacht ionnsaic, ar a mhisneach neamh-eaglach do-bheir dó searamh suas i n-aghaidh díoghaltas agus uachtarán na talmhan, ar a mhiorbhailibh iongantacha? Mar, faoi n-a chumacht searsann an t-eisiceach, tuitid íomháighe na ndé bréagach ó chéile, sithid na sruthacha ón gcarrais chruaidh, agus adhmaighean an uile chréatúir mórdhacht agus glóir

Dé i bpearsa a ḟeirbíriġ; agus, ar an am gcéadna, atá ċoṁ humal leis an duine ar suaraiġe ar talaṁ. Ní ḟuil glóir aige i n-aon níḋ raoġalta aċt gur Éireannaċ é, go mbaineann sé le Eaglais Éireann nár ḟulaing riaṁ aon níḋ i n-aġaiḋ an ḟír-ċreidiṁ agus naċ raiḃ riaṁ i n-a hionad tosnuiġṫe ag lúdaċ ná ag eiriceaċ, agus do bí i gcoṁnaiḋe dlúiṫ-ċeangailte do ċaṫair Ṗeadair.* Do b'é seo Naoṁ Colmán. Lán de ċreideaṁ agus de ċuṁaċt do ṁair sé; lán de bliaḋantaiḃ, lán de ṡubailcíḃ, lán de naoṁṫaċt d'éag sé.

Ó! a Éire ṡona, bí lúṫġáireaċ; mairfeann Colmán ṡór. Mairfeann sé i n-a ḋeaġ-oibreaċaiḃ; mairfeann sé san sriorad d'ḟág sé againn, an sriorad do-ḃeir do ṁórán i n-ár laeṫiḃ féin a dtír d'ḟágḃáil ċum an Soirġéal do ċraoḃġaoileaḋ i gcríoċaiḃ i n-imċian, an sriorad do-ḃeir dúinn, tré gaċ anró, beiṫ searṁaċ díleas dár gcreideaṁ. Bí lúṫġáireaċ, mar atá tú ṡór ċoṁ dlúiṫ-ċeangailte do ċaṫair Ṗeadair agus do bí tú ins na laeṫiḃ úd, go bṡuiliḋ d'earbuiġ agus do ċléir ċoṁ humal ċoṁ ṡomóraċ d'uġdarraiḃ na hEaglaise anois agus do bíodar so d'imṫiġ romra. Agus má 'r áḋbar dubróin agus doilġir duit go bṡuil an t-eiriceaċ agus na lúdaiġ i n-ár mearg, ná bí éadóċaraċ. Árduiġ suas do ċroiḋe; cuir do ġuiḋe ċum Naoṁ Colmán, ionnas, tré a urnaiġṫiḃ sin, go dtiocfaiḋ linn uile

---

* *Cf. Epistola Quarta Columbani ad Bonifacium : Nos enim sanctorum Petri et Pauli et omnium discipulorum . . . discipuli sumus, toti Heberi . . . nihil extra evangelicam et apostolicam doctrinam recipientes : nullus haereticus, nullus Iudaeus, nullus schismaticus fuit; sed fides Catholica . . incussa tenetur.*

'teacht i naoṁtacht an chreidiṁ agus eolais ṁic Dé' (Eph. iv. 13), dár dual molaḋ agus glóir agus onóir ó ṡaoġal go saoġal.

[Donnchaḋ Ó Maġġaṁna, 1844.]

An Cló-Ċumann, Teo., Baile Áṫa Cliaṫ.

LIBRARY
CHICAGO
THE NEWBERRY

LIBRARY
15
JUL
1976
UNIVERSITY OF TORONTO

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY

101501318068

UTL AT DOWNSVIEW
D RANGE BAY SHLF POS ITEM C
39 14 10 02 02 011 0